

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025
(OR. en)**

8775/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0106 (COD)**

**PECHE 119
CODEC 577**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	12 Bealtaine 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 195 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT), Rialachán (AE) 2018/975 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Limistéar Choinbhinsiúin na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO), Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, Rialachán (AE) 2021/56 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha, Rialachán (AE) 2022/2056 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir, Rialachán (AE) 2022/2343 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 195 final.

Faoi iamh: COM(2025) 195 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.5.2025
COM(2025) 195 final

2025/0106 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT), Rialachán (AE) 2018/975 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO), Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, Rialachán (AE) 2021/56 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha, Rialachán (AE) 2022/2056 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir, Rialachán (AE) 2022/2343 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is é is cuspóir don togra bearta áirithe a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, ar bearta iad a ghlac na hEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna) seo a leanas: an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT), an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO), Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO), an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha (IATTC), an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) agus an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC).

Is é ICCAT an ERBI atá freagrach as tuinníní agus acmhainní iascaigh atá cosúil le tuinníní a bhainistiú san Atlantach agus sa Mheánmhuir. Tá d'údarás ag ICCAT cinntí (moltaí) a ghlacadh maidir le caomhnú agus bainistiú na n-iascach atá faoina chúram, agus tá na cinntí sin ceangailteach ar na Páirtithe Conarthacha. Is ar na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún go háirithe a dhírítear na moltaí sin, ach cuireann siad oibleagáidí ar oibreoirí (e.g. máistrí soithí) freisin. Tá feidhm ag na moltaí sin maidir le limistéar Choinbhinsiún ICCAT amháin, lena gcumhdaítear an mhórmhuir agus limistéir eacnamaíocha eisiacha na bPáirtithe Conarthacha. In Airteagal VIII(2) de Choinbhinsiún ICCAT, luaitear go mbeidh éifeacht ag moltaí ICCAT maidir le gach Páirtí Conarthach 6 mhí tar éis dháta an fhógra ó Choimisiún ICCAT agus go gceanglaítear ar na Páirtithe Conarthacha iad a chur chun feidhme. Le hAirteagal 3(5) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, foráiltear go rannchuideoidh an tAontas le comhlíonadh docht an dlí idirnáisiúnta. Cuireadh na moltaí caomhnaithe agus forfheidhmithe is déanaí de chuid ICCAT chun feidhme i ndlí an Aontais trí leasuithe ar Rialacháin (AE) 2017/2107¹, (AE) 2023/2053² agus (AE) 2023/2833³ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Leis an togra seo, cuirtear chun feidhme na moltaí a ghlac ICCAT ag na cruinnithe bliantúla dá chuid in 2023 agus 2024.

Is é SPRFMO an ERBI atá freagrach as acmhainní iascaigh san Aigéan Ciúin Theas agus sna farraigí máguaird a bhainistiú, seachas tuinníní agus le speicis atá cosúil le tuinníní. Tá an tAontas ina Pháirtí Conarthach in SPRFMO ó bhí 2010 ann. Foráiltear le Coinbhinsiún SPRFMO go mbeidh cinntí a ghlac SPRFMO ina gceangal ar a Pháirtithe Conarthacha, ar eintitis iascaireachta rannpháirteacha, agus ar Pháirtithe Neamhchonarthacha comhoibríocha,

¹ Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (CE) Uimh. 1984/2003 agus (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2107/oj>.

² Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2053/oj>.

³ Rialachán (AE) 2023/2833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena mbunaítear clár maidir le doiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm (*Thunnus thynnus*) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010 (IO L, 2023/2833, 20.12.2023), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2833/oj>.

mar aon le hoibreoirí. Le Rialachán (AE) 2018/975⁴, cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais na bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe a ghlac SPRFMO idir 2013 agus 2017. Leis an togra seo, cuirtear chun feidhme na bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe a ghlac SPRFMO ag na cruinnithe bliantúla dá chuid in 2018, 2019, 2020, 2021, 2022, 2023 agus 2024.

Is é NAFO an ERBI atá freagrach as acmhainní iascaigh san Atlantach Thiar Thuaidh atá faoina chúram a bhainistiú. Tá feidhm ag bearta caomhnaithe agus bainistíochta NAFO go heisiach maidir le Limistéar Rialála NAFO, an mhórmhuir, a shainmhínítear mar an limistéar amuigh ón limistéar ina bhfeidhmíonn stáit chósta dlínse iascaigh. Tá an tAontas ina Pháirtí Conarthach in NAFO ó bhí 1979 ann. Luaitear i gCoinbhinsiún NAFO go bhfuil na bearta caomhnaithe a ghlac Coimisiún NAFO ceangailteach (Airteagal XIV, Airteagal VI.8 agus Airteagal VI.9) agus nach mór do na Páirtithe Conarthacha iad a chur chun feidhme. Le Rialachán (AE) 2019/833, cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe NAFO a ghlac NAFO go dtí 2018 agus leasaíodh an Rialachán sin in 2021⁵ agus 2022⁶ chun na bearta a ghlac NAFO in 2019, 2020, 2021 agus 2022 a chur chun feidhme. Leis an togra seo, cuirtear chun feidhme na leasuithe a ghlac ICCAT ag na cruinnithe bliantúla dá chuid in 2023 agus 2024.

Is é an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha (IATTC) an ERBI atá freagrach as acmhainní iascaigh tuinníní agus acmhainní iascaigh atá cosúil le tuinníní a bhainistiú san Aigéan Ciúin Thoir. Tá IATTC bunaithe ar Choinbhinsiún Antigua a shínigh an tAontas in 2004. Tá d'údarás ag IATTC cinntí ('Rúin') a ghlacadh chun caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh i limistéar an Choinbhinsiúin a áirithiú. Tá Rúin ceangailteach ar na Páirtithe Conarthacha. Is ar na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún go háirithe a bhíonn Rúin dírithe, ach cuireann siad oibleagáidí ar oibreoirí príobháideacha (e.g. máistrí soithí) chomh maith. Tagann Rúin i bhfeidhm 45 lá tar éis a nglactha. Le Rialachán (AE) 2021/56, cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais rúin IATTC, arna nglacadh go dtí 2020. Leis an togra seo, cuirtear chun feidhme na leasuithe agus na rúin nua a ghlac IATTC ag na cruinnithe bliantúla dá chuid in 2021, 2022, 2023 agus 2024.

⁴ Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) (IO L 179, 16.7.2018, lch. 30), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/975/oj>.

⁵ Rialachán (AE) 2021/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (IO L 274, 30.7.2021, lch. 32), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1231/oj>.

⁶ Rialachán (AE) 2022/2037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh IO L 275, 25.10.2022, lch. 11), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2037/oj> agus Rialachán (AE) 2023/2857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (IO L 2857, 20.12.2023) ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2857/oj>.

Is é an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) an ERBI atá freagrach as tuinníní agus acmhainní iascaigh atá cosúil le tuinníní a bhainistiú san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir (WCPO). Tá na bearta caomhnaithe agus bainistíochta a ghlac WCPFC ina gceangal ar Chomhaltaí, ar Chríocha Rannpháirteacha agus ar Neamhchomhaltaí Comhoibríocha. Tá feidhm ag na bearta sin ar fud limistéar Choinbhinsiún WCPFC, lena gcumhdaítear an mhórmhuir agus limistéir eacnamaíocha eisiacha na Neamhchomhaltaí Comhoibríocha. D'aontaigh an tAontas do WCPFC trí bhíthin Chinneadh 2005/75/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 2004 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún maidir le Stoic Mhórimirceacha Éisc san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú. Le Rialachán (AE) 2022/2056, cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais rúin WCPFC a glacadh idir 2004 agus 2021. Leis an togra seo, cuirtear chun feidhme na leasuithe agus na rúin nua a ghlac WCPFC ag na cruinnithe bliantúla dá chuid in 2022, 2023 agus 2024.

Is é IOTC an ERBI atá freagrach as acmhainní iascaigh tuinníní agus acmhainní iascaigh atá cosúil le tuinníní a bhainistiú san Aigéan Indiach. Tá feidhm ag bearta caomhnaithe agus bainistíochta IOTC maidir le réimse inniúlachta IOTC, arb é an tAigéan Indiach é (a shainítear chun críoch chomhaontú IOTC mar limistéir staidrimh FAO 51 agus 57) agus farraigí máguaird, ó thuaidh ón gCoinbhéirseacht Antartach. Tá an tAontas ina Pháirtí Conarthach in IOTC ó bhí 1995 ann. Luaitear i gComhaontú IOTC go bhfuil na rúin a ghlac Coimisiún IOTC ceangailteach agus nach mór do na Páirtithe Conarthacha iad a chur chun feidhme. Le Rialachán (AE) 2022/2343, cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais rúin IOTC a glacadh idir 2000 agus 2021. Leis an togra seo, cuirtear chun feidhme na leasuithe agus na rúin nua a ghlac IOTC ag na cruinnithe bliantúla dá chuid in 2022, 2023 agus 2024.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2017/2107, Rialachán (AE) 2018/975, Rialachán (AE) 2019/833, Rialachán (AE) 2021/56, Rialachán (AE) 2022/2056, Rialachán (AE) 2022/2343, agus Rialachán (AE) 2023/2053.

Tá an togra i gcomhréir le Cuid VI (beartas seachtrach) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gcomhbheartas iascaigh lena bhforáiltear go stiúrfaidh an tAontas a iascach seachtrach i gcomhréir lena oibleagáidí idirnáisiúnta agus lena mbunaítear gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais ar chomhar iascaigh réigiúnach.

Leis an togra, comhlánaítear idir Rialachán (AE) 2017/2403⁷ a mhéid a bhaineann le bainistiú a dhéanamh ar chabhlaigh sheachtracha, lena bhforáiltear go bhfuil soithí iascaireachta de chuid an Aontais faoi réir údaruithe iascaireachta ó Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh, agus Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle⁸ maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe, lena ndéantar foráil maidir le liosta

⁷ Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2403/oj>.

⁸ Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1005/oj>.

Neamhdhleathach, Neamhrialáilte agus Neamhthuaisricithe (NNN) NAFO a chuimsiú i liosta shoithí NNN an Aontais.

Ní chumhdaítear leis an togra seo deiseanna iascaireachta an Aontais arna gcinneadh ag ICCAT, SPRFMO, NAFO, IATTC, WCPFC agus IOTC. De réir Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá sé de shaincheart ag an gComhairle bearta a ghlacadh maidir le praghsanna, tobhaigh, cúnamh agus teorainneacha cainníochtúla a shocrú agus maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach le beartais eile an Aontais.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, mar go leagtar amach ann na forálacha is gá chun cuspóirí an chomhbheartais iascaigh a shaothrú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Baineann an togra le hinniúlacht eisiach an Aontais (Airteagal 3(1)(d) CFAE). Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Áiríteofar leis an togra go gcomhlíonfar oibleagáidí an Aontais in ICCAT, SPRFMO, NAFO, IATTC, WCPFC agus IOTC, gan dul thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Rialachán a roghnaíodh chun Rialachán (AE) 2017/2107 atá ann cheana, Rialachán (AE) 2018/975, Rialachán (AE) 2019/833, Rialachán (AE) 2021/56, Rialachán (AE) 2022/2056, Rialachán (AE) 2022/2343, agus Rialachán (AE) 2023/2053 a leasú.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta ó Bhallstáit an Aontais agus le hionadaithe tionscail sa tréimhse díreach roimh na cruinnithe bliantúla ábhartha de chuid na n-eagraíochtaí thuasluaite ag ar glacadh na bearta sin agus le linn na caibidlíochta araon.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Leis an togra seo, cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais bearta a ghlac ICCAT, SPRFMO, NAFO, IATTC, WCPFC agus IOTC i gcomhréir leis an gcomhairle ó bhuanchoistí na n-eagraíochtaí sin faoi seach maidir le saincheistean eolaíochta agus rialaithe.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar. Leis an togra seo, cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais bearta caomhnaithe agus bainistíochta ICCAT, SPRFMO, NAFO, IATTC, WCPFC agus IOTC atá ina gceangal ar an Aontas.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon nasc idir an togra seo agus oiriúnacht agus simpliú rialála (REFIT).

- **Ceartha bunúsacha**

Níl tionchar ag an togra seo ar chearta bunúsacha.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

I gcás ICCAT, tugtar isteach leis an togra seo forálacha nua i Rialachán (AE) 2017/2107 maidir le míolsiorcanna agus roic den chineál *Mobulidae* a chaomhnú, chomh maith le teorannú geografach maidir le hinfheidhmeacht beart caomhnaithe maidir leis an turtar mara i gcás soithí a oibríonn ó thuaidh ó 55°T nó ó dheas ó dhomhanleithead 35°D san Atlantach Thoir Theas agus ó dheas ó dhomhanleithead 40°D san Atlantach Thiar Theas. Sainítear ról EFCA freisin maidir le hamharc soithí agus cumarsáid bhreise a dhéanamh le Rúnaíocht ICCAT. Leasaítear leis an togra seo freisin Rialachán (AE) 2023/2053 i ndáil le Caibidil V de, bearta rialaithe, trí leasú a dhéanamh ar fhorálacha maidir le malartú cuótaí idir Comhoibríochtaí Iascaireachta, maidir le réamhfhógra a thabhairt faoi ghabhálacha a thabhairt i dtír, maidir le faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí aistrithe tuinníní gorma le físciamara, maidir le hoibríochtaí cur i gcaighean agus gníomhaíochtaí rialaithe ar na feirmeacha tar éis cur i gcaighean.

Maidir le NAFO, tugtar isteach leis an togra forálacha nua i Rialachán (AE) 2019/833 a bhaineann le hiascach athoscailte le haghaidh troisc i Ranna 2J3KL lena n-áirítear cosc, foghabháil agus coinneáil ar bord, faireachas, agus nós imeachta breise ábhartha maidir le sárúithe tromchúiseacha. Ina theannta sin, ailínítear leis an togra foclaíocht Rialachán (AE) 2019/833 le bearta NAFO agus le forálacha maidir le maoluithe ar chláir breathnóirí.

I gcás SPRFMO, leasaítear leis an togra Rialachán (AE) 2018/975 chun bearta nua caomhnaithe agus bainistíochta a chuimsiú chomh maith le leasú ar bhearta a glacadh roimhe sin. Cuimsítear le bearta leasaithe SPRFMO iascaireacht ghrinnill, trasloingsiú, eangacha geolbhaigh, cláir breathnóirí agus sonraí, agus córais faireacháin soithí. Cuimsítear leis an togra seo freisin bearta nua arna gcomhaontú ag SPRFMO, go háirithe prótacal maidir le bordáil agus cigireachtaí ar an mórmhuir, lena n-áirítear nósanna imeachta umshárúithe

líomhnaithe, beart maidir le truailliú muirí, agus beart maidir le soithí iascaireachta a mharcáil agus a shainaithint.

Maidir le IATTC, leasaítear leis an togra Rialachán (AE) 2021/56 chun nuashonruithe ar ghníomhachtú baoithe feistí comhthiomsaithe éisc (FAD) a chuimsiú, laghdú ar dhul i bhfostú FADanna agus ábhair in-bhithmhíllte a úsáid, gabhálacha ar thuinníní gorma an Aigéin Chiúin a thuairisciú, athruithe ar chóras faireacháin soithí, córas faireacháin leictreonach a thabhairt isteach, lena n-áirítear sonraí iascaigh a bhailiú, síodsiorcanna a chosaint, scaoileadh saor sábháilte siorcanna, bailiú sonraí speiceas siorcanna, agus tuarascálacha comhlíontachta a thabhairt cothrom le dáta.

I gcás WCPFC, leasaítear leis an togra seo Rialachán (AE) 2022/2056 chun forálacha a thabhairt isteach maidir le siorcanna a chosaint agus maidir le soithí spiléireachta de chuid an Aontais a bheith ag úsáid fodhoruithe agus línte titimeáin, ar soithí iad ar a bhfuil toirmeasc siorcanna a choinneáil agus dualgas maidir le scaoileadh saor, chomh maith le tabhairt suas nó aischur eiseamal siorcanna bána aigéanacha agus síodsiorcanna a ghabhtar go neamhbheartaithe agus coigeartuithe teanga le haghaidh forálacha buncaireachta.

I gcás IOTC, leasaítear leis an togra seo Rialachán (AE) 2022/2343 chun bearta nua caomhnaithe agus bainistíochta a chuimsiú chomh maith le leasuithe ar bhearta a glacadh roimhe sin. Cuimsítear leis an togra seo freisin Airteagail nua a bhaineann le bainistiú feistí comhthiomsaithe éisc ar ancaire, dúnadh deonach iascach agus caighdeán maidir le faireachán leictreonach agus bearta athbhreithnithe lena neartaítear bainistiú sruthfheistí comhthiomsaithe éisc, beart maolaithe le haghaidh speicis nach spriocspeicis iad agus scéim breathnóirí.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT), Rialachán (AE) 2018/975 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO), Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, Rialachán (AE) 2021/56 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha, Rialachán (AE) 2022/2056 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir, Rialachán (AE) 2022/2343 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², cuireadh chun feidhme bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe a ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT) agus is infheidhme maidir le Limistéar Choinbhinsiún ICCAT go dtí a chruinniú bliantúil in 2015, agus le linn an chruinnithe sin.

¹ IO C , , lch. .

² Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2107/oj>.

- (2) Leasaíodh Rialachán (AE) 2017/2107 ina dhiaidh sin le Rialacháin (AE) 2019/1154³, (AE) 2023/2054⁴ agus (AE) 2024/897 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ chun bearta breise arna nglacadh ag ICCAT ag an 28ú Gnáthchruinniú dá chuid in 2023 a chur chun feidhme. Cuimsítear leo sin bearta chun míolsiorcanna agus roic de chineál Mobulidae a chaomhnú chomh maith le teorainn gheografach maidir le hinfheidhmeacht beart caomhnaithe maidir leis an turtar mara. Thairis sin, sainítear ról na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach (EFCA) as an nua mar eintiteas amhaire maidir le hamharc soithí agus cumarsáid bhreise a dhéanamh le Rúnaíocht ICCAT.
- (3) Le Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶, cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais bearta a ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh chun an tuinnín gorm a bhainistiú.
- (4) Ag a 28ú Gnáthchruinniú in 2023, ghlac ICCAT bearta rialaithe freisin chun acmhainní iascaigh atá faoina chúram a chaomhnú a bhaineann le malartú cuótaí idir Comhoibríochtaí Iascaireachta, réamhfhógra maidir le tabhairt i dtír, faireachán ar oibríochtaí aistrithe tuinníní gorma le físcheimara, oibríochtaí cur i gcaighean, agus gníomhaíochtaí rialaithe ar na feirmeacha tar éis cur i gcaighean.
- (5) Tá na bearta sin ina gceangal ar an Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (6) Le Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷, cuireadh chun feidhme bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe a ghlac an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) agus is infheidhme maidir le Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO go dtí a chruinniú bliantúil in 2017, agus le linn an chruinnithe sin.
- (7) Ag na cruinnithe bliantúla a bhí ag Coimisiún SPRFMO in 2018, 2019, 2020, 2021, 2022, 2023 agus 2024, ghlac sé bearta breise chun acmhainní iascaigh atá faoina

³ Rialachán (AE) 2019/1154 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le plan téarnaimh ilbhliantúil do cholgáin Mheánmhuirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 188, 12.7.2019, lch. 1), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1154/oj>.

⁴ Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plan bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 29.9.2023, lch. 1), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2053/oj>.

⁵ Rialachán (AE) 2024/897 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plan ilbhliantúil bainistíochta don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir (IO L, 2024/897, 19.3.2024 <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/897/oj>).

⁶ Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plan bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2053/oj>.

⁷ Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) (IO L 179, 16.7.2018, lch. 30), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/975/oj>.

chúram a chaomhnú, ar bearta iad a bhaineann le hiascaireacht ghrinnill, trasloingsiú, eangacha geolbhaigh, cláir breathnóirí agus sonraí, agus córais faireacháin soithí, chomh maith le bearta nua, go háirithe prótacal nua maidir le bordáil agus cigireachtaí ar an mórmhuir, lena n-áirítear nósanna imeachta um sháruithe líomhnaithe, agus bearta maidir le truailliú muirí agus maidir le soithí iascaireachta a mharcáil agus a shainaithint.

- (8) Tá na bearta sin ina gceangal ar an Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (9) Le Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe a ghlac Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) agus is infheidhme i Limistéar Rialála NAFO go dtí a cruinniú bliantúil in 2018, agus le linn an chruinnithe sin. Leasáíodh an Rialachán sin ina dhiaidh sin chun na bearta breise a ghlac NAFO ag na cruinnithe bliantúla dá chuid in 2019, 2020, 2021 agus 2022 a chur chun feidhme⁹.
- (10) Ag na cruinnithe bliantúla dá chuid in 2023 agus 2024, ghlac NAFO bearta breise chun acmhainní iascaigh atá faoina chúram a chaomhnú maidir le troisc i Ranna 2J3KL lena n-áirítear cosc, foghabháil agus coinneáil ar bord, breathnóirí, faireachas, agus nós imeachta ábhartha breise um sháruithe tromchúiseacha.
- (11) Tá na bearta sin ina gceangal ar an Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (12) Le Rialachán (AE) 2021/56 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰, cuireadh chun feidhme i ndlí an Aontais na forálacha arna nglacadh ag an gCoimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha (IATTC) is infheidhme maidir le limistéar Choinbhinsiún IATTC go dtí a chruinniú bliantúil in 2019, agus le linn an chruinnithe sin.
- (13) Ag na cruinnithe bliantúla dá chuid in 2020, 2021, 2022, 2023 agus 2024, ghlac IATTC bearta chun acmhainní iascaigh atá faoina chúram a chaomhnú, ar bearta iad a

⁸ Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1627 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2115/2005 agus (CE) 1386/2007 ón gComhairle (IO L 141, 28.5.2019, lch. 1), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/833/oj>.

⁹ Rialachán (AE) 2021/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (IO L 274, 30.7.2021 lch. 32), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1231/oj>; Rialachán (AE) 2022/2037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (IO L 275, 25.10.2022, lch. 11), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1231/oj>; Rialachán (AE) 2023/2857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (IO L 2857, 20.12.2023), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2857/oj>.

¹⁰ Rialachán (AE) 2021/56 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2021 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le Limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 24, 26.1.2021, lch. 1), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/56/oj>.

bhaineann le baoithe feistí comhthiomsaithe éisc (FAD) a ghníomhachtú, laghdú ar dhul i bhfostú FADanna agus ábhair in-bhithmhille a úsáid, gabhálacha thuinníní gorma an Aigéin Chiúin a thuairisciú, ceanglais íosta maidir le sonraí soithí, athruithe ar chóras faireacháin soithí, córas faireacháin leictreonach a thabhairt isteach, lena n-áirítear sonraí iascaigh a bhailiú, síodsiorcanna a chosaint, scaoileadh saor sábháilte siorcanna, bailiú sonraí speiceas siorcanna, agus tuarascálacha comhlíontachta a thabhairt cothrom le dáta.

- (14) Tá na bearta sin ina gceangal ar an Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (15) Le Rialachán (AE) 2022/2056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais bearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag an gCoimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir agus is infheidhme maidir le limistéar Choinbhinsiún WCPFC go dtí a chruinniú bliantúil in 2021, agus le linn an chruinnithe sin.
- (16) Ag a chruinnithe bliantúla in 2022 agus 2023, ghlac WCPFC bearta a bhaineann le seirbhísí buncaeireachta agus cosaint siorcanna agus úsáid fodhoruithe, línte titimeáin agus doruithe siorcanna ag soithí spiléireachta an Aontais agus toirmeasc ar choinneáil siorcanna agus dualgas maidir le scaoileadh saor siorcanna, chomh maith le heiseamail siorcanna bána aigéanacha agus síodsiorcanna a ghabhtar go neamhbheartaithe a thabhairt suas nó a aischur.
- (17) Tá na bearta sin ina gceangal ar an Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (18) Le Rialachán (AE) 2022/2343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹², cuirtear bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe arna nglacadh ag an gCoimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC) chun feidhme i ndlí an Aontais agus is infheidhme i réimse inniúlachta IOTC go dtí a chruinniú bliantúil in 2021, agus le linn an chruinnithe sin.
- (19) Ina dhiaidh sin, ag na cruinnithe bliantúla a bhí ag IATTC in 2022, 2023 agus 2024 agus ag an 6ú seisiún speisialta, glacadh bearta chun acmhainní iascaigh atá faoina chúram a chaomhnú a mhéid a bhaineann le feistí comhthiomsaithe éisc ar ancaire agus sruthfheistí comhthiomsaithe éisc a bhainistiú, cosc deonach iascaigh, trasloingsithe, bearta caomhnaithe le haghaidh céiticeach agus éanlaithe mara, scéimeanna breathnóirí réigiúnacha, pleananna faireacháin soithí, caighdeáin faireacháin leictreonacha agus cigireachtaí calafoirt.
- (20) Le Rún 24/06 ó IOTC cuireadh chun feidhme toirmeasc ar ábhar muirí a aischur i ndáil le tuinníní mórshúileacha, tuinníní aigéanacha agus tuinníní buí agus speicis nach spriocspeicis iad a ghabhann soithí i dtailfead údarúcháin IOTC a fheidhmíonn i

¹¹ Rialachán (AE) 2022/2056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 276, 26.10.2022, lch. 1), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2056/oj>.

¹² Rialachán (AE) 2022/2343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choinbhinsiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, (CE) Uimh. 1984/2003 agus (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 311, 2.12.2022, lch. 1.), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2343/oj>.

limistéar inniúlachta IOTC: soithí iascaireachta de chuid an Aontais a úsáideann cineálacha trealamh eile seachas iad siúd a úsáideann soithí peas-saighne, moltar dóibh na héisc uile atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine a choinneáil ar bord agus a thabhairt i dtír ansin, na bearta réasúnacha uile a dhéanamh chun a áirithiú go scaoilfear go sábháilte speicis nach spriocspeicis iad a ghabhtar agus iad beo, a mhéid is féidir, agus sábháilteacht an chriú á cur san áireamh; na speicis mharbha uile nach spriocspeicis iad a choinneáil ar bord agus a thabhairt i dtír ansin, seachas na speicis sin a mheastar a bheith mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine nó a bhfuil toirmeasc ar a gcoinneáil.

- (21) Tá na bearta sin ina gceangal ar an Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (22) Leasaítear forálacha áirithe de chuid SPRFMO, NAFO, IATTC, IOTC agus ICCAT níos minice agus is dócha go leasófar iad ag cruinnithe bliantúla SPRFMO, NAFO, IATTC, IOTC agus ICCAT amach anseo. D'fhonn na leasuithe sin a chur chun feidhme go pras amach anseo i ndlí an Aontais, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún mar a leanas: (i) maidir le SPRFMO i ndáil le teorainneacha ama, an t-achar go dtí an limistéar teagmhála, na hachair a bhaineann le fôgra trasloingsithe, ceanglais sonraí agus faisnéise, agus taifead ar fhaisnéis an tsoithigh a sholáthar; maidir le NAFO, i ndáil le bearta a bhaineann le dualgais na mBallstát a bhaineann le hathruithe a chur isteach ar fhoghabháil a choinnítear, tréimhsí coiscthe, cáilíochtaí breathnóirí, dualgais, oiliúint, bailíochtú sonraí breathnóirí, trealamh sábháilteachta breathnóirí, cearta agus dualgais oibreoirí soithí agus máistrí de chuid an Aontais, nósanna imeachta i gcás éigeandála; (ii) maidir le CEM NAFO, athruithe ar thréimhsí coiscthe, gabháil a choinneáil ar bord, dualgais máistir a bhaineann le trealamh tréigthe, aisghabháil an trealamh sin, maoluithe ar an gclár breathnóirí, agus tagairt do dhoiciméad amhairc soithí atá le húsáid ag na Ballstáit; (iii) maidir le IATTC, i ndáil le bearta a bhaineann le tagairtí IATTC do threoirlínte chun siorcanna a scaoileadh saor go sábháilte, agus ceistneoir na mBallstát maidir le comhlíontacht; (iv) maidir le IOTC, i ndáil le bearta a bhaineann le hoibleagáidí tuairiscithe FADanna IOTC, agus (v) le haghaidh sprioc-amanna rialála ICCAT maidir le tuinníní gorma le haghaidh oibleagáidí tuairiscithe, tréimhsí ama le haghaidh séasúir iascaireachta, céatadáin agus pointí tagartha agus an fhaisnéis atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin.
- (23) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúcháin ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016¹³. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe,

¹³ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ:L:2016:123:TOC>.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/2107

Leasaítear leis seo Rialachán (AE) 2017/2107 mar a leanas:

- (1) Athainmnítear Teideal Chaibidil V mar a leanas: ‘Ealásmabrainciaigh’.
- (2) Cuirtear isteach Airteagal 30a:

‘Airteagal 30a

Míolsiorcanna (*Rhincodon typus*)

1. Beidh toirmeasc ar chonabhlach míolsiorcanna a ghabhtar i gcomhar le hiascaigh ICCAT a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a dtabhairt i dtír, bíodh siad ina gcodanna nó ina n-iomláine.
 2. Beidh toirmeasc ar pheaslíon saighne a ghléasadh ar scoil tuinníní lena mbaineann míolsiore tar éis an siore lena mbaineann a amharc.
 3. Ceanglóidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfar míolsiore a chiorclú go teagmhasach sa pheas-saighne, go ndéanfaidh an máistir na bearta réasúnacha uile chun a áirithiú go scaoilfear saor go sábháilte é.
 4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na hidirghníomhaíochtaí sin le míolsiorcanna le linn oibríochtaí peas-saighne a thaifeadadh trína gcláir breathnóirí intíre agus go mbaileofar an fhaisnéis seo a leanas:
 - (a) mionsonraí faoi na himthosca ba chúis le ciorclú agus a bhaineann le ciorclú;
 - (b) an líon daoine aonair a bhí rannpháirteach le linn na hidirghníomhaíochta;
 - (c) suíomh na hidirghníomhaíochta;
 - (d) na bearta a rinneadh chun a áirithiú gur láimhseáladh agus gur scaoileadh saor go sábháilte na heiseamail a ciorclaíodh sa pheaslíon saighne;
 - (e) measúnú ar stádas saoil eiseamal míolsiorcanna tráth a scaoilte (beo/marbh/díbheo/éiginnte).
 5. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí agus an fhaisnéis arna mbailiú faoi mhír 4 a thuairisciú ina dtuarascálacha bliantúla. Maidir le sonraí a bhailítear trí chlár breathnóirí, déanfaidh na Ballstáit iad a thuairisciú don Choimisiún i gcomhréir le ceanglais ICCAT maidir le sonraí a thuairisciú. Tuairisceoidh an Coimisiún na sonraí sin do Rúnaíocht ICCAT.
 6. Beidh feidhm ag na forálacha i míreanna 1 go 5 go heisiach maidir le soithí iascaireachta a oibríonn idir 40°T agus 40°D.’
- (3) In Airteagal 33a, cuirtear isteach na míreanna 6 agus 7 seo a leanas:
- ‘6. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais arb é 12 mhéadar ar a laghad a bhfad iomlán, ní cheadófar dóibh mácónna biorshrónacha an Atlantaigh Theas a choinneáil ach amháin nuair a bheidh na héisc marbh tráth a thugtar ar bord iad, agus nuair a bheidh breathnóir nó córas faireacháin leictreonaigh (CFL) feidhmiúil ar bord an tsoithigh chun riocht na siorcanna a fhíorú.
7. I dteannta na gcoinníollacha a luaitear i mír 6, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar lú a bhfad iomlán ná 12 mhéadar, ní choinneoidh soitheach níos mó ná

eiseamal amháin de mhácó biorshrónach an Atlantaigh Theas le haghaidh aon turais iascaireachta.’

(4) Cuirtear isteach Airteagal 35a:

‘Airteagal 35a

Roic den fhine *Mobulidae*

1. Beidh toirmeasc ar aon pháirt de chonablach nó ar chonablach iomlán de na speicis an roc Alfred (*Manta alfredi*), roc na caille (*Manta birostris*), roc an diabhail (*Mobula hypostoma*), an roc earrspíonach (*Mobula japanica*), roc an diabhail (*Mobula mobular*), an diabhalroc Sileach (*Mobula tarapacana*) nó an roc mínearrach (*Mobula thurstoni*) a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír nó a stóráil, dá ngairtear roic den chineál *Mobulidae* anseo feasta agus a ghabhtar i gcomhar le hiascaigh ICCAT.
2. Déanfaidh soithí gabhála de chuid an Aontais roic den chineál *Mobulidae* a scaoileadh saor go pras gan ghortú, a mhéid is indéanta, a luaithe a fheicfear iad san eangach, ar an duán, nó ar an soitheach, sa dóigh go ndéanfar an díobháil is lú is féidir do na roic aonair.
3. Trína gcláir breathnóirí intíre, déanfaidh na Ballstáit an líon iasc a aischuirtear agus a scaoiltear saor maidir le roic den chineál *Mobulidae* a ghabhtar in iascaigh ICCAT agus, i gcás inar féidir, léiriú ar stádas (marbh nó beo) a thaifeadadh. Tuairisceoidh na Ballstáit iad don Choimisiún. Tuairisceoidh an Coimisiún na sonraí sin do Rúnaíocht ICCAT.
4. I gcás roic den chineál *Mobulidae* a ghabhtar go neamhbheartaithe agus a reoitear mar chuid d’oibríocht soithigh peas-saighne, tabharfaidh soithí gabhála de chuid an Aontais an roc den chineál *Mobulidae* ina iomláine suas do na húdaráis rialtais atá freagrach, nó d’údarás inniúil eile, nó déanfaidh siad iad a dhiúscairt ag an bpointe tabhairt i dtír. Maidir le roic den chineál *Mobulidae* a thugtar suas ar an mbealach sin, ní fhéadfar iad a dhíol ná a mhalartú ach féadfar iad a bhronnadh lena gcaitheamh ag an duine sa bhaile.’

(5) In Airteagal 41, cuirtear isteach an mhír 7 seo a leanas:

‘7. San Atlantach Theas:

ní bheidh feidhm ag míreanna 2a, 4 ná 5 maidir le soithí nach n-oibríonn ach ó thuaidh ó dhomhanleithead 55°T nó ó dheas ó dhomhanleithead 35°D san Atlantach Thoir Theas agus ó dheas ó dhomhanleithead 40°D san Atlantach Thiar Theas.

Is é 20°I an teorainn don deighilt idir an tAtlantach Thoir Theas agus an tAtlantach Thiar Theas.’

(6) In Airteagal 66a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Nuair a gheofar amharc ar shoitheach de bhun mhír 1, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann nó an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA) (‘an t-eintiteas amhairc’) na torthaí a thaifeadadh agus tuarascáil a tharchur gan mhoill, trí mheán leictreonach más féidir, chuig údaráis iomchuí Bhallstát brataí nó CPC brataí nó páirtí comhoibritheach neamhchonarthach brataí an tsoithigh a amharcadh, agus cuirfidh siad cóip di chuig rúnaíocht ICCAT, chuig an gCoimisiún agus chuig EFCA. Más rud é go bhfuil an soitheach a bhfuarthas amharc uirthi faoi bhratach Bhallstáit, déanfaidh an Ballstát brataí, gan moill mhíchuí, gníomhaíocht iomchuí i ndáil leis an soitheach lena mbaineann; an t-eintiteas amhairc agus Ballstát brataí an tsoithigh a

bhfuarthas amharc uirthi, soláthróidh siad araon faisnéis maidir leis an amharc don Choimisiún agus do EFCA, lena n-áirítear sonraí i dtaca le haon ghníomhaíocht leantach a dhéanfar.’

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/975

Leasaítear leis seo Rialachán (AE) 2018/975 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (7) ‘iascaireacht ghrinnill’:

‘(7) ciallaíonn ‘iascaireacht ghrinnill’ iascaireacht a dhéantar le haon chineál trealaimh ar dócha go dtiocfaidh sé i dteagmháil le grinneall na farraige nó le horgánaigh bheantacha le linn gnáthchúrsa oibríochtaí lena n-áirítear trál grinnill, trál meánuisce agus líne ghrinnill;’

(b) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

(a) ‘(7a) ciallaíonn ‘trál grinnill’ iascaireacht a dhéanamh le trál atá deartha lena tharraingt tríd an uisce agus lena theacht i dteagmháil le grinneall na farraige;

(b) ‘(7b) ciallaíonn ‘trál meánuisce’ iascaireacht a dhéanamh ar speicis bheantaipeiligeacha trí úsáid a bhaint as trál atá deartha lena tharraingt tríd an uisce gar do ghrinneall na farraige agus atá deartha gan teagmháil leathnaithe a dhéanamh le grinneall na farraige;

(c) (7c) ciallaíonn ‘líne ghrinnill’ iascaireacht a dhéanamh trí úsáid a bhaint as dorú a bhfuil duán nó duáin (bíodh siad baoiteáilte nó ná bíodh) ceangailte de agus rigeáilte chun dul faoi uisce agus iascaireacht a dhéanamh ar ghrinneall na farraige nó gar dó, lena n-áirítear spiléir, doruithe láimhe, doruithe titime, doruithe tarraingthe agus doruithe *dahn*, ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin;’

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (11) ‘iascach taiscéalaíoch’:

‘(11) ciallaíonn ‘iascach taiscéalaíoch’ iascach:

(a) nach raibh faoi réir iascaireachta sna 10 mbliana roimhe sin i gcás ina raibh an iascaireacht sin teoranta d’iascaigh spriocdhírthe arna n-údarú ag Coimisiún SPRFMO ar bhonn comhairle ó Choiste Eolaíoch SPRFMO, agus gur sainíodh an spriocspeiceas mar an céatadán is mó de réir meáchan glas den ghabháil iomlán in aon dol, tarraingt nó cur ar leith; nó

(b) chun iascaireacht a dhéanamh le cineál áirithe trealaimh nó le teicníc áirithe, nach raibh faoi réir iascaireacht leis an gcineál áirithe trealaimh sin nó an teicníc áirithe sin sna 10 mbliana roimhe sin i gcás ina raibh an iascaireacht sin teoranta d’iascaigh spriocdhírthe arna n-údarú ag Coimisiún SPRFMO ar bhonn comhairle ó Choiste Eolaíoch SPRFMO, agus gur sainíodh an spriocspeiceas mar an céatadán is mó de réir meáchan glas den ghabháil iomlán in aon dol, tarraingt nó cur ar leith; nó

- (c) a rinneadh mar iascach taiscéalaíoch sna 10 mbliana roimhe sin agus nach bhfuil cinneadh déanta fós ag Coimisiún SPRFMO an t-iascach a chosc nó a bhainistiú mar iascach bunaithe; nó
 - (d) ina ndéantar gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12, mír 2; nó
 - (e) nach ndearna an Coiste Eolaíoch athbhreithniú air nó nach ndearna sé faireachán eolaíoch air, ná nár eisigh an Coiste Eolaíoch comhairle maidir leis an iascaireacht atá i gceist, nó nár bhreithnigh Coimisiún SPRFMO an chomhairle sin;’
- (d) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:
- ‘(19) ciallaíonn ‘eintiteas iascaireachta’ aon eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 305, mír 1(c), (d) agus (e) de UNCLOS a chuir a ghealltanas daingean in iúl cloí le téarmaí Choinbhinsiún SPRFMO agus a chomhlíonann aon bheart caomhnaithe agus bainistíochta arna ghlacadh dá bhun, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Coinbhinsiún SPRFMO;
- (20) ciallaíonn ‘clár SPRFMO de shoithí cigireachta údaraithe agus d’údaráis an tsoithigh cigireachta’ an liosta de shoithí cigireachta agus d’údaráis atá údaraithe le bordáil agus cigireacht a dhéanamh i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO, mar atá fógartha ag na Páirtithe Conarthacha agus na PCNanna, ar liosta é a choinníonn Rúnaíocht SPRFMO ar bun;
- (21) ciallaíonn ‘údaráis an tsoithigh cigireachta’ údaráis Pháirtí Conarthach SPRFMO ar faoina bhratach atá an soitheach cigireachta;
- (22) ciallaíonn ‘soitheach cigireachta údaraithe’ aon soitheach a chuimsítear i gclár SPRFMO de shoithí cigireachta údaraithe agus d’údaráis an tsoithigh cigireachta;
- (23) ciallaíonn ‘cigire údaraithe’ cigire atá oilte agus ainmnithe ag na húdaráis atá freagrach as bordáil agus cigireacht a chuimsítear sa chlár de shoithí cigireachta údaraithe agus d’údaráis an tsoithigh cigireachta;
- (24) ciallaíonn ‘trealamh iascaireachta tréigthe’ trealamh iascaireachta a d’fhág an soitheach ar muir d’aon turas de dheasca *force majeure* nó ar chúiseanna eile gan choinne;
- (25) ciallaíonn ‘trealamh iascaireachta cailte’ trealamh iascaireachta ar chaill an soitheach smacht air de thaisme agus nach féidir a aimsiú agus/nó a aisghabháil;
- (26) ciallaíonn ‘trealamh iascaireachta tréigthe’ trealamh iascaireachta a scaoiltear saor ar muir gan aon iarracht ar an soitheach é a rialú a thuilleadh ná é a athshlánú; agus
- (27) ciallaíonn ‘plaisteach’ ábhar soladach a bhfuil polaiméir amháin de mhóilíneach ard- mhaise nó níos mó ann mar chomhábhar fíor- riachtanach agus a chruthaítear (a mhúnlaítear) le linn mhonarú na polaiméire nó le linn dhéantúsaíocht na polaiméire isteach i dtáirge críochnaithe le teas agus/nó le brú.’
- (2) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:
- (a) cuirtear isteach na míreanna 1a, 1b agus 1c seo a leanas:

‘1a. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit nuair a shroichfidh na gabhálacha iomlána 70 % den teorainn atá comhaontaithe ag Coimisiún SPRFMO le haghaidh an stoic feadh raon a dháilte.

1b. D’ainneoin mhír 1, tar éis an fhógra i mír 1a, cuirfidh na Ballstáit tréimhsí tuairiscithe 15 lá chun feidhme. Chun na críche sin, roinnfear an mhí féilire ina dhá tréimhse thuairiscithe, agus beidh an chéad tréimhse ann idir lá 1 agus lá 15, agus an dara tréimhse idir lá 16 agus deireadh na míosa.

1c. Maidir leis an gcéad tuarascáil 15 lá a bheidh le cur isteach, tuairisceoidh na Ballstáit a ngabhálacha don Choimisiún laistigh de 15 lá ó dheireadh na chéad tréimhse. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SPRFMO laistigh de 20 lá ó dheireadh na tréimhse sin. Ina dhiaidh sin, déanfaidh na Ballstáit a ngabhálacha a thuairisciú don Choimisiún laistigh de 5 lá ó dheireadh gach tréimhse. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SPRFMO laistigh de 10 lá ó dheireadh gach tréimhse.’

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil I de Theideal III:

‘Caibidil I

Iascaireacht ghrinnill

Airteagal 12

Limistéir bainistíochta iascaireachta grinnill

1. Ní dhéanfar iascaireacht ghrinnill i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO faoin gCaibidil seo ach amháin sna limistéir a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV a bhaineann le bainistíocht tráil grinnill, tráil meánuisce agus líne grinnill. Sna limistéir sin:
 - (a) ní dhéanfar iascaireacht ghrinnill ach amháin i limistéar bainistíochta tráil grinnill;
 - (b) ní dhéanfar trálaeireacht mheánuisce ach amháin i limistéar bainistíochta tráil meánuisce nó i limistéar bainistíochta tráil grinnill; ná
 - (c) ní dhéanfar an líneáil ghrinnill ach amháin i limistéar bainistíochta.
2. D’ainneoin mhír 1, déanfar gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO de réir na bhforálacha a leagtar amach i gCaibidil II maidir le hiascaigh thaiscéalaíocha má dhéantar iad:
 - (a) lasmuigh de limistéar bainistíochta; nó
 - (b) laistigh de limistéar bainistíochta ina n-úsáidtear modhanna iascaireachta grinnill seachas iascaireacht tráil grinnill, tráil meánuisce nó líne grinnill; nó
 - (c) i limistéar bainistíochta tráil meánuisce ina n-úsáidtear trealamh tráil grinnill nó i limistéar bainistíochta líne grinnill ina n-úsáidtear trealamh tráil grinnill nó trealamh tráil meánuisce; nó
 - (d) laistigh de limistéar bainistíochta ina ndírítear ar speicis nár spriocdhíríodh orthu roimhe sin sa limistéar a bhfuil sé beartaithe é a iascach ach amháin más rud é gur gabhadh an speiceas go rialta mar chuid d’iascach atá ann cheana.

Airteagal 13

Údarú chun iascaireacht ghrinnill a dhéanamh

1. Ní údaróidh na Ballstáit do shoithí iascaireachta atá faoina mbratach iascaireacht ghrinnill a dhéanamh gan údarú a fháil ó SPRFMO roimh ré.
2. Déanfaidh Ballstáit a mbeartaíonn a soithí gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill a dhéanamh sna limistéir bhainistíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV iarraidh ar údarú a chur faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 75 lá roimh an gcruinniú de Choiste Eolaíoch SPRFMO ag ar mian leo go ndéanfaí an iarraidh a bhreithniú. Déanfaidh an Coimisiún an iarraidh a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO tráth nach déanaí ná 60 lá roimh an gcruinniú de Choiste Eolaíoch SPRFMO. San iarraidh beidh measúnú tionchair i dtaca le hiascaireacht ghrinnill ar na gníomhaíochtaí iascaireachta atá beartaithe.
3. Déanfar an measúnú tionchair dá dtagraítear i mír 2 i gcomhréir le Caighdeán SPRFMO maidir le Measúnú Tionchair ar Iascach Grinnill¹⁴ leis na sonraí is fearr atá ar fáil agus déanfar é a ullmhú ar scála nach lú ná na limistéir bainistíochta iascaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn XV, agus aird á tabhairt ar stair na hiascaireachta grinnill sna limistéir atá beartaithe agus ar thionchair charnacha na hiascaireachta roimhe sin agus na hiascaireachta beartaithe, lena n-áirítear aon drochthionchar suntasach féideartha ar ÉMLanna, agus cuimseofar leis bearta maolaithe atá beartaithe chun na hiarmhairtí sin a chosc.
4. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh SPRFMO maidir leis an údarú le hiascaireacht ghrinnill a dhéanamh i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO a ndearnadh an measúnú tionchair ina leith a chur in iúl don Bhallstát ábhartha, lena n-áirítear aon choinníoll a ghabhann leis an údarú agus na bearta ábhartha chun tionchair dhochracha shuntasacha ar ÉMLanna a chosc.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na measúnuithe tionchair dá dtagraítear i mír 2 a thabhairt cothrom le dáta gach 3 bliana ar a laghad agus nuair a tharlaíonn athrú mór san iascach ar dócha go ndéanfaidh sé difear do leibhéal riosca nó tionchair na hiascaireachta agus tarchuirfidh siad an fhaisnéis sin chuig an gCoimisiún a luaith a bheidh sí ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO.

Airteagal 14

ÉMLanna i gcomhthéacs na hiascaireachta grinnill

1. I gcás ina dtiocfar ar thacsóin tháscacha ÉML, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn XVI iad, in aon tarraingt amháin ag na tairseacha meáchain in Iarscríbhinn XVII nó os a gcionn, nó trí thacsón tháscacha ÉML éagsúla nó níos mó ag na tairseacha meáchain in Iarscríbhinn XVIII nó os a gcionn, ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí iascaireachta atá faoina mbratach scor den iascaireacht ghrinnill láithreach laistigh de limistéar teagmhála 1 mhuirmhíle ar gach taobh den rian tráil arna shíneadh 1 mhuirmhíle ag gach foirceann.
2. Tuairisceoidh na Ballstáit teagmhálacha le ÉMLanna don Choimisiún ar bhonn na dtreoirilínte a leagtar amach in Iarscríbhinn IV lena n-áirítear cur síos mionsonraithe ar an teagmháil, comparáid idir an teagmháil agus tuar na samhla atá ann cheana, agus gníomhaíochtaí bainistíochta molta chun drochthionchair shuntasacha ar ÉMLanna a chosc, chun a fhíorú an dócha go mbeidh ÉML i láthair sa limistéar teagmhála agus/nó sa limistéar máguaird, ar tharla drochthionchar nach beag, agus an

¹⁴

Ar fáil anseo: <https://www.sprfmo.int/science/benthic-impact-assessments/>

riosca go dtarlódh drochthionchar nach beag amach anseo. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO gan mhoill.

3. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi aon teagmháil ÉML arna fógairt ag Comhaltaí SPRFMO agus PCNanna eile do Rúnaíocht SPRFMO.
4. Áiríteoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh soithí iascaireachta atá faoina mbratach iascaireacht ghrinnill i limistéir a dhéanann teagmháil le ÉML, ar limistéir iad ar tugadh fógra ina leith faoi mhíreanna 2 agus 3 mura rud é go gcinneadh, agus go dtí go gcinneadh, Coimisiún SPRFMO gníomhaíochtaí bainistíochta a cheadódh atosú gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill sa limistéar.

Airteagal 15

Clúdach breathnóra san iascaireacht ghrinnill

Ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí iascaireachta atá faoina mbratach a bhíonn ag gabháil d'iascaireacht ghrinnill na híosleibhéil maidir le clúdach breathnóra eolaíoch a leagtar amach in Iarscríbhinn XIX a chur chun feidhme.

Airteagal 16

Tuairisciú sonraí maidir le hiascaireacht ghrinnill

1. Faoin 15ú lá de gach mí, déanfaidh na Ballstáit na gabhálacha speiceas iascaireachta grinnill ón mí roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.
2. Toirmeascfaidh na Ballstáit ar shoithí iascaireachta atá faoina a mbratach páirt a ghlacadh in iascaireacht ghrinnill más rud é nach soláthraítear na sonraí riachtanacha íosta maidir le céannacht soithigh iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn V.
3. De mhaolú ar Airteagal 29(2), áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a lárionaid faireacháin iascaigh (LFInna) sonraí an chórais um fhaireachán soithí (VMS) maidir le soithí iascaireachta atá faoina mbratach agus a bhíonn ag gabháil d'iascaireacht ghrinnill i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO a thuairisciú go huathoibríoch agus go leanúnach do Rúnaíocht SPRFMO uair amháin gach 30 nóiméad ar a laghad le linn gach turais iascaireachta, agus go dtosódh turas iascaireachta an tráth a n-imeoidh an soitheach ón gcalafort, lena n-áirítear an t-am ar fad atá sí i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO agus go dtabharfaidh sí i gcrích é a luaithe a rachaidh sí isteach sa chalafort.'

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

'Airteagal 17

Údarú maidir le hiascach taiscéalaíoch

1. Na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu údarú a thabhairt do shoitheach iascaireachta faoina mbratach iascaireacht a dhéanamh in iascach taiscéalaíoch, cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin na doiciméid riachtanacha a leagtar amach san fhoráil seo:
 - (a) tráth nach déanaí ná 130 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch SPRFMO, tuairisc ghonta ar an bPlean Oibríochta Iascaigh atá beartaithe acu chun críoch faisnéise, agus an teimpléad á úsáid chun tuairisc ghonta a thabhairt ar an bPlean Oibríochta Iascaigh¹⁵. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh

¹⁵ Ar fáil anseo: <https://www.sprfmo.int/science/>

chuig Rúnaíocht SPRFMO tráth nach déanaí ná 120 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch SPRFMO.

- (b) cóip den doiciméadacht seo a leanas tráth nach déanaí ná 80 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch SPRFMO:

(i) iarraidh ar údarú ina soláthraítear an fhaisnéis atá in Iarscríbhinn V;

(ii) Plean Oibríochta Iascaigh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI, lena n-áirítear gealltanas chun Plean SPRFMO maidir le Bailiú Sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18(3), (4) agus (5) a chomhlíonadh.

2. Déanfaidh an Coimisiún an iarraidh a chur ar aghaidh chuig Coimisiún SPRFMO, agus an Plean Oibríochta Iascaigh a chur ar aghaidh chuig Coiste Eolaíoch SPRFMO, tráth nach déanaí ná 60 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch SPRFMO.

3. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh SPRFMO maidir leis an údarú le hiascaireacht a dhéanamh in iascach taiscéalaíoch a chur in iúl do na Ballstáit.’

- (5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21:

‘Airteagal 21

Eangacha geolbhaigh

Na Ballstáit a mbeartaíonn a soithí Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO a thrasnú le heangacha geolbhaigh ar bord, déanfaidh siad:

- (a) réamhfhógra 72 uair an chloig ar a laghad a thabhairt do Rúnaíocht SPRFMO agus don Choimisiún roimh don soitheach dul isteach i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO, lena n-áirítear na dátaí iontrála agus imeachta a mheastar a bheidh i gceist agus fad na heangaí geolbhaigh atá á hiompar ar bord;
- (b) a áirithiú go n-oibreoidh na soithí faoina mbratach tuairisc ar VMS ar a laghad uair amháin gach uair an chloig fad agus atá siad i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;
- (c) tuairiscí ar shuíomh VMS a chur faoi bhráid a LFI go huathoibríoch agus iad ar idirthuras trí Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;
- (d) a áirithiú go ndéanfaidh a LFI tuairiscí VMS dá dtagraítear i mír (b) a chur ar aghaidh go huathoibríoch chuig Rúnaíocht SPRFMO uair amháin gach uair an chloig ar a laghad; agus
- (e) má chailltear eangacha geolbhaigh de thaisme nó má thréigtear thar bord iad, an dáta, an t-am, an suíomh agus fad (méadair) na n-eangach geolbhaigh a cailleadh a thuairisciú do Rúnaíocht SPRFMO agus don Choimisiún a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de 48 n-uair an chloig tar éis an trealamh a chailleadh nó a thréigean.’

- (6) Leasaítear Airteagal 22 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Déanfaidh na Ballstáit fógra faoi shoithí iascaireachta atá faoina mbratach agus údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO agus nár cuimsíodh roimhe seo ar thaifead soithí SPRFMO a thabhairt don Choimisiún 20 lá ar a laghad roimh an dáta a théann soithí den sórt sin isteach i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO den chéad uair chun iascaireacht a dhéanamh ar acmhainní iascaigh SPRFMO. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht

SPRFMO 15 lá ar a laghad roimh an dáta a théann an soitheach lena mbaineann isteach i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO den chéad uair.’

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘4a. Chun críocha mhír 4, scoirfidh iontráil údaraithe ar thaifead soithí SPRFMO de bheith ina hiontráil bhailí nuair a thagann athrú ar aon cheann de na mionsonraí seo a leanas go dtí go ndéantar an fhaisnéis a éilítear a thabhairt cothrom le dáta:

- (a) bratach an tsoithigh;
- (b) glao-chomhartha idirnáisiúnta raidió (más ann dó);
- (c) dáta tosaithe an údaraithe;
- (d) dáta deiridh an údaraithe;
- (e) UVI (Aitheantóir Uathúil Soithigh)/uimhir IMO.’

(7) Leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ní dhéanfar trasloingsiú ar muir agus i gcalafoirt ach amháin idir soithí iascaireachta údaraithe a chuimsítear i dtaifead soithí SPRFMO.’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ar muir, ní rachfar i mbun aistriú breosla, criú, trealaimh ná aon soláthairtí eile i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO ach amháin idir soithí iascaireachta údaraithe a chuimsítear i dtaifead soithí SPRFMO.’

(c) cuirtear isteach na míreanna 5 agus 6 seo a leanas:

‘5. Ní oibreoidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais mar shoitheach iascaireachta díluchtaithe agus soitheach iascaireachta glactha araon le linn an turais chéanna, ach amháin i gcás teagmhas *force majeure* nach bhfuil neart ag an soitheach air, lena n-áirítear cliseadh tromchúiseach meicniúil nó teagmhais eile a chuireann sábháilteacht an chriú i mbaol nó a mbíonn caillteanas suntasach airgeadais mar thoradh air trí throchlú éisc. Sna cásanna sin, tabharfaidh an Ballstát brataí fógra do Rúnaíocht SPRFMO agus don Choimisiún faoin trasloingsiú agus faoi na himthosca is cúis leis an *force majeure* laistigh de 1 lá oibre tar éis an trasloingsiú a bheith curtha i gcrích.

6. Faoi 20 Eanáir gach bliain, déanfaidh na Ballstáit an liosta de na soithí iascaireachta atá faoina mbratach agus a rinne iascaireacht ghníomhach nó a bhí ag gabháil do thrasloingsiú le haghaidh speiceas seachas an bolmán gorm i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO sa bhliain roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SPRFMO faoin 30 Eanáir gach bliain.’

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

‘Airteagal 24

Fógra faoi thrasloingsiú

1. I gcás trasloingsiú acmhainní iascaigh arna ngabháil i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO, déanfaidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta glactha de chuid an Aontais réamhfógra trasloingsithe SPRFMO a tharchur an tráth céanna chuig an gCoimisiún agus chuig Rúnaíocht SPRFMO 36 uair an chloig ar a laghad roimh am

tosaithe measta an trasloingsithe sin i gcomhréir le hIarscríbhinn VII. Ceanglaítear fógra den sórt sin a thabhairt gan beann ar an áit inar tharla an trasloingsiú.

2. Mura dtosóidh an trasloingsiú dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 72 uair an chloig ó am tosaithe measta an trasloingsithe arna fhógairt nó laistigh de 50 muirmhíle ón suíomh measta ar tugadh fógra ina leith san réamhfhógra trasloingsithe, déanfaidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta glactha de chuid an Aontais fógra faoi réamhfhógra trasloingsithe modhnaithe SPRFMO a thabhairt don Choimisiún agus do Rúnaíocht SPRFMO an tráth céanna i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a luaithe is féidir.
3. Mura dtarlaíonn trasloingsiú ar tugadh fógra ina leith, déanfaidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta glactha de chuid an Aontais, an tráth céanna, fógra a thabhairt don Choimisiún agus do Rúnaíocht SPRFMO a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 5 lá oibre tar éis am fógartha an trasloingsithe.’

(9) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

‘Airteagal 24a

Ceanglais stórála maidir le soithí iascaireachta glactha de chuid an Aontais

Má dhéanann soitheach iascaireachta glactha de chuid an Aontais níos mó ná trasloingsiú amháin, ceanglóidh an Ballstát brataí uirthi an ghabháil ó gach trasloingsiú a stóráil ar leithligh ionas go mbeidh sí inaitheanta go héasca. Beidh plean stuála ar fáil ar bord an tsoithigh iascaireachta glactha de chuid an Aontais lena ndéanfar foráil maidir leis an ngabháil sin a scaradh ó shoithí iascaireachta díluchtaithe éagsúla.’

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:

‘Airteagal 25

Faireachán ar thrasloingsiú

1. Maidir le soithí iascaireachta glactha de chuid an Aontais a bhíonn ag gabháil do thrasloingsiú ar muir, beidh breathnóir ar bord na soithí sin chun faireachán a dhéanamh ar an trasloingsiú agus chun an fhaisnéis a thaifeadadh i mbileog loga trasloingsithe bhreathnóir SPRFMO a cheanglaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII.
2. De bhreis ar mhír 1, má tá breathnóir ar bord soitheach iascaireachta díluchtaithe de chuid an Aontais le linn trasloingsiú, déanfaidh an breathnóir sin faireachán ar an trasloingsiú freisin agus déanfaidh sé an fhaisnéis a thaifeadadh i mbileog loga trasloingsithe bhreathnóir SPRFMO a cheanglaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII.
3. Ní dhéanfaidh soitheach iascaireachta glactha de chuid an Aontais ach trasloingsiú amháin ag an am le haghaidh gach breathnóra atá ar fáil chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an trasloingsiú.
4. Chun cainníocht agus speicis na n-acmhainní iascaigh atá á dtrasloingsiú a fhíorú, agus chun a áirithiú gur féidir fíorú cuí a dhéanamh, beidh rochtain iomlán ag an mbreathnóir ar bord ar an soitheach iascaireachta de chuid an Aontais atá á breathnú, lena n-áirítear rochtain ar an gcríú, ar na fearais, ar an trealamh, ar na taifid (lena n-áirítear taifid i bhformáid leictreonach) agus ar na boilg.
5. Líonfaidh an breathnóir bileog loga trasloingsithe bhreathnóir SPRFMO isteach i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII agus soláthróidh sé an fhaisnéis sin go leictreonach

d'údaráis inniúla an Bhallstáit ar faoina bhratach atá an soitheach iascaireachta glactha de chuid an Aontais tráth nach déanaí ná 20 lá ón uair a dhíbhordálfar í.

6. Déanfaidh an Ballstát ar faoina bhratach atá an soitheach iascaireachta glactha de chuid an Aontais na sonraí breathnóra ar bhileog loga trasloingsithe bhreathnóir SPRFMO a chur faoi bhráid an Choimisiúin go leictreonach tráth nach déanaí ná 25 lá ó dhíbhordáil an bhreathnóra. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh go leictreonach chuig Rúnaíocht SPRFMO tráth nach déanaí ná 30 lá ó dhíbhordáil an bhreathnóra.'

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26:

‘Airteagal 26

Faisnéis atá le tuairisciú tar éis an trasloingsithe

1. 1. Ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí iascaireachta glactha atá faoina mbratach agus a bhíonn ag gabháil do thrasloingsiú dearbhú trasloingsithe de chuid SPRFMO a ullmhú i gcomhréir le hIarscríbhinn IX agus cuirfidh siad an dearbhú faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná an 10ú lá den mhí tar éis na míosa ina gcuirtear an trasloingsiú i gcrích. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SPRFMO tráth nach déanaí ná an 15ú lá den mhí tar éis na míosa ina gcuirtear an trasloingsiú i gcrích.
2. 2. Ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí iascaireachta glactha atá faoina mbratach agus a bhíonn ag gabháil do thrasloingsiú cóip de dhearbhu trasloingsithe SPRFMO a choinneáil ar an soitheach ar feadh an turais iascaireachta agus é a sholáthar d'aon chigire údaráithe de réir mar is gá.'

(12) Leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. De bhreis ar na ceanglais maidir le tuairisciú sonraí a leagtar amach in Airteagail 7, 11, 14, 16, 18, 21, 22, 23, 24, 25, 26, 28a, 28u, 29, 35b, 35e, 40 agus 41, déanfaidh na Ballstáit a ndéanann a soithí iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO na sonraí a leagtar amach i míreanna 2, 3 agus 3a den Airteagal seo a sholáthar don Choimisiún.’

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘3a. Faoin 15 Eanáir gach bliain, déanfaidh na Ballstáit a ndéanann a soithí iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO in iascaigh seachas iascaigh bolmán gorm an liosta de na soithí a rinne iascaireacht ghníomhach nó a bhí ag gabháil do thrasloingsiú i Limistéar an Choinbhinsiúin le linn na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO faoin 30 Eanáir.’

(13) I gCaibidil IV, cuirtear Ranna 1 go 3 in ionad Airteagal 28 mar a leanas:

‘ROINN 1

Nós imeachta um chreidiúnú cláir breathnóirí agus íoschaighdeáin

Airteagal 28

Cláir breathnóirí

1. Déanfaidh na Ballstáit a ndéanann a soithí iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO cláir breathnóirí a bhunú chun na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn X a bhailiú.
2. Áiritheoidh na Ballstáit nach n-imscarfaidh na cláir breathnóirí arna mbunú de bhun mhír 1 ná aon soláthraí seirbhíse ach breathnóirí neamhspleácha neamhchlaonta.
3. I gcás na n-iascach ina gceanglaítear íosleibhéal clúdaigh breathnóra, áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar breathnóirí ar bord soithí iascaireachta atá faoina mbratach a imscaradh ach amháin ó chláir breathnóirí agus ó sholáthraithe seirbhíse arna gcreidiúnú ag Coimisiún SPRFMO.
4. I gcás na n-iascach nach bhfuil 100 % de chlúdach breathnóra ag teastáil ina leith, áiritheoidh na Ballstáit gur modh ionadaíoch é an modh chun breathnóirí a shannadh ar shoithí iascaireachta atá faoina mbratach chun go ndéanfar faireachán ar an iascach agus go mbeidh sé i gcomhréir le riachtanais shonracha sonraí an iascaigh ina iomláine.
5. Déanfaidh na Ballstáit doiciméadú agus faisnéis a sholáthar maidir leis na modhanna a úsáidtear chun breathnóirí a chionroinnt ar shoithí iascaireachta atá faoina mbratach chun na ceanglais maidir le clúdach breathnóra a chomhlíonadh. Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis sin don Choimisiún ina dtuarascáil eolaíoch bhliantúil ina gcumhdófar an bhliain roimhe sin.
6. Na Ballstáit a bheartaíonn breathnóirí ó chlár breathnóirí Ballstáit eile, ó Chomhalta SPRFMO nó ó PCN a imscaradh, déanfaidh siad an Coimisiún a chur ar an eolas sula ndéanfar an t-imscaradh sin. Iarrfaidh an Coimisiún toiliú an Bhallstáit, an Chomhalta de chuid SPRFMO nó an PCN ar leith agus cuirfidh sé an méid sin in iúl don Bhallstát ábhartha ina dhiaidh sin.
7. Beidh soithí taighde eolaíochta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht chun críoch taighde díolmhaithe ón oibleagáid breathnóirí creidiúnaithe a bheith ar bord acu, ach amháin má tá siad ag gabháil d’iascach taiscéalaíoch. Comhlíonfaidh Ballstáit bhrataí na soithí sin na ceanglais maidir le bailiú sonraí agus tuairisciú atá in Iarscríbhinn X agus in Airteagal 28a agus áiritheoidh siad go mbeidh sé d’acmhainn ag an bpearsanra eolaíochta ar bord na freagrachtaí breathnóireachta agus tuairiscithe uile atá sna ceanglais sin a chomhlíonadh ina n-iomláine.

Airteagal 28a

Tuairisciú sonraí breathnóra

1. Faoi 15 Meán Fómhair gach bliain, déanfaidh na Ballstáit a ndéanann a soithí iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO na sonraí breathnóra is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn X agus a chumhdaíonn an bhliain féilire roimhe sin a sholáthar don Choimisiún. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO faoi 30 Meán Fómhair.
2. Tráth nach déanaí ná 45 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch SPRFMO, soláthróidh na Ballstáit a ndéanann a soithí iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO

tuarascáil bhliantúil faoi chur chun feidhme an chláir breathnóirí a chumhdaíonn a ngníomhaíocht iascaireachta sa bhliain roimhe sin. Cuimseofar sa tuarascáil sin oiliúint breathnóirí, dearadh agus clúdach an chláir, cineál na sonraí a bailíodh, mionsonraí faoi aon soláthraí seirbhíse a úsáideadh, agus aon fhadhb a tháinig chun cinn i rith na bliana. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO tráth nach déanaí ná 30 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch SPRFMO.

Airteagal 28b

Creidiúnú an chláir breathnóirí

1. Maidir leis na Ballstáit a fhéachann lena gclár breathnóirí a chreidiúnú, déanfaidh siad, 7 mí ar a laghad roimh an gcrúinniú bliantúil de chuid Choimisiún SPRFMO inar mian leo go ndéanfaí an creidiúnú a mheas an fhaisnéis agus an doiciméadacht ábhartha go léir chun na caighdeáin dá bhforáiltear in Airteagal 28c go hAirteagal 28o a chomhlíonadh, lena n-áirítear lámhleabhair, teoracha agus ábhair oiliúna, agus, i gcás inarb ábhartha, faisnéis faoi chláir náisiúnta agus soláthraithe seirbhíse atá creidiúnaithe cheana féin ag Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh eile, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO 6 mhí ar a laghad roimh chruinniú bliantúil Choimisiún SPRFMO.
2. Tabharfaidh na Ballstáit faisnéis bhreise agus ceartúcháin is ábhartha dá gclár breathnóirí don Choimisiún de réir mar is gá. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO.
3. Déanfaidh an Coimisiún an dréacht-tuarascáil mheastóireachta ar a gclár breathnóirí a chur ar aghaidh chuig na Ballstáit chun barúlacha a fháil uathu agus cuirfidh sé aon bharúil ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO.
4. Cuirfidh an Coimisiún cinneadh SPRFMO maidir le creidiúnú a gclár breathnóirí in iúl don Bhallstát lena mbaineann.

Airteagal 28c

Neamhchlaontacht, neamhspleáchas agus sláine

1. Áiríteoidh na Ballstáit nach n-imscarfaidh a gclár breathnóirí agus a soláthraithe seirbhíse ach breathnóirí neamhspleacha neamhchlaonta. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil leas díreach airgeadais, úinéireacht ná naisc ghnó ag an gclár breathnóirí ná ag an soláthraí seirbhíse, de réir mar is gá sa chás, ná ag na breathnóirí aonair, le soithí, próiseálaithe, gníomhairí ná miondíoltóirí a bhfuil baint acu le héisc nó táirgí éisc a ghabháil, a thógáil, a shaothrú, a iompar, a phróiseáil nó a dhíol.
2. Áiríteoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh a gclár breathnóirí ná a soláthraithe seirbhíse ná na breathnóirí aonair an méid seo a leanas:
 - (a) leas díreach airgeadais a bheith acu, seachas seirbhísí breathnóirí a sholáthar, sna hiascaigh atá faoi chúram SPRFMO, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh: i) aon úinéireacht, sealbhóir morgáiste, nó leas urraithe eile i soitheach nó i bpróiseálaí a bhfuil baint aige le héisc a ghabháil, a thógáil, a shaothrú nó a phróiseáil; ii) aon ghnólacht a dhíolann soláthairtí nó seirbhísí le haon soitheach nó próiseálaí san iascach; iii) aon ghnólacht a cheannaíonn táirgí amha nó próiseáilte ó aon soitheach nó próiseálaí san iascach;

- (b) aon aisce, bronnatas, fabhar, siamsaíocht, cóiríocht iomarcach, iasacht nó aon ní a bhfuil luach airgeadaíochta ag baint leis a lorg nó a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, ó aon duine a sheolann gníomhaíochtaí atá á rialáil ag Comhalta de chuid SPRFMO nó ag PCN atá bainteach lena sheirbhísí nó le SPRFMO, nó a bhfuil leasanna aige a bhféadfadh comhlíonadh nó neamhchomhlíonadh dhualgais oifigiúla an bhreathnóra difear mór a dhéanamh dóibh;
- (c) fónamh mar bhreathnóir ar aon soitheach nó ar aon phróiseálaí ar le duine iad a d'fhostaigh an breathnóir roimhe sin i gcáil eile le 3 bliana anuas nó atá á n-oibriú ag duine den sórt sin (e.g. mar bhall den chriú); agus,
- (d) fostaíocht a lorg nó a ghlacadh mar bhall criú nó mar fhostaí soithigh nó próiseálaí le linn a bheith fostaíthe ag clár breathnóirí nó ag soláthraí seirbhíse an Bhallstáit.

Airteagal 28d

Cáilíochtaí breathnóirí

Áiríteoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh breathnóirí a earcaítear ina gclár breathnóirí nó a imscarann a soláthraithe seirbhíse na critéir seo a leanas:

- (a) oideachas nó oiliúint theicniúil ábhartha agus/nó taithí ábhartha le haghaidh na gcabhlach lena mbaineann;
- (b) an cumas na dualgais breathnóirí a dtugtar tuairisc orthu sa Roinn seo a chomhlíonadh;
- (c) gan aon taifead ar chiontuith a chaitheann amhras ar shláine an bhreathnóra nó a léiríonn claonadh i dtreo foréigin; agus
- (d) an cumas na doiciméid riachtanacha uile a fháil, lena n-áirítear pasanna agus víosaí.

Airteagal 28e

Oiliúint breathnóirí

1. Áiríteoidh na Ballstáit go gcuirfear oiliúint leordhóthanach ar bhreathnóirí ina gclár breathnóirí nó ar bhreathnóirí arna n-imscaradh ag a soláthraithe seirbhíse sula n-imscarfar iad. Cuimseofar san oiliúint na nithe seo a leanas:
 - (a) an gaol idir eolaíocht iascaigh agus bainistiú iascaigh agus an tábhacht a bhaineann le bailiú sonraí sa chomhthéacs sin;
 - (b) forálacha ábhartha Choinbhinsiún SPRFMO, an Rialacháin seo, agus bhearta caomhnaithe agus bainistíochta SPRFMO (CMManna) a bhaineann le feidhmeanna agus dualgais breathnóirí;
 - (c) an tábhacht a bhaineann le clár breathnóirí, lena n-áirítear tuiscint ar dhualgais, ar chearta, ar údarás agus ar fhreagrachtaí na mbreathnóirí;
 - (d) sábháilteacht ar muir, lena n-áirítear éigeandálaí ar muir, cultacha frithnochta a chaitheamh, trealamh sábháilteachta a úsáid, raidiúnna a úsáid, marthanais ar muir, coinbhleachtaí a bhainistiú, agus marthanais fuaraisce;
 - (e) oiliúint gharchabhrach, atá oiriúnach do bheith ag obair ar muir nó in áiteanna iargúlta;

- (f) sainathint agus taifead speiceas a dtagtar orthu ar muir, lena n-áirítear spriocspeicis agus speicis nach spriocspeicis iad, speicis faoi chosaint, éanlaith mhara, mamaigh mhuirí, turtair mhara, inveirteabraigh a léiríonn éiceachórais leochaileacha mhuirí, etc.;
- (g) eolas ar chineálacha éagsúla agus ar fheidhmiú na bhfeistí maolaithe foghabhála a éilíonn CMManna SPRFMO;
- (h) prótacail láimhseála sábháilte chun éanlaith mhara, mamaigh mhuirí agus turtair mhara a athshlánú agus a scaoileadh saor;
- (i) cineálacha soithí iascaireachta agus trealamh iascaireachta atá ábhartha do SPRFMO;
- (j) teicnící agus nósanna imeachta chun comhdhéanamh gabhála agus speiceas a mheas;
- (k) úsáid agus cothabháil trealamh samplála lena n-áirítear scálaí, cailpéir, etc.;
- (l) modheolaíochtaí samplála ar muir, i.e., sampláil éisc, gnéasathint éisc, teicnící tomhais agus meáite, bailiú agus stóráil eiseamal, agus modheolaíochtaí samplála;
- (m) tuiscint a fháil ar chlaontachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann sa tsampláil, ar an gcaoi a dtagann siad chun cinn agus ar an gcaoi a bhféadfaí iad a sheachaint;
- (n) samplaí a ullmhú le haghaidh anailíse;
- (o) cóid bailithe sonraí agus formáidí bailithe sonraí;
- (p) eolas ar logleabhair ghabhála agus ceanglais maidir le taifid a choimeád chun cuidiú le breathnóirí sonraí a bhailiú mar a cheanglaítear faoi CMManna SPRFMO;
- (q) taifeadáin dhigiteacha nó leabhair nótaí leictreonacha a úsáid;
- (r) trealamh leictreonach a úsáidtear le haghaidh obair na mbreathnóirí agus tuiscint a fháil ar oibriú an trealamh sin;
- (s) úsáid córas faireacháin leictreonaigh mar chomhlánú ar a gcuid oibre, nuair is infheidhme;
- (t) faisnéisiú ó bhéal agus scríbhneoireacht tuarascála;
- (u) oiliúint maidir le gnéithe ábhartha den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL).

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh a gcláir breathnóirí nó a soláthraithe seirbhíse oiliúint athnuachana leanúnach ar fáil a bheidh ag brath ar na ceanglais cháilíochta. Déanfar nuashonruithe ábhartha ar CMManna SPRFMO agus ar cheanglais breathnóirí a chur in iúl do bhreathnóirí roimh gach imscaradh mar chuid den phróiseas faisnéisithe, mar shampla i lámhleabhar nuashonraithe.

Airteagal 28f

Oiliúnóirí breathnóirí

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na scileanna iomchuí ag oiliúnóirí breathnóirí ina gcláir breathnóirí nó arna n-imscaradh ag soláthraithe seirbhíse agus go mbeidh siad údaraithe ag an gclár nó ag an soláthraí seirbhíse sin chun oiliúint a chur ar bhreathnóirí.

Airteagal 28g

Faisnéisiú agus glacadh cuntais

1. 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh córais i bhfeidhm ina gcláir breathnóirí nó ina soláthraithe seirbhíse chun faisnéisiú nó glacadh cuntais a chur ar fáil do bhreathnóirí agus chun cumarsáid a dhéanamh tráth ar bith le máistrí soithí.
2. 2. Is pearsanra a mbeidh oiliúint chuí air a thabharfaidh faoi phróiseas an fhaisnéisithe agus an ghlactha cuntais agus áiritheoidh sé go dtuigfidh breathnóirí agus máistrí soithí go soiléir a ról agus a ndualgais ar leith.

Airteagal 28h

Próiseas bailíochtaithe sonraí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh próiseas bailíochtaithe sonraí breathnóra i bhfeidhm ag a gcláir bhreathnóirí nó ag a soláthraithe seirbhíse.
2. Gabhfaidh pearsanra a mbeidh oiliúint chuí air tríd an bpróiseas bailíochtaithe sonraí agus áiritheoidh sé go ndéanfar na sonraí agus an fhaisnéis arna mbailiú ag breathnóir a sheiceáil maidir le neamhréireachtaí nó míchruinnis a cheartófar sula n-iontrálfar an fhaisnéis i mbunachar sonraí nó sula n-úsáidfear í le haghaidh anailíse. Cuimsítear leis sin a áirithiú go bhfuil sásra i bhfeidhm ag clár breathnóirí nó soláthraí seirbhíse an Bhallstáit chun sonraí, tuarascálacha agus aon fhaisnéis ábhartha eile a fháil ó bhreathnóir ar bhealach a chuireann cosc ar chur isteach ar na sonraí sin ó fhoinsí eile.
3. Áiritheofar leis an bpróiseas bailíochtaithe sonraí go gcomhlíonfaidh na sonraí na caighdeáin seo a leanas:
 - (a) sásra lenar féidir sonraí eolaíocha a stóráil agus a aistriú chuig clár breathnóirí an Bhallstáit (nó chuig an soláthraí seirbhíse) ar bhealach slán rúnda;
 - (b) faisnéis faoin soitheach lena saináithnítear go huathúil an soitheach iarbhir ónar tharla an iascaireacht;
 - (c) cuimsítear dátaí agus amanna iarrachta iascaireachta agus tá siad comhsheasmhach go himmheánach (mar shampla beidh am deiridh ann tar éis am tosaigh);
 - (d) suíomh bailí iascaireachta a chuimsiú (mar shampla, comhcheangail loighciúla de dhomhanleithead/domhanfhad), a bheidh comhsheasmhach go himmheánach agus a iontrálfar sna haonaid chearta;
 - (e) sonraí iarrachta lenar féidir cainníochtú a dhéanamh ar an méid iarrachta atá infheistithe ag an soitheach, atá iomchuí don mhodh iascaireachta a úsáidtear, rud a shainaithnítear freisin;
 - (f) faisnéis faoi ghabháil lena saináithnítear an acmhainn iascaigh (go dtí leibhéal na speiceas i gcás inar féidir) agus cainníocht an speicis sin a coinníodh nó a aischuireadh. Má úsáidtear iad, beidh cóid speicis cruinn;
 - (g) i gcás ina mbailítear faisnéis bhitheolaíoch nó faisnéis maidir le fad i leith éisc, beidh baint dhíreach aici leis an iarracht inar gabhadh é lena n-áirítear faisnéis maidir le dáta agus am, suíomh agus modh iascaireachta, agus cuimseofar inti modheolaíocht an bhailithe sonraí;

- (h) má bhaineann an clár breathnóirí le trasloingsiú agus/nó le tabhairt i dtír, déanfar méid agus speicis na n-acmhainní iascaigh a thrasloingsítear/a thugtar i dtír a chainníochtú agus a thaifeadadh de réir modheolaíocht chaighdeánach;
- (i) sonraí idirghníomhaíochta a bhaineann le mamaigh mhuirí, éin mhara, reiptílí agus/nó speicis eile is ábhar inní lena sainathnítear an speiceas aonair (i gcás inar féidir), líon na n-ainmhithe, cinniúint (a coinníodh nó a scaoileadh saor/a aischuireadh), stádas saoil má scaoileadh saor iad (beoga, beo, táimhe, marbh), agus an cineál idirghníomhaíochta (duán/fostú i líne/bualadh tarlaithe/gabháil i líon/eile).

Airteagal 28i

Cártaí aitheantais breathnóirí

Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar do bhreathnóirí ina gcláir breathnóirí nó arna n-imscaradh ag soláthraithe seirbhíse cártaí aitheantais ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) ainm iomlán an bhreathnóra,
- (b) dáta eisiúna agus dáta éaga,
- (c) ainm chlár breathnóirí nó sholáthraí seirbhíse an Bhallstáit,
- (d) uimhir aitheantais uathúil (más é an clár breathnóirí nó an soláthraí seirbhíse a d'eisigh)
- (e) grianghraf pas den bhreathnóir, agus
- (f) uimhir theileafóin éigeandála.

Airteagal 28j

Socrúcháin breathnóirí agus imscaradh breathnóirí a chomhordú

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach ina gcláir breathnóirí nó ina soláthraithe seirbhíse breathnóirí a imscaradh go tráthúil agus go bhfaighidh an breathnóir roghnaithe gach cúnamh is féidir le linn fhad iomlán a socrúcháin.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh prótacal i bhfeidhm ag a gcláir breathnóirí nó ag a soláthraithe seirbhíse chun breathnóir a ionadú i gcás nach mbeidh an breathnóir in ann a dhualgais a chomhlíonadh.
3. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go bhféachfaidh a gcláir breathnóirí nó a soláthraithe seirbhíse, a mhéid is féidir, le himscaradh breathnóir aonair ar roinnt turas leantach ar an soitheach céanna a sheachaint.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go riarfaidh a gcláir breathnóirí nó a soláthraithe seirbhíse socrúcháin breathnóirí freisin, chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreathnóirí a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 28c agus chun a áirithiú go dtabharfar gach socrúchán chun críche ó thaobh riaracháin de a luaithe is indéanta tar éis do na breathnóirí filladh ar an gcalafort.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a gcláir breathnóirí nó a soláthraithe seirbhíse cumarsáid leis an mbreathnóir maidir le himscaradh atá ar na bacáin, go ndéanfaidh siad taisteal na mbreathnóirí a chomhordú, agus go soláthróidh siad na soláthairtí is gá le haghaidh dhualgais na mbreathnóirí.

Airteagal 28k

Trealamh sábháilteachta na mbreathnóirí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar trealamh iomchuí, lena n-áirítear trealamh sábháilteachta, atá in ord maith oibre, a sholáthar do bhreathnóirí arna n-imscaradh ag a gcláir breathnóirí nó ag a soláthraithe seirbhíse, ar trealamh é a sheiceáiltear agus a athnuaitear go rialta chun a ndualgais a chomhlíonadh ar bord soithigh.
2. Sa trealamh riachtanach tá seaicéad tarrthála, gléas cumarsáide neamhspleách dhá threo atá in ann cumarsáid ghutha nó téacs a sheoladh agus a fháil, rabhcháin aimsithe pearsanta, cultacha frithnochta, hata crua, buataisí nó bróga oibre cearta deice, lámhainní agus spéaclaí cosanta (lena n-áirítear spéaclaí gréine).

Airteagal 28l

Nósanna imeachta um líomhaintí maidir le mí-iompar breathnóirí

Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh a gcláir breathnóirí nó a soláthraithe seirbhíse nósanna imeachta um mí-iompar breathnóirí a chosc, a imscrúdú agus a thuairisciú, i gcomhar le breathnóirí, máistrí soithí, agus Comhaltaí agus PCNanna ábhartha.

Airteagal 28m

Nósanna imeachta um réiteach díospóidí

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh próiseas réitigh díospóidí i bhfeidhm ag a gcláir breathnóirí nó ag a soláthraithe seirbhíse atá cothrom do na páirtithe uile lena soláthraítear próiseas chun saincheistanna a réiteach trí mhodhanna iomchuí lena n-áirítear éascú agus idirghabháil.

Airteagal 28n

Sábháilteacht breathnóirí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag a gcláir breathnóirí nó ag a soláthraithe seirbhíse chun tacú le breathnóirí agus a ndualgais a dhéanamh gan bhac agus i dtimpeallacht shábháilte oibre, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta Éigeandála (EAP) bunaithe. Ní mór don EAP teoracha a sholáthar maidir le tuarascálacha a sheoladh chuig pointí teagmhála ainmnithe 24 uair an chloig an tsoláthraí chun dálaí neamhshábháilte a thuairisciú, lena n-áirítear cásanna ciaptha, imeaglaíthe nó ionsaithe.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh a gcláir breathnóirí nó a soláthraithe seirbhíse toscaire buan nó maoirseoir buan ar talamh ar fáil freisin chun cumarsáid a dhéanamh leis an mbreathnóir tráth ar bith agus é ar muir.

Airteagal 28o

Árachas agus dliteanas

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh árachas sláinte, sábháilteachta agus dliteanais ag breathnóirí arna n-imscaradh ag a gcláir breathnóirí nó ag a soláthraithe seirbhíse, ar árachas é a bheidh i gcomhréir leis na caighdeáin náisiúnta atá i bhfeidhm i mBallstát an chláir breathnóirí nó an tsoláthraí seirbhíse le haghaidh an árachais sin fad a mhairfidh aon imscaradh sula gcuirfear an breathnóir ar soitheach.

ROINN 2

Cearta agus dualgais breathnóirí, oibreoirí iascaireachta, máistrí soithí agus criúnna

Airteagal 28p

Cearta breathnóirí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtairbheoidh breathnóirí ar bord soithí iascaireachta atá faoina mbratach de na cearta a leagtar amach san fhoráil seo agus go gcuirfear cóip de na cearta sin ar fáil do chriú na soithí sin nó go gcuirfear ar taispeáint go feiceálach ar bord iad.
2. Agus a gcúraimí agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, beidh na cearta seo a leanas ag breathnóirí ar bord soithí iascaireachta de chuid an Aontais:
 - (a) saoirse chun a ndualgais a chomhlíonadh gan ionsaí, bac, moill, imeaglú ná cur isteach a bheith déanta orthu;
 - (b) rochtain ar shaoráidí agus ar threalamh uile an tsoithigh is gá chun dualgais an bhreathnóra a chomhlíonadh, agus úsáid na saoráidí agus an trealaimh sin, lena n-áirítear rochtain iomlán ar an droichead, ar an ngabháil sula ndéanfar í a shórtáil, ar an ngabháil phróiseáilte agus ar aon fhoghabháil ar bord, chomh maith le limistéir a fhéadfadh a úsáid chun éisc a choinneáil, a phróiseáil, a mheá agus a stóráil, de réir mar is féidir go sábháilte, ach gan bheith teoranta don rochtain sin;
 - (c) rochtain ar thaifid an tsoithigh, lena n-áirítear logleabhair, léaráidí soithí agus doiciméadacht chun athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid, measúnú agus cóipeáil, chomh maith le rochtain ar threalamh loingseoireachta, cairteacha agus faisnéis eile a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta;
 - (d) rochtain ar threalamh cumarsáide agus ar phearsanra agus úsáid an trealaimh agus an phearsanra sin, arna iarraidh sin, chun sonraí nó faisnéis a bhaineann leis an obair a iontráil, a tharchur agus a ghlacadh;
 - (e) úsáid réasúnach an trealaimh cumarsáide ar bord chun cumarsáid a dhéanamh leis an gclár breathnóirí ar talamh tráth ar bith, lena n-áirítear i gcás éigeandálaí;
 - (f) rochtain ar threalamh breise, más ann dó, chun obair an bhreathnóra a éascú agus é ar bord an tsoithigh, amhail déshúiligh ardchumhachta, modhanna leictreonacha cumarsáide, reoiteoir chun eiseamail a stóráil, scálaí;
 - (g) rochtain shábháilte ar an deic oibre nó ar an stáisiún tarlaithe, le linn aisghabháil lín nó líne agus rochtain ar eiseamail ar an deic (beo nó marbh) chun samplaí a bhailiú;
 - (h) rochtain neamhshrianta ar bhia, ar chóiríocht agus ar shaoráidí sláintíochta ar chaighdeán atá comhionann leo siúd a bhíonn ar fáil d'oifigeach ar bord an tsoithigh de ghnáth chomh maith le saoráidí leighis a chomhlíonann caighdeáin mhuirí idirnáisiúnta;
 - (i) rochtain chun an trealamh sábháilteachta ar bord a fhíorú (trí thuras dírithe ar shábháilteacht arna sholáthar ag oifigigh nó ag an gcriú) sula bhfágfaidh an soitheach an duga;
 - (j) cead gan srian chun aon fhaisnéis a thaifeadadh atá ábhartha chun críocha eolaíochta agus chun sonraí a bhailiú;

- (k) an ceart chun teagmhálaí nó maoirseoir ainmnithe a bheith ar talamh chun cumarsáid a dhéanamh leis tráth ar bith le linn dó a bheith ar muir;
 - (l) an ceart chun diúltú d'imscaradh ar bord soithigh iascaireachta ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo, lena n-áirítear diúltú i gcás inar sainaitníodh saincheisteanna sábháilteachta;
 - (m) an cumas saincheisteanna sábháilteachta a chur in iúl tráth ar bith do mháistir an tsoithigh, d'údarais an chlár breathnóirí nó don soláthraí seirbhíse, don Rúnaíocht, agus don Stát brataí, de réir mar is iomchuí;
 - (n) arna iarraidh sin don bhreathnóir, an ceart chun cúnamh réasúnach a fháil ón gcríú chun a ndualgais a chomhlíonadh, lena n-áirítear, i measc nithe eile, sampláil, eiseamail mhóra a láimhseáil, eiseamail theagmhasacha a scaoileadh saor agus tomhais theagmhasacha a dhéanamh;
 - (o) príobháideachtas i limistéir phearsanta an bhreathnóra;
 - (p) gan dualgais a shanntar don chriú a dhéanamh, amhail trealamh a láimhseáil (chun críoch iascaireachta), éisc a dhíluchtú;
 - (q) ní dhéanfar rochtain ar shonraí breathnóra, ar thaifid, ar dhoiciméid, ar threalamh ná ar ghiuirléidí, ná ní dhéanfar dochar dóibh ná ní scriosfar iad.
3. I gcás ina ndiúltoídh breathnóir a bheith imscartha ar bord soitheach iascaireachta de chuid an Aontais, déanfaidh údarais inniúla an Bhallstáit ar faoina chlár breathnóirí nó faoina sholáthraí seirbhíse a bhí an breathnóir le himscaradh na cúiseanna leis an diúltú a dhoiciméadú agus an fhaisnéis a tharchur chuig an gCoimisiún. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SPRFMO.

Airteagal 28q

Cúraimí na mbreathnóirí

1. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfaidh breathnóirí arna n-imscaradh ag a gclár breathnóirí nó ag a soláthraithe seirbhíse ar bord soithí iascaireachta na dualgais a leagtar amach san fhoráil seo a chomhlíonadh.
2. Déanfaidh breathnóirí ar bord soithí iascaireachta na dualgais seo a leanas:
 - (a) doiciméid iomlána bhailí a bheith ar iompar sula dtéitear ar bord an tsoithigh, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, doiciméid aitheantais, pas, víosaí agus deimhnithe oiliúna maidir le slándáil ar muir;
 - (b) cóipeanna de na doiciméid thuasluaite a chur faoi bhráid bhainisteoirí clár an chlár breathnóirí nó faoi bhráid an tsoláthraí seirbhíse, de réir mar is gá;
 - (c) neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a choinneáil ar bun i gcónaí agus iad ar dualgas;
 - (d) dlíthe agus rialacháin an Bhallstáit, ar faoina bhratach atá an soitheach, a chomhlíonadh;
 - (e) an t-ordlathas agus na rialacha iompraíochta ginearálta is infheidhme maidir le pearsanra an tsoithigh a urramú;
 - (f) dualgais a dhéanamh ar bhealach nach gcuirfidh isteach go míchuí ar oibríochtaí an tsoithigh agus, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chur i gcrích, aird chuí a thabhairt ar cheanglais oibríochtúla an tsoithigh agus cumarsáid a dhéanamh go rialta le máistir an tsoithigh;

- (g) cur amach a bheith aige ar na nósanna imeachta éigeandála ar bord an tsoithigh, lena n-áirítear suíomhanna na raftaí tarrthála, na múchtóirí dóiteáin, agus na bhfearas garchabhrach, agus páirt a ghlacadh go rialta i ndruileanna éigeandála a bhfuil oiliúint faighte ag an mbreathnóir ina leith;
- (h) cumarsáid a dhéanamh go tráthrialta le máistir an tsoithigh maidir le saincheisteanna ábhartha agus dualgais ábhartha an bhreathnóra;
- (i) staonadh ó ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar íomhá an chláir breathnóirí;
- (j) cloí le haon chód iompair is gá do bhreathnóirí, lena n-áirítear aon dlí agus nós imeachta is infheidhme;
- (k) cumarsáid a dhéanamh chomh rialta agus is gá le bainisteoirí an chláir nó le comhordaitheoir an chláir breathnóirí ar talamh;
- (l) aon CMM de chuid SPRFMO a bhfuil a fhorálacha infheidhme go díreach maidir le breathnóirí a chomhlíonadh;
- (m) meas a léiriú ar an bpríobháideachtas i limistéir an mháistir agus an chriú.

ROINN 3

Ceartha agus dualgais oibreoirí agus máistrí soithí de chuid an Aontais

Airteagal 28r

Ceartha oibreoirí agus máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na ceartha seo a leanas ag oibreoirí soithí agus máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá faoina mbratach:

- (a) go rachfar i gcomhairle leo agus go gcomhaontóidh siad nó go molfaidh siad ar shlí eile roghanna malartacha maidir le huainiú agus socrú breathnóirí, nuair a cheanglaítear orthu breathnóir amháin nó níos mó a thabhairt ar bord;
- (b) oibríochtaí an tsoithigh a dhéanamh gan cur isteach míchuí toisc an breathnóir a bheith i láthair agus dualgais an bhreathnóra a bheith á gcomhlíonadh aige;
- (c) ball de chriú an tsoithigh a shannadh, dá rogha féin, chun bheith in éineacht leis an mbreathnóir agus dualgais á ndéanamh ag an mbreathnóir i limistéir ghuaiseacha;
- (d) go dtabharfaidh an clár breathnóirí nó an soláthraí seirbhíse fógra dóibh go tráthuil nuair a bheidh turas an bhreathnóra críochnaithe faoi aon bharúil maidir le hoibríochtaí an tsoithigh. Beidh deis ag an máistir athbhreithniú agus trácht a dhéanamh ar thuarascáil an bhreathnóra agus beidh sé de cheart aige faisnéis bhreise a mheastar a bheith ábhartha nó ráiteas pearsanta a chuimsiú.

Airteagal 28s

Dualgais oibreoirí agus máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais

Áiritheoidh na Ballstáit go n-urramóidh oibreoirí iascaireachta agus máistrí soithí iascaireachta atá faoina mbratach ceartha na mbreathnóirí a leagtar amach in Airteagal 28p agus go gcomhlíonfaidh siad na dualgais seo a leanas:

- (a) glacadh le duine amháin nó níos mó ar bord an tsoithigh a bheidh sainaitheanta mar bhreathnóirí ag an gclár breathnóirí nó ag an soláthraí seirbhíse nuair a cheanglóidh a mBallstát brataí amhlaidh;

- (b) a áirithiú go ndéanfar criú an tsoithigh a fhaisnéisiú mar is ceart agus nach ndéanfar an breathnóir a ionsaí, a chiapadh, a bhac, a dhiúltú, a imeaglú, tionchar a imirt air nó cur isteach air, ná nach gcuirfidh sé bac ná moill ar an mbreathnóir agus é i mbun dualgas;
- (c) má cheanglaítear é leis an Rialachán seo nó le CMM de chuid SPRFMO, mar uirlis faireacháin chomhlántach, córais nó gairis faireacháin leictreonaigh fheidhmiúla a shuiteáil agus a chothabháil ar feadh na dturas iascaireachta roghnaithe;
- (d) a áirithiú go mbeidh rochtain ag an mbreathnóir ar an ngabháil sula ndéanfar comhpháirteanna na gabhála a shórtáil, a ghrádú nó a scaradh ar bhealach eile;
- (e) a áirithiú go gcuimseoidh soithí atá ag oibriú i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO spás leordhóthanach don bhreathnóir chun sampláil foghabhála nó sampláil eile a dhéanamh de réir mar is gá, ar bhealach sábháilte lena gcuirtear teorainn leis an gcur isteach ar oibríochtaí soithigh, le stáisiún samplála tiomnaithe agus le trealamh eile amhail scálaí;
- (f) stáisiún samplála sábháilte glan a choinneáil ar bun lena úsáid ag an mbreathnóir;
- (g) staonadh ón stáisiún samplála a athrú le linn turas breathnaithe gan dul i gcomhairle roimh ré leis an mbreathnóir agus gan fógra a thabhairt ina dhiaidh sin dá Bhallstát brataí;
- (h) an criú a chur ar an eolas maidir le huainiú agus cuspóirí an chláir breathnóirí agus maidir leis an sceideal le haghaidh bordáil breathnóirí, chomh maith lena bhfreagrachtaí nuair a bhordálann breathnóir ón gclár breathnóirí an soitheach;
- (i) cúnamh a thabhairt don bhreathnóir an soitheach a bhordáil agus a dhíbhordáil go sábháilte ag áit chomhaontaithe agus ag am comhaontaithe;
- (j) cead a thabhairt don bhreathnóir agus cúnamh a thabhairt dó na dualgais uile a dhéanamh go sábháilte agus áiritheoidh sé nach gcuirfear bac míchuí ar an mbreathnóir agus é i mbun dualgas mura bhfuil saincheist sábháilteachta ann a éilíonn idirghabháil;
- (k) cead a thabhairt don bhreathnóir agus cúnamh a thabhairt dó samplaí ón ngabháil a bhaint agus a stóráil agus cead a thabhairt don bhreathnóir rochtain a fháil ar eiseamail stóráilte;
- (l) bia, cóiríocht, áiseanna sláintíochta leordhóthanacha agus saoráidí leighis ar chaighdeán atá coibhéiseach leis na caighdeáin atá ar fáil de ghnáth d'oifigeach ar bord an tsoithigh de réir caighdeáin idirnáisiúnta a nglactar leo go ginearálta a sholáthar don bhreathnóir agus é ar bord an tsoithigh, gan aon chostas ar an mbreathnóir, ar an gclár breathnóirí ná ar an soláthraí seirbhíse;
- (m) rochtain iomlán ar shaoráidí agus ar threalamh uile an tsoithigh a cheadú agus cúnamh a thabhairt lena n-úsáid, ar saoráidí agus trealamh iad is gá don bhreathnóir chun a dhualgais a chomhlíonadh, lena n-áirítear rochtain iomlán ar an droichead, ar an ngabháil sula ndéanfar í a shórtáil, ar an ngabháil phróiseáilte agus ar aon fhoghabháil ar bord, chomh maith le limistéir a fhéadfar a úsáid chun éisc a choinneáil, a phróiseáil, a mheá agus a stóráil, ach gan bheith teoranta don rochtain sin;

- (n) aon sásra bunaithe arna bhunú ag Coimisiún SPRFMO a leanúint chun coinbhleachtaí a réiteach a chomhlánódh na próisis sheanbhunaithe um réiteach díospóidí arna soláthar ag an gclár breathnóirí nó ag an soláthraí seirbhíse;
- (o) comhoibriú leis an mbreathnóir nuair a bheidh an ghabháil á sampláil ag an mbreathnóir;
- (p) fógra a thabhairt don bhreathnóir 15 nóiméad ar a laghad roimh tharlú trealamh iascaireachta nó roimh nósanna imeachta um ghléasadh, ach amháin má iarrann an breathnóir go sonrach gan fógra a thabhairt dó;
- (q) spás leordhóthanach a sholáthar don bhreathnóir sa droichead nó i limistéar ainmnithe eile le haghaidh obair chléireachais, chomh maith le spás leordhóthanach ar an deic nó sa mhonarcha chun dualgais an bhreathnóra a chomhlíonadh;
- (r) trealamh cosanta pearsanta agus, i gcás inarb iomchuí, culaith fhrithnochta a sholáthar;
- (s) cóir leighis thráthúil a chur ar fáil don bhreathnóir i gcás tinneas nó gortú fisiceach nó síceolaíoch;
- (t) plean gníomhaíochta éigeandála (EAP) a fhorbairt agus a choinneáil ar bun maidir le sábháilteacht breathnóirí.

Airteagal 28t

Faisnéisiú maidir le cúrsaí sábháilteachta

Cuirfidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais nó ball den chriú atá ainmnithe ag an máistir faisnéisiú maidir le cúrsaí sábháilteachta ar fáil don bhreathnóir tráth bhordáil an tsoithigh agus sula bhfágfaidh sí an duga. Cuimseofar an méid seo a leanas san fhaisnéisiú:

- (a) soláthar/suíomh dhoiciméadacht sábháilteachta an tsoithigh;
- (b) suíomh na raftaí tarrthála, acmhainneachtaí na raftaí, sannadh an bhreathnóra, dul in éag, suiteáil, agus aon fhaisnéis ábhartha eile a bhaineann le sábháilteacht;
- (c) suíomh rabhchán raidió éigeandála lena léirítear suíomh i gcás éigeandála agus teoracha maidir lena n-úsáid;
- (d) suíomh na gcultacha frithnochta agus na ngléasanna pearsanta ar snámh, a n-inrochtaineacht, agus na cainníochtaí do gach duine ar bord;
- (e) suíomh na mbladhmana, cineálacha, líon agus dátaí éaga;
- (f) suíomh agus líon múchtóirí dóiteáin, dátaí éaga, inrochtaineacht;
- (g) suíomh fáinní tarrthála;
- (h) nósanna imeachta i gcás éigeandálaí agus gníomhaíochtaí riachtanacha an bhreathnóra le linn gach cineáil éigeandála, amhail dóiteán ar bord nó duine thar bord a fháil ar ais;
- (i) suíomh ábhar garchabhrach agus cur amach ar na baill de chriú atá i gceannas ar gharchabhair;
- (j) suíomh raidiúnna, nósanna imeachta um ghlaio éigeandála a dhéanamh, agus conas raidió a oibriú le linn glao;
- (k) druileanna sábháilteachta;

- (l) áiteanna sábháilte chun obair a dhéanamh ar deic agus an trealamh sábháilteachta is gá;
- (m) nósanna imeachta i gcás bhreiteacht nó thionóisc an bhreathnóra nó aon bhall eile den chriú.

Airteagal 28u

Nós imeachta i gcás éigeandála

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfaighidh breathnóir bás, go mbeidh sé ar iarraidh nó go dtoimhdeofar é a bheith tite thar bord, go ndéanfaidh soithí iascaireachta atá faoina mbratach an méid seo a leanas:
 - (a) deireadh a chur láithreach le gach oibríocht iascaireachta;
 - (b) tús a chur láithreach le cuardach agus tarrtháil má tá an breathnóir ar iarraidh nó má thiomhdítear go bhfuil sé tite thar bord, agus an cuardach a dhéanamh ar feadh ar a laghad 72 uair a chloig, ach amháin i gcás ina n-aimseofar an breathnóir níos luaithe, nó mura dtreoróidh a Bhallstát brataí dóibh leanúint den chuardach;
 - (c) fógra a thabhairt dá mBallstáit brataí láithreach;
 - (d) fógra a thabhairt láithreach don Bhallstát, don Chomhalta de chuid SPRFMO nó don PCN, nó don soláthraí seirbhíse ar faoina chlár breathnóirí a imscartar an breathnóir, más infheidhme;
 - (e) foláireamh a thabhairt láithreach do shoithí eile sa gharchomharsanacht trí leas a bhaint as na modhanna cumarsáide uile atá ar fáil;
 - (f) comhoibriú go hiomlán le haon oibríocht chuardaigh agus tarrthála;
 - (g) gan beann ar na torthaí cuardaigh, filleadh chun tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh chuig an gcalaft is gaire, de réir mar a chomhaontaigh an Ballstát brataí agus an Comhalta de chuid SPRFMO nó an PCN, clár breathnóirí an Bhallstáit nó an soláthraí seirbhíse ar faoina chlár breathnóirí a imscartar an breathnóir;
 - (h) tuarascáil faoin teagmhas a sholáthar dá mBallstát brataí, a tharchuirfidh í chuig an gCoimisiún, chuig soláthraithe na mbreathnóirí agus chuig na húdaráis iomchuí ag brath ar an teagmhas; agus
 - (i) comhoibriú go hiomlán le haon imscrúdú oifigiúil ar an teagmhas agus le gach imscrúdú oifigiúil air, agus aon fhianaise fhéideartha agus maoin phearsanta agus ceathrúna de chuid an bhreathnóra atá éagtha nó ar iarraidh a chaomhnú.
 2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile agus cuirfidh siad chun feidhme iad, mar ábhar díchill chuí, chun cosc a chur ar theagmhais is cúis le díobháil thromchúiseach do bhreathnóirí ar bord soithí iascaireachta atá faoina mbratach nó dá mbás, chun smachtbhannaí nó pionós a ghearradh orthu siúd lena mbaineann, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí imscrúdú coiriúil agus ionchúiseamh coiriúil. Comhoibreoidh na Ballstáit leis an gCoimisiún, le Ballstáit eile, le Comhaltaí SPRFMO agus le PCNanna chun na críche sin.'
- (14) I dTeideal IV, cuirtear isteach an Chaibidil seo a leanas:

‘CAIBIDIL IVa

Sainaithint soithí iascaireachta agus córais um fhaireachán soithí

Airteagal 29a

Marcáil agus sainaithint soithí iascaireachta

1. I dteannta na rialacha maidir le marcáil soithí iascaireachta a leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún,¹⁶ ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí iascaireachta atá faoina mbratach a IRCS a mharcáil chun na sonraíochtaí teicniúla seo a leanas a chomhlíonadh:
 - (a) úsáidfear bloclitreoireacht agus blocuimhreacha síos tríd;
 - (b) i gcás na cabhlach, an fhorstruchtúir agus/nó na ndromchlaí claonta, ní bheidh airde (h) na litreacha agus na n-uimhreacha níos lú ná 1,0 m;
 - (c) leath airde na litreacha agus na n-uimhreacha a bheidh i bhfad an fhleiscín;
 - (d) h/6 ar leithead a bheidh sa stríoc le haghaidh na litreacha agus na n-uimhreacha uile agus an fhleiscín;
 - (e) spásáil:
 - i. ní bheidh an spás idir litreacha agus/nó uimhreacha os cionn h/4 ná níos lú ná h/6;
 - ii. ní bheidh an spás idir litreacha cóngaracha a bhfuil taobhanna ar fána acu thar h/8 ná níos lú ná h/10;
 - (f) déanfar an cúlra a shíneadh chun go mbeidh teorainn timpeall an mhaire nach lú ná h/6;
 - (g) marcáil bhreise ICRS a chuirfear ar dheic, ar aon phlána cothrománach é, lena n-áirítear barr an tí rothaí, agus an mharcáil ar airde nach lú ná 0,3 m.’
- (15) Leasaítear Airteagal 31 mar a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. De mhaolú ar Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, ceanglóidh na Ballstáit chalafoirt ar shoithí iascaireachta tríú tír a bhfuil sé beartaithe acu a gcalafoirt a úsáid chun aon chríche an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a sholáthar, ar a laghad, tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach, agus an méid seo a leanas ag gabháil léi:

 - (a) cóip den údarú iascaireachta nó, más iomchuí, aon údarú eile atá ag an soitheach iascaireachta mar thacaíocht d’oibríochtaí maidir le táirgí iascaigh SPRFMO nó údarú le táirgí iascaigh den sórt sin a thrasloingsiú;
 - (b) liosta criú an tsoithigh iascaireachta;
 - (c) dátaí an turais iascaireachta.’
 - (b) cuirtear isteach an mhír 1a seo a leanas:

¹⁶ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 113, 30.4.2011, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/404/oj).

‘1a. Cuirfidh na Ballstáit chalafoirt an Coimisiún ar an eolas go pras faoi aon iarraidh a fhaightear de bhun mhír 1 maidir le húsáid a gcalafort, agus cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO.’

(16) Leasaítear Airteagal 33 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

‘3. D’ainneoin Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, féadfaidh Ballstáit cead isteach ina gcalafóirt a thabhairt do shoitheach iascaireachta go heisiach chun cigireacht a dhéanamh uirthi agus chun gníomhaíochtaí iomchuí eile a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta arb é is aidhm dó iascaireacht NNN agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht a thacaíonn leis an iascaireacht sin a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú.’

(b) cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:

‘4. I gcás ina bhfuil soitheach dá dtagraítear i mír 3 i gcalafort ar aon chúis, diúltóidh an Ballstát calafóirt úsáid a chalafoirt di chun éisc a thabhairt i dtír, a thrasloingsiú, a phacáistiú agus a phróiseáil agus le haghaidh seirbhísí calafóirt eile lena n-áirítear, *inter alia*, buncaireacht, cothabháil agus cur i nduga tirim.’

(17) Leasaítear Airteagal 35 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit calafóirt cóip den tuarascáil chigireachta agus den fhianaise a bailíodh le linn na cigireachta a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún a luaithe is féidir agus, in aon chás, laistigh de 5 lá oibre tar éis chur i gcrích na cigireachta, agus, a mhéid is indéanta, áiríteoidh siad go gcoimeádfar an fhianaise slán. Déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil chigireachta agus aon fhianaise a tharchur chuig Rúnaíocht SPRFMO agus chuig an bPáirtí Conarthach brataí nó chuig pointe teagmhála an PCN gan mhoill.’

(18) I dTeideal IV, cuirtear isteach an Chaibidil seo a leanas:

‘CAIBIDIL Va

Bordáil agus cigireacht ar an mórmhuir

Airteagal 35a

Prionsabail ghinearálta

1. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a oibríonn i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO, glacfaidh siad le bordáil agus cigireacht arna ndéanamh ag soithí cigireachta údaráithe, ar faoi bhratach chigireachta agus bratainn chigireachta SPRFMO iad, a leagtar amach in Iarscríbhinn XX agus ag cigirí údaráithe de chuid Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún SPRFMO.
2. Féadfaidh an Coimisiún fógra a thabhairt do Choimisiún SPRFMO go mbeidh feidhm ag forálacha bordála agus cigireachta SPRFMO ar an mórmhuir ina n-iomláine, *mutatis mutandis*, amhail idir an tAontas agus eintiteas iascaireachta.
3. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit faoi na soithí cigireachta údaráithe agus faoi údaráis na soithí cigireachta a chuimsítear i gclár SPRFMO de shoithí cigireachta údaráithe agus faoi údaráis na soithí cigireachta, agus faoi aon nuashonrú a dhéantar ar an gclár sin.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoin bhfaisnéis faoi mhír 3 do na soithí iascaireachta atá faoina mbratach agus atá ag oibriú i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO.

Airteagal 35b

Nós imeachta bordála agus cigireachta ar an mórmhuir ar bord soithí iascaireachta de chuid an Aontais

1. Agus an bhordáil agus an chigireacht á ndéanamh, déanfaidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais na nithe seo a leanas:
 - (a) glacadh le bordáil phras shábháilte na gcigirí údaraithe agus an bhordáil sin a éascú;
 - (b) prionsabail maidir le dea-mhairnéalachta a nglactar leo go hidirnáisiúnta a leanúint chun baol do shábháilteacht soithí cigireachta údaraithe agus do shábháilteacht cigirí údaraithe a sheachaint;
 - (c) comhoibriú le cigireacht an tsoithigh agus cúnamh a thabhairt maidir leis an gcigireacht sin;
 - (d) gan na cigirí údaraithe a ionsaí, a dhiúltú, a imeaglú, cur isteach orthu nó bac ná moill mhíchúí a chur orthu agus iad ag déanamh a ndualgas;
 - (e) ceadóidh sé do na cigirí údaraithe cumarsáid a dhéanamh le criú an tsoithigh cigireachta údaraithe, le húdaráis an tsoithigh cigireachta, le haon bhreathnóir ar bord, agus leis an gcriú agus leis an mBallstát brataí;
 - (f) saoráidí réasúnacha a chur ar fáil do na cigirí údaraithe ar bord, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, bia agus cóiríocht; agus
 - (g) díbhordáil shábháilte na gcigirí údaraithe a éascú.
2. Má dhiúltaíonn máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais cead a thabhairt do chigire údaraithe bordáil agus cigireacht a dhéanamh, tabharfaidh an máistir sin míniú ar an gcúis leis an diúltú sin.
3. Ordóidh an Ballstát brataí don mháistir glacadh le bordáil agus cigireacht ach amháin sna cásanna sin inar gá, de bharr bearta, nósanna imeachta agus cleachtais idirnáisiúnta ábhartha a bhaineann le sábháilteacht ar muir, moill a chur ar an mbordáil agus ar an gcigireacht. Mura gcomhlíonfaidh an máistir ordú den sórt sin, cuirfidh an Ballstát brataí údarú an tsoithigh le hiascaireacht a dhéanamh ar fionraí agus ordóidh sé don soitheach filleadh ar an gcalafort láithreach.
4. Tabharfaidh an Ballstát brataí fógra don Choimisiún láithreach faoin ngníomhaíocht a rinne sé sna himthosca dá dtagraítear i mír 3. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur chuig údaráis an tsoithigh cigireachta agus chuig Coimisiún SPRFMO gan mhoill.

Airteagal 35c

Sáruithe tromchúiseacha

1. Chun críocha an Rialacháin seo, cuimseofar le sárú tromchúiseach na sáruithe seo a leanas ar an Rialachán seo, ar Choinbhinsiún SPRFMO nó ar CMManna SPRFMO:
 - (a) iascaireacht a dhéanamh gan údarú bailí arna eisiúint ag an Ballstát brataí;
 - (b) mainneachtain nach beag maidir le taifid leordhóthanacha a choimeád ar ghabhálacha agus sonraí a bhaineann le gabhálacha i gcomhréir le ceanglais

tuairiscithe nó míthuairisciú nach beag ar an ngabháil sin agus/nó ar shonraí a bhaineann leis an ngabháil sin;

- (c) iascaireacht i limistéar dúnta;
- (d) iascaireacht le linn tréimhse choiscthe;
- (e) tógáil nó coinneáil d'aon ghnó speiceas de shárú ar an Rialachán seo, ar Choinbhinsiún SPRFMO nó ar aon CMM de chuid SPRFMO is infheidhme;
- (f) sárú suntasach ar theorainneacha nó ar chuótaí gabhála atá i bhfeidhm;
- (g) trealamh iascaireachta toirmisce a úsáid;
- (h) marcanna, aitheantas nó clárú aon soithigh iascaireachta a fhalsú nó a cheilt d'aon ghnó;
- (i) fianaise maidir le himscrúdú ar shárú a cheilt, an fhianaise sin a chur as a riocht nó a scriosadh;
- (j) an iliomad sárúithe ar neamhaird thromchúiseach ar an Rialachán seo, ar Choinbhinsiún SPRFMO nó ar aon CMM de chuid SPRFMO atá i bhfeidhm iad, nuair a chuirtear le chéile iad;
- (k) diúltú glacadh le bordáil agus cigireacht, ar choinníoll nach gcumhdaíonn an cás a thuairiscítear i míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 35b an diúltú sin;
- (l) cigire údaráithe a ionsaí, a dhiúltú, a imeaglú, a chiapadh go gnéasach, cur isteach air, nó bac nó moill mhíchúí a chur air; agus
- (m) córas faireacháin an tsoithigh a chur as a riocht nó é a dhíchumasú d'aon ghnó.

2. Tar éis fógra a fháil faoi shárú tromchúiseach líomhnaithe, déanfaidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais an méid seo a leanas gan mhoill:

- (a) imscrúdú a dhéanamh agus, más gá sin de réir na fianaise, beart forfheidhmithe a dhéanamh in aghaidh an tsoithigh atá i gceist agus fógra dá réir sin a thabhairt don Choimisiún, agus tabharfaidh an Coimisiún fógra d'údaráis an tsoithigh cigireachta agus do Rúnaíocht SPRFMO; nó
- (b) a údarú d'údaráis an tsoithigh cigireachta imscrúdú a ghabháil de láimh i dtaobh an tsárúithe thromchúisigh líomhnaithe agus fógra a thabhairt don Choimisiún dá réir sin, agus tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaíocht SPRFMO.

3. Chun críocha an Rialacháin seo, féachfaidh na Ballstáit bhrataí ar aon chur isteach ar chomhlíonadh dualgas cigire údaráithe nó soithigh cigireachta údaráithe ag soithí iascaireachta atá faoina mbratach, nó ag captaein agus criú soithí den sórt sin, ar an mbealach céanna le haon chur isteach den sórt sin a tharlaíonn laistigh dá ndlínse eisiach.'

(19) I dTeideal IV, cuirtear isteach an Chaibidil seo a leanas:

‘CAIBIDIL Vb

Truailliú muirí agus trealamh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscartha ar bhealach eile a fháil ar ais

Airteagal 35d

Truailliú muirí

1. Cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar shoithí iascaireachta atá faoina mbratach na plaistigh uile a sceitheadh isteach san fharraige, lena n-áirítear rópaí sintéiseacha, líonta iascaireachta sintéiseacha, málaí dramhaíola plaisteacha agus luaithreach loisceoirí ó tháirgí plaisteacha, ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh soithí iascaireachta atá faoina mbratach na plaistigh uile a stóráil ar bord an tsoithigh go dtí gur féidir iad a sceitheadh ag saoráidí glactha calafoirt leordhóthanacha.
3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 ná 2 maidir le sceitheadh plaisteach ó shoitheach iascaireachta atá riachtanach chun sábháilteacht loinge agus iad siúd atá ar bord a áirithiú nó chun beatha a shábháil ar muir nó maidir le plaistigh, rópaí sintéiseacha agus líonta iascaireachta ó shoitheach iascaireachta a cailleadh de thaisme ar choinníoll gur glacadh gach réamhchúram réasúnach chun caillteanas den sórt sin a chosc.

Airteagal 35e

Trealamh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscartha ar bhealach eile a fháil ar ais

1. Áiritheoidh na Ballstáit:
 - (a) go ndéanfaidh soithí atá faoina mbratach agus a oibríonn le haon trealamh iascaireachta ar bord na hiarrachtaí réasúnta uile trealamh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscartha ar bhealach eile atá nasctha leis na soithí sin a chomhrac, a íoslaghdú agus a dhíothú;
 - (b) go gcuirfear toirmeasc ar shoithí iascaireachta atá faoina mbratach trealamh iascaireachta a bhfuil baint aige leis na soithí sin a dhiúscairt nó a thréigean d’aon ghnó, ach amháin ar chúiseanna sábháilteachta, go háirithe soithí atá i nguais agus/nó ar a bhfuil baol báis;
 - (c) go dtuirmiscfear ar shoithí iascaireachta atá faoina mbratach agus a bhfuil trealamh iascaireachta caillte acu é a thréigean gan gach iarracht réasúnach a dhéanamh é a aisghabháil a luaithe is féidir;
 - (d) go mbeidh trealamh ar bord ag aon soitheach iascaireachta atá faoina mbratach agus a oibríonn le haon trealamh ar bord, i gcás inar féidir, chun aon trealamh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscartha ar bhealach eile atá nasctha leis na soithí sin a aisghabháil;
 - (e) i gcás nach féidir le soitheach iascaireachta atá faoina mbratach trealamh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscartha ar bhealach eile a aisghabháil chuig an soitheach sin, go dtabharfaidh an soitheach fógra dá Bhallstát brataí agus don Choimisiún laistigh de 48 n-uair an chloig faoin bhfaisnéis seo a leanas a bhaineann leis an trealamh sin:
 - (i) ainm, uimhir IMO agus glao- chomhartha an tsoithigh;
 - (ii) cineál/ábhar an trealamh;

- (iii) cainníocht an trealamh;
 - (iv) an t-am a cailleadh, a tréigeadh nó a diúscaíodh an trealamh ar bhealach eile;
 - (v) an suíomh (domhanfhad/domhanleithead) inar cailleadh, inar tréigeadh nó inar diúscaíodh an trealamh ar bhealach eile;
 - (vi) bearta a rinne an soitheach chun an trealamh a aisghabháil; agus
 - (vii) más eol iad, na himthosca ba chúis leis an trealamh a chailleadh, a thréigean nó a dhiúscairt ar bhealach eile ar chúiseanna sábháilteachta;
- (f) i gcás ina n-aisghabhann soitheach atá faoina bhratach trealamh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscairthe ar bhealach eile nach bhfuil nasctha leis an soitheach sin, tabharfaidh an soitheach fógra dá Bhallstát brataí laistigh de 48 n-uair an chloig faoin méid seo a leanas:
- (i) ainm, uimhir IMO agus glao- chomhartha an tsoithigh a d'aisghabh an trealamh;
 - (ii) ainm, uimhir IMO agus glao- chomhartha an tsoithigh a rinne an trealamh a chailleadh, a thréigean nó a dhiúscairt ar bhealach eile (más eol iad);
 - (iii) an cineál trealamh a aisghabhadh;
 - (iv) an chainníocht trealamh a aisghabhadh;
 - (v) an t-am a aisghabhadh an trealamh;
 - (vi) an suíomh (domhanfhad/domhanleithead) inar aisghabhadh an trealamh agus, más féidir, grianghraif den trealamh a aisghabhadh.
2. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis a fhaightear faoi mhír 1, pointí (e) agus (f), a tharchur go pras chuig an gCoimisiún. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh go pras chuig Rúnaíocht SPRFMO.'

(20) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 40:

‘Airteagal 40

Sáruithe líomhnaithe ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta SPRFMO arna dtuairisciú ag Páirtí Conarthach, eintiteas iascaireachta nó PCN

1. Ainmneoidh na Ballstáit pointe teagmhála chun tuarascálacha cigireachta a fháil ó Pháirtithe Conarthacha, eintiteas iascaireachta agus PCNanna.
2. Déanfaidh na Ballstáit aon athrú ar an bpointe teagmhála ainmnithe a tharchur chuig an gCoimisiún 20 lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin in iúl do Rúnaíocht SPRFMO 14 lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe sin.
3. I gcás cigireachtaí calafoirt, má fhaigheann an pointe teagmhála atá ainmnithe ag Ballstát tuarascáil chigireachta ó Pháirtí Conarthach, ó eintiteas iascaireachta nó ó PCN, ar tuarascáil í ina soláthraítear fianaise go bhfuil sárú déanta ag soitheach iascaireachta atá faoi bhratach an Bhallstáit sin ar CMManna SPRFMO, imscrúdóidh an Ballstát brataí an sárú líomhnaithe go pras agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi stádas an imscrúdaithe, agus faoi aon bheart forfheidhmithe a d'fhéadfadh a bheith déanta chun é a chur ar a chumas don Choimisiún Rúnaíocht SPRFMO a chur ar an eolas laistigh de 3 mhí ón bhfógra a fháil. Más rud é nach féidir leis an mBallstát tuarascáil stádais a sholáthar don Choimisiún laistigh de 3

mhí ón tuarascáil chigireachta a fháil, déanfaidh sé, laistigh den tréimhse 3 mhí, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na cúiseanna leis an moill agus faoin dáta a dtíolacfar an tuarascáil stádais. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis maidir le stádas an imscrúdaithe, nó maidir leis an moill leis an imscrúdú, a tharchur chuig Rúnaíocht SPRFMO.

4. I gcás bordáil agus cigireacht ar an mórmhuir, má fhaigheann an pointe teagmhála arna ainmniú ag Ballstát tuarascáil chigireachta ó Pháirtí Conarthach, ó eintiteas iascaireachta nó ó PCN lena soláthraítear fianaise go bhfuil sárú déanta ag soitheach iascaireachta atá faoi bhratach an Bhallstáit sin ar CMManna SPRFMO, tuairisceoidh an Ballstát brataí don Choimisiún, 110 lá ar a laghad roimh chruinniú bliantúil Choimisiún SPRFMO, maidir leis an ngníomhaíocht atá déanta aige mar fhreagairt ar an sárú líomhnaithe, lena n-áirítear aon imeacht a tionscnaíodh agus aon smachtbhanna a cuireadh i bhfeidhm. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO 90 lá ar a laghad roimh an gcruinniú bliantúil.’

- (21) In Airteagal 41, cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:

‘4. Tráth nach déanaí ná 110 lá roimh an gcruinniú bliantúil, tuairisceoidh na Ballstáit a ndéanann a soithí iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO ar na modhanna atá in úsáid ag soithí iascaireachta atá faoina mbratach chun cosc a chur ar chrioscaíl a dhéanamh leis an ngaireas rianaithe satailíte. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO 90 lá ar a laghad roimh an gcruinniú bliantúil.’

- (22) Leasaítear Airteagal 43 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 7(1), (1b), 1(c) agus (2), Airteagal 11, Airteagal 13(2) agus (5), Airteagal 16(1) agus (3), Airteagal 17(1) agus (2), Airteagal 21, Airteagal 22 (1) go (4), Airteagal 23(6), Airteagal 24(1) go (3), Airteagal 25(5) agus (6), Airteagal 26(1), Airteagal 27(2), (3) agus (3a), Airteagal 28a(1) agus (2), 28b(1), 28(2), 28t agus 28u(1), Airteagal 29(1) agus (2), Airteagal 30(2), Airteagal 31(1) agus (1a), Airteagal 34(5) agus (6), Airteagal 35(2) agus (3), Airteagal 35b(4) agus 35e(1), Airteagal 36, Airteagal 37(1), Airteagal 39(2), Airteagal 40(2), (3) agus (4) agus Airteagal 41(1), (2) agus (4);’

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) clúdach breathnóra a leagtar síos in Airteagal 6;’

- (c) scriostar pointe (d).

- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) an cineál sonraí agus na ceanglais maidir le faisnéis a leagtar síos in Airteagal 7(2), Airteagal 11, Airteagal 13(2) agus (3), Airteagal 14(1) agus (2), Airteagal 16(1), Airteagal 17(1), Airteagal 18(2) agus (3), Airteagal 19(1), Airteagal 21, Airteagal 22 (1) go (4), Airteagal 23(6), Airteagal 24(1) go (3), Airteagal 25(1), Airteagal 26(1), Airteagal 27(2), (3) agus (3a), Airteagal 28(5), 28a(1) agus (2), 28b(1), 28i, 28n(1) agus 28t, Airteagal 29(1) agus (2) agus 29a(1) agus (4), Airteagal 31(1), Airteagal 35a(3), agus Airteagal 35e(1).’

- (e) cuirtear isteach pointí (g) go (u) mar a leanas:

‘(g) an tairseach a leagtar síos in Airteagal 7(1a);

- (h) an cineál limistéar bainistíochta agus gníomhaíochtaí iascaireachta a leagtar síos in Airteagal 12;
 - (i) na critéir theagmhála a leagtar síos in Airteagal 14(1)
 - (j) na faid a leagtar síos in Airteagal 14(1), Airteagal 24(2) agus Airteagal 29(1) agus (3);
 - (k) faisnéis maidir leis an liosta soithí a leagtar síos in Airteagal 22(4a);
 - (l) na critéir cháilíochta breathnóirí a leagtar síos in Airteagal 28d;
 - (m) an liosta de na ceanglais maidir le hoiliúint breathnóirí a leagtar síos in Airteagal 28e(1);
 - (n) na caighdeáin bhailíochtaithe maidir le sonraí breathnóra a leagtar síos in Airteagal 28h(3);
 - (o) an liosta den trealamh sábháilteachta breathnóirí fíor-riachtanach a leagtar síos in Airteagal 28k(2);
 - (p) an liosta de chearta na mbreathnóirí a leagtar síos in Airteagal 28p(2);
 - (q) an liosta de dhualgais na mbreathnóirí a leagtar síos in Airteagal 28q(2);
 - (r) an liosta de chearta oibreoirí agus máistrí soithí de chuid an Aontais a leagtar síos in Airteagal 28r;
 - (s) an liosta de dhualgais oibreoirí agus máistrí soithí de chuid an Aontais a leagtar síos in Airteagal 28s;
 - (t) an nós imeachta a bheidh le leanúint i gcás éigeandála a leagtar síos in Airteagal 28u;
 - (u) na ceanglais maidir le sainaitheint agus marcáil soithigh a leagtar síos in Airteagal 29a.’
- (23) Cuirtear Iarscríbhinní XIV, XV, XVI, XVII, XVIII, XIX agus XX le Rialachán (AE) 2018/975 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/833

Leasaítear leis seo Rialachán (AE) 2019/833 mar a leanas:

- (1) In Airteagal 5(3), pointe (a), cuirtear ‘gabháil’ in ionad ‘gach speiceas’;
- (2) In Airteagal 6(1), cuirtear isteach pointe (ea):
 ‘(ea) cosc a chur ar a iascach dírithe ar throisc i Roinn 3L idir 00:01 AUL an 15 Aibreán 2025 agus 23:59 AUL an 30 Meitheamh 2025. Le linn na tréimhse sin, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh a gcuid soithí teorainn leis na gabhálacha a choinnítear ar bord agus in aon dol amháin den stoc sin i gcomhréir le hAirteagal 7.3.(a) agus go gcomhlíonfaidh siad na forálacha faoi bhogadh ar aghaidh in Airteagal 8.1(b).’
- (3) In Airteagal 7(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) maidir le troisc i Ranna 3L agus 3M, péirsí mara i Ranna 3LN agus leathóga bána i Ranna 3NO: 1 250 kg nó 5 %, cibé acu is mó;’

- (4) I bpointí (d) agus (e) d’Airteagal 6(1), cuirtear an fhoráid ama ‘23:59’ in ionad ‘24:00’;

- (5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Airteagal 15:

‘Trealamh iascaireachta caillte, ligthe le sruth nó diúscartha, trealamh iascaireachta a bhailiú’

- (6) In Airteagal 15(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) ní ligfidh sé trealamh iascaireachta le sruth ná ní dhéanfaidh sé é a dhiúscairt d’aon turas, seachas ar chúiseanna sábháilteachta.’

- (7) In Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (3):

‘3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh Ballstát a cheadú do shoithí iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain acu breathnóir a bheith ar bord i gcomhair níos lú ná 100 % de na turais iascaireachta a dhéanann a chabhlach, ach gan a bheith níos lú ná 25 % díobh, nó de na laethanta a bheidh na soithí iascaireachta sa Limistéar Rialála arna ríomh ar feadh tréimhse bliana féilire amháin sna cásanna seo a leanas:

a. i gcás ina bhfuil sé áirithithe ag an mBallstát brataí go ndíreoidh na soithí ar speicis i limistéir ina meastar go ndéanfar speicis eile a fhoghabháil go faillíoch; nó

b. i gcás inar chuir an Ballstát brataí faisnéis ar fáil lena dtugtar údar maith leis an bhfáth nach gcuirtear cumhdach 100 % i bhfeidhm; nó

c. i gcás ina ndéanann an Ballstát brataí imthosca urghnácha agus imthosca nárbh fhéidir a thuar a dhoiciméadú go cuí agus ina dtugann sé údar maith leo chun cumhdach breathnóra 100 % a chosc;

nó

d. i gcás ina n-imscarann soitheach clár breathnóra leictreonaigh arna fhortheas ag an mBallstát brataí agus;

(i) cuirfidh an Ballstát a gcaighdeáin agus a dtreoirilínte breathnóra leictreonaigh faoi bhráid Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO, agus an Coimisiún agus EFCA i gcóip; agus

(ii) cuirfidh an Ballstát cóip chomhlánaithe d’Iarscríbhinn II.M a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 35 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo isteach laistigh de 3 mhí ón turas a ndéantar breathnóireacht leictreonach air.

a) Maidir le gach turas iascaireachta a dhéanfaidh a shoithí gan breathnóir ar bord acu, déanfaidh an Ballstát brataí cigireacht fhisiceach ar thabhairt i dtír an tsoithigh ina chalafoirt nó déanfaidh sé meastóireacht ar shlí eile de réir mar is iomchuí ar gach tabhairt i dtír ina chalafoirt, tar éis measúnú riosca a dhéanamh. Déanfar cigireachtaí a dhoiciméadú san fhoráid a leagtar síos in Iarscríbhinn IV.C a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 9 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.’

- (8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 30:

‘Airteagal 30

Nósanna imeachta faireachais

1. Áiritheoidh an Ballstát is cigire go ndéanfaidh a chigirí, i gcás gach amhairc i Limistéar Rialála soithigh iascaireachta atá i dteideal bratach Páirtí Chonarthaigh de chuid NAFO a bheith ar foluain aici, an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh i bhFoirm maidir le Tuarascáil Faireachais i gcomhréir le hIarscríbhinn IV.A a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 38 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo:
 - a. an Páirtí Conarthach is Cigire agus sainaitheint na gcigirí;
 - b. sainaitheint nó glao-chomhartha an ardáin cigireachta;
 - c. Stát brataí, ainm agus glao-chomhartha an tsoithigh iascaireachta a bhfuarthas amharc uirthi;
 - d. gníomhaíocht an tsoithigh iascaireachta a bhfuarthas amharc uirthi i gcomhréir lena leagtar amach in IARSCRÍBHINN II.I.B a ghabhann le CEM;
 - e. dáta agus tráth an amhairc;
 - f. suíomh an tsoithigh iascaireachta tráth an amhairc; agus
 - g. íomhánna nó fis-sleachta a taifeadadh agus aon bharúil ábhartha eile.
2. I gcás ina mbreathnóidh cigire sa Limistéar Rialála soitheach iascaireachta a bhfuil bratach Páirtí Chonarthaigh de chuid NAFO ar foluain aici a bhfuil cúiseanna amhrasta ann go ndearnadh sárú dealraitheach ar an Rialachán seo, agus i gcás nach indéanta cigireacht a dhéanamh láithreach, áiritheoidh an Ballstát is cigire go ndéanfaidh an cigire an méid seo a leanas:
 - a. Foirm maidir le Tuarascáil Faireachais a líonadh isteach i gcomhréir le hIarscríbhinn IV.A a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 38 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Más rud é go mbeidh meastóireacht déanta ag an gcigire ar a bhfuil i ndol ó thaobh toirte nó chomhdhéanamh na gabhála de, tá an fhaisnéis uile ábhartha maidir le comhdhéanamh na tarraingthe le háireamh sa tuarascáil faireachais, agus déanfar tagairt don mhodh a úsáidtear i gcomhair na meastóireachta toirtmhéadraí;
 - b. déanfaidh sé taifead d’íomhánna den soitheach agus den suíomh, den dáta agus den am a taifeadadh an íomhá; agus
 - c. tarchuirfidh sé an tuarascáil faireachais mar aon le híomhánna gan mhoill agus go leictreonach chuig a údarás inniúil.
3. Déanfaidh údarás inniúil Ballstáit a bhfuil tuarascáil faireachais á fáil aige an méid seo a leanas gan mhoill:
 - a. an tuarascáil faireachais a bhaineann le hamharc dá dtagraítear i mír 1 a tharchur chuig EFCA agus cuirfidh EFCA í faoi bhráid Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO laistigh de 15 lá ón tráth a fhillfidh an soitheach cigireachta ar an gcalafort;
 - b. an tuarascáil faireachais a tharchur chuig EFCA a bhaineann le hamharc dá dtagraítear i mír 2 agus cuirfidh EFCA í gan mhoill faoi bhráid Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO lena tarchur chuig Páirtí Conarthach Stáit brataí an tsoithigh;

c. arna iarraidh sin, cóip de na híomhánna agus/nó de na fis-sleachta arna dtaifeadadh, agus aon fhaisnéis eile atá ar fáil a bhaineann le hamharc, a tharchur chuig EFCA agus déanfaidh EFCA iad a chur faoi bhráid Páirtí Conarthach Stáit brataí an tsoithigh nó chuig an mBallstát brataí murab ionann é agus an Ballstát is cigire;

d. slándáil agus leanúnachas na fianaise á áirithiú le haghaidh cigireachtaí ina dhiaidh sin.

4. Ar thuarascáil faireachais a fháil a bhaineann le hamharc dá dtagraítear i mír 2 i dtaca le soitheach a bhfuil a bhratach ar foluain aici, déanfaidh údarás inniúil gach Ballstáit pé imscrúdú is gá chun gníomhaíocht leantach iomchuí a chinneadh.
5. Cuirfidh gach Ballstát an tuarascáil imscrúdúcháin dá dtagraítear i mír 4 chuig ECFA, agus cuirfidh ECFA chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO agus chuig an gCoimisiún í.’
- (9) In Airteagal 35(3), pointe (c), cuirtear isteach fophointe (v):
‘(v) iascaireacht dhírithe le linn tréimhse choiscthe de shárú ar Airteagal 6(1)(ea) nó iascaireacht le mogallmhéid neamhúdaraithé nó spás neamhúdaraithé idir barraí an ghráta nó na greille, nó gan greille ná gráta a úsáid, de shárú ar Airteagal 13(2)(d) nuair nach bhfuil aon bhreathnóir ar bord agus nuair atá an soitheach ag díriú ar throisc i Roinn 3L.’;
- (10) In Airteagal 50, mír 2, cuirtear isteach pointe (o):
‘(o) athruithe ar na tréimhsí coiscthe dá bhforáiltear i bpointe (ea) d’Airteagal 6(1);’
- (11) In Airteagal 50, mír 2, cuirtear isteach pointe (p):
‘(p) foghabhálacha a choinneáil ar bord dá bhforáiltear in Airteagal 7(3);’
- (12) In Airteagal 50, mír 2, cuirtear isteach pointe (q):
(q) dualgais mháistir an tsoithigh iascaireachta agus na mBallstát i ndáil le trealamh iascaireachta caillte nó tréigthe, agus trealamh iascaireachta a bhailiú dá bhforáiltear in Airteagal 15;
- (13) In Airteagal 50(2), mír 2, cuirtear isteach pointe (r):
‘(r) maoluithe ar an gclár breathnóirí dá bhforáiltear in Airteagal 27(3);’
- (14) In Airteagal 50(2), mír 2, cuirtear isteach pointe (s):
‘(s) athruithe ar an tagairt do dhoiciméad NAFO le haghaidh liosta gníomhaíochtaí soithí a úsáideann na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 30.1.(d).’

Airteagal 4

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/56

Leasaítear leis seo Rialachán (AE) 2021/56 mar a leanas:

- (1) In Airteagal 4, cuirtear isteach míreanna 1a, 1b agus 1c mar a leanas:
‘1a. Soithí peas-saighne a sháraíonn a dteorainn ghabhála bhliantúil, beidh siad faoi réir tréimhse choiscthe mhéadaithe le linn na bliana dár gcionn. Cuirfear 10 lá breise leis an tréimhse choiscthe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcás soithí peas-saighne a sháraigh an teorainn ghabhála bhliantúil de 1 200 tona méadrach de thuinníní mórshúileacha le linn na bliana roimhe sin. I gcás soithí peas-saighne a

sháraigh an teorainn ghabhála bhliantúil de 1 500 tona méadrach de thuinníní mórshúileacha, cuirfear 13 lá breise leis an tréimhse choiscthe. I gcás soithí peas-saighne a sháraigh an teorainn ghabhála bhliantúil de 1 800 tona de thuinníní mórshúileacha, cuirfear 16 lá breise leis an tréimhse choiscthe; i gcás soithí peas-saighne a sháraigh an teorainn ghabhála bhliantúil de 2 100 tona méadrach, cuirfear 19 lá breise leis an tréimhse choiscthe; agus i gcás soithí peas-saighne a sháraigh an teorainn ghabhála bhliantúil de 2 400 tona méadrach, cuirfear 22 lá breise leis an tréimhse choiscthe, sa bhreis ar an tréimhse choiscthe dá dtagraítear i mír 1. Cuirfear na laethanta coiscthe breise de bhun na míre seo, de réir mar is iomchuí, le tús na tréimhse coiscthe le haghaidh soithí a chomhlíonann an chéad tréimhse agus le deireadh na tréimhse coiscthe le haghaidh soithí a chomhlíonann an dara tréimhse, ionas go gcríochnóidh cosc na chéad tréimhse i gcónaí an 8 Deireadh Fómhair agus go dtosóidh an dara tréimhse i gcónaí an 9 Samhain gach bliain.

1b. Chun mír 1a a chur i bhfeidhm, neartóidh gach Ballstát an córas faireacháin agus rialaithe le haghaidh gabhálacha tuinníní trí úsáid a bhaint as sonraí breathnóra ar bord, logleabhair, sampláil calafoirt agus faisnéis ó shaoráidí próiseála tuinníní, i measc nithe eile. Déanfaidh an Coimisiún na sonraí deiridh maidir leis na gabhálacha bliantúla tuinníní mórshúileacha a dhéanann soithí aonair faoi bhratach an Aontais a thiomsú agus a chur faoi bhráid Rúnaíocht IATTC tráth nach déanaí ná an 15 Feabhra an bhliain dár gcionn.

1c. Déanfaidh na Ballstáit meastachán ar ghabháil tuinníní mórshúileacha gach soithigh faoina mbratach ag deireadh gach turais, sna laethanta díreach tar éis thabhairt i gcrích an turais agus an sceite (e.g. meastacháin na mbreathnóirí, sonraí loga na loinge, sampláil tobair, sonraí cannadóireachta).’

(2) Cuirtear isteach an tAirteagal 4a seo a leanas:

‘Airteagal 4a

Tuarascáil ar ghabhálacha bliantúla thuinníní gorma an Aigéin Chiúin

Déanfaidh gach Ballstát aon fhoghabháil thuinníní gorma an Aigéin Chiúin, nach féidir dul thar 10 dtona méadrach in aghaidh na bliana, a thuairisciú don Choimisiún go bliantúil. Tuairisceoidh an Coimisiún an fhaisnéis sin do Rúnaíocht IATTC go bliantúil.’

(3) In Airteagal 6, cuirtear isteach míreanna 2a, 2b, 2c agus 5a mar a leanas:

‘2a. Ní fhéadfaidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais baoi satailíte atá ceangailte de FAD a dhíghníomhachtú ach amháin sna himthosca seo a leanas: cailliúint iomlán an ghlactha comhartha; dul i dtír; leithreasú FAD ag tríú páirtí; go sealadach le linn tréimhse choiscthe roghnaithe; nuair a bhítear lasmuigh: den limistéar idir na fadlínte 150°I agus 100°I, agus na línte domhanleithid 8°T agus 10°D; den limistéar idir an fhadlíne 100°I agus cósta mhór-roinn Mheiriceá agus na línte domhanleithid 5°T agus 15°D; nó aistriú úinéireachta.

2b. Ní fhéadfaidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais baoi satailíte atá ceangailte de FAD ar muir a athghníomhachtú ó chian ach amháin sna himthosca seo a leanas: chun cuidiú le FAD a chuaigh i dtír a aisghabháil; tar éis díghníomhachtú sealadach le linn na tréimhse coiscthe; nó chun úinéireacht a aistriú agus an FAD ar muir.

2c. Déanfaidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais aon díghníomhachtú nó aon athghníomhachtú ó chian a dhéantar ar bhaoi satailíte a thuairisciú do IATTC i gcomhréir le hIarscríbhinní II agus III. Tíolacfar na tuarascálacha go míosúil le moill

ama dar fad 60 lá ar a laghad, ach nach faide ná 90 lá tar éis díghníomhachtú nó athghníomhachtú ó chian.

5a. Cuirfidh gach Ballstát faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin maidir le stádas chur chun feidhme mhíreanna 4 agus 5 le haghaidh gach bliana féilire i bhformáid a bheidh comhsheasmhach le caighdeáin IATTC maidir le sonraí gabhála agus iarrachta a sholáthar, agus cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil d'fhoireann eolaíoch IATTC agus don Mheitheal *Ad Hoc* um FADanna le haghaidh anailíse.'

(4) Cuirtear isteach an tAirteagal 6a seo a leanas:

‘Airteagal 6a

Dearadh agus aisghabháil FADanna

1. Chun laghdú ar dhul i bhfostú siorcanna, turtar mara nó aon speiceas eile, ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais ach FADanna nach ndéantar le heangach mogaill nó ábhar fostúcháin a imscaradh nó a ath-imscaradh i gcomhréir leis na sonraíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.
2. Chun an méid smionagair mhuirí shintéisigh a laghdú:
 - (a) ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh ní dhéanfaidh oibreoirí soithí iascaireachta de chuid an Aontais FADanna le sruth i gcatagóirí in-bhithdhíghrádaitheachta I, II, III nó IV a imscaradh nó a ath-imscaradh ach amháin mar a shainítear in Iarscríbhinn IV;
 - (b) ón 1 Eanáir 2029 ar aghaidh ní dhéanfaidh oibreoirí soithí iascaireachta de chuid an Aontais FADanna le sruth i gcatagóirí in-bhithdhíghrádaitheachta I nó II a imscaradh nó a ath-imscaradh ach amháin mar a shainítear in Iarscríbhinn IV.
3. Maidir le hábhair dho-bhithdhíghrádaithe, go háirithe rópaí nílóin, is féidir iad a úsáid go heisiach chun struchtúr na comhpháirte snámhaí nó faoi uisce in FAD i gcatagóirí in-bhithdhíghrádaitheachta I agus II a neartú, mar réiteach sealadach mura bhfuil rogha mhalartach in-bhithdhíghrádaithe ar fáil.
4. Chun cosc a chur ar dhul le sruth, cailliúint nó triomú, féadfaidh na Ballstáit tús a chur le cláir dheonacha aisghabhála FADanna le sruth trí thionscnaimh chomhoibríocha i measc soithí iascaireachta a oibríonn i Limistéar an Choinbhinsiúin nó i measc soithí a chuireann tionscadail chun feidhme chun FADanna den sórt sin a aisghabháil. Gan srian a chur ar oibríochtaí rialta iascaireachta soithí peas-saighne a bhíonn ag iascaireacht le FADanna, beidh gníomhaíochtaí aisghabhála den sórt sin teoranta do bhailiú FADanna ar sruth lena ndiúscairt deiridh agus ní dhéanfar aon chineál cothabhála ná aon choigeartú leo. Ní dhéanfaidh na soithí sin FADanna a imscaradh ach amháin más soithí peas-saighne údaráithe iad. FADanna le sruth arna mbailiú faoin gelár aisghabhála deonach, tabharfar ar bord iad agus tabharfar chuig an gcalafort iad lena n-athchúrsáil nó lena ndiúscairt.'

(5) Cuirtear isteach na hAirteagail 7a, 7b agus 7c seo a leanas:

‘Airteagal 7a

Bearta Stát an Chalafoirt

1. Aon Bhallstát ar mian leis rochtain ar a chalafoirt a thabhairt do shoithí iascaireachta tríú tír atá ag iompar táirgí iascaigh IATTC a gabhadh i Limistéar Choinbhinsiúin

IATTC nó táirgí iascaigh de thionscnamh na n-acmhainní sin nár tugadh i dtír ná nár trasloingsíodh roimhe sin i gcalafort nó ar muir, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- a. na calafoirt ar féidir le soithí tríú tír cead a iarraidh chun dul isteach ann a ainmniú de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;
 - b. pointe teagmhála a ainmniú chun críoch réamhfhógra a fháil de bhun Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;
 - c. pointe teagmhála a ainmniú chun críoch tuarascálacha cigireachta a fháil de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.
2. Déanfaidh na Ballstáit aon athrú ar liosta na bpointí teagmhála ainmnithe agus na gcalafort ainmnithe a tharchur chuig an gCoimisiún 20 lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a tharchur chuig Rúnaíocht IATTC 7 lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe.
 3. Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go n-éascóidh máistrí rochtain shábháilte ar an soitheach iascaireachta, go gcomhoibreoidh siad le húdarás inniúil CPC an chalafoirt, go n-éascóidh siad an chigireacht agus an chumarsáid agus nach gcuirfidh siad bac ná imeaglú ar chigirí CPC an chalafoirt agus iad i mbun a ndualgas ná nach gcuirfidh siad isteach orthu, ná nach mbeidh siad ina gcúis le haon duine eile a bheith ag cur bac nó imeaglú orthu nó ag cur isteach orthu.

Airteagal 7b

Córas um Fhaireachán Soithí

1. Áiritheoidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais go n-áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis arna bailiú ag an gCóras um Fhaireachán Soithí:
 - a. sainathint an tsoithigh;
 - b. suíomh geografach an tsoithigh (domhanleithead agus domhanfhad), le hearráid is lú ná 100 méadar ar leibhéal muiníne 98 %;
 - c. dáta agus am (AUL) a dhéantar suíomh an tsoithigh a aimsiú, agus;
 - d. luas agus cúrsa an tsoithigh.
2. Déanfaidh Lárionad Faireacháin Iascaigh (LFI) na mBallstát ar talamh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a bhailiú gach 4 uair an chloig ar a laghad i gcás báid spiléireachta agus gach 2 uair an chloig ar a laghad i gcás soithí eile.
3. Maidir leis an trealamh VMS atá suiteáilte ar shoithí, ar a laghad beidh sé soiléir má dhéantar crioscaíl leis (i.e., beidh aon iarracht cur isteach ar an trealamh inbhraite don soláthraí seirbhíse faireacháin leictreonaigh/úinéir an tsoithigh, agus déanfar í a thuairisciú d'údarás brataí an tsoithigh ar leith), beidh tuairisciú rialta sonraí suímh go hiomlán uathoibríoch, beidh sé oibríochtúil i gcónaí gan beann ar dhálaí comhshaoil, agus beidh sé in ann tuarascálacha agus teachtaireachtaí a tharchur de láimh.
4. Ní bheidh d'údarás ag soitheach iascaireachta de chuid an Aontais tús a chur le turas iascaireachta agus gléas rianaithe satailíte ar bord nach bhfuil ag feidhmiú i gceart. Nuair nach bhfuil gléas ag feidhmiú mar is ceart nó nuair a theipeann air go teicniúil i rith turas iascaireachta a mhaireann níos mó ná 30 lá, ní mór an gléas a dheisiú nó gléas úr a chur ina ionad a thúisce a bhaineann an soitheach calafort amach.
5. I gcás ina sainaithnítear cliseadh teicniúil nó neamhfheidhmiú an ghairis rianaithe satailíte atá feistithe ar bord soitheach iascaireachta agus a chuireann cosc ar dhá

tharchur as a chéile a ghlacadh, cuirfidh máistir an tsoithigh tús le tarchur láimhe i gcomhréir le mír 5 agus déanfar an gaireas a dheisiú nó a ionadú laistigh de 30 lá. Ní bheidh an méid sin infheidhme ach amháin i gcás ina bhfuil gach céim réasúnta ídithe ag na húdaráis inniúla chun tarchur a áirithiú agus nach bhfuil aon dara gléas rianaithe satailíte ag feidhmiú ar bord.

6. Soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil gaireas rianaithe satailíte lochtach inti, cuirfidh sí tuarascálacha ina bhfuil an fhaisnéis i mír 1 in iúl do LFI nó don údarás inniúil ábhartha gach 6 uair an chloig ar a laghad trí mhodhanna teileachumarsáide iomchuí (e.g. raidió, tuairisciú gréasánbhunaithe, ríomhphost, teileafacs nó teiléacs).

Airteagal 7c

Córais Faireacháin Leictreonaigh agus Pleananna um Fhaireachán Soithí

1. ‘Ciallaíonn ‘Córas Faireacháin Leictreonaigh’ nó ‘CFL’ córas comhtháite crua-earraí agus bogearraí a thacaíonn le haimsiú fis-sleachta de ghníomhaíocht iascaireachta, sonraí suímh agus/nó braiteora, lenar féidir anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar thaifid faireacháin leictreonaigh.
2. Cuirfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais na híoscheanglais theicniúla, na caighdeáin feidhmíochta agus na ceanglais sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinní VI agus VII i bhfeidhm agus córas faireacháin leictreonach (CFL) á chur chun feidhme acu i limistéar an Choinbhinsiúin.
3. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú tréimhsiúil ar na híoscheanglais theicniúla, ar na caighdeáin feidhmíochta agus ar na ceanglais sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn VI chun freastal ar dhul chun cinn teicneolaíoch agus ar athruithe ar thosaíochtaí, chomh maith leis na ceanglais ar leith ar shoithí ar mhéideanna éagsúla, le trealamh éagsúla agus le cleachtais éagsúla iascaireachta.
4. Soláthraítear in Iarscríbhinn VI na híoscheanglais theicniúla, na caighdeáin feidhmíochta, na gníomhaíochtaí ba cheart a chumhdach faoi CFL agus a bheith gafa ag na ceamaraí agus na moltaí ginearálta maidir le cumraíochtaí trealamh CFL. Soithí nó grúpaí soithí ag a bhfuil dearáí comhchosúla a urramaíonn na híoschaighdeáin sin, beidh Plean um Fhaireachán Soithí (PFS) acu bunaithe ar dhearaí agus ar shonraíochtaí an tsoithigh.
5. Baileofar le trealamh CFL taifid CFL go huathoibríoch agus go huathrialach chun na sonraí faireacháin leictreonaigh is gá a ghiniúint agus beidh sé soiléir má dhéantar crioscaíl leis (i.e., beidh aon iarracht cur isteach ar an trealamh inbhraite don soláthraí seirbhíse faireacháin leictreonaigh/úinéir an tsoithigh), agus déanfar í a thuairisciú d’údarás brataí an tsoithigh ar leith. Soláthraítear in Iarscríbhinn VII na réimsí sonraí íosta éigeantacha a bhaileoidh an CFL, chomh maith leis na réimsí sonraí roghnacha a fhéadfaidh CFL a bhailiú le haghaidh gach cineáil soithigh.
6. Má tá sé ar intinn ag Ballstát cur isteach sonraí iascaigh le CFL a bhaint amach, forbróidh sé Plean um Fhaireachán Soithí (PFS) CFL le haghaidh gach soithigh, nó le haghaidh grúpaí soithí (e.g., gach peaslíon saighne, nó gach spiléar, nó gach spiléar i raon méide áirithe) a dhéanann iascaireacht ar thuinníní nó ar speicis atá cosúil le tuinníní, ar ar a mbonn a bheidh trealamh CFL le hoibriú.
7. Soithí nó grúpaí soithí le dearáí comhchosúla a úsáideann CFL, agus na híoschaighdeáin dá bhforáiltear faoi Iarscríbhinn VI á n-urramú agus íoschaighdeáin

IATTC á gcur i bhfeidhm maidir le CFL, beidh Plean um Fhaireachán Soithí (PFS) acu bunaithe ar dhearaí agus ar shonraíochtaí an tsoithigh faoi Iarscríbhinn VI.

8. Tabharfar tuairisc sa PFS ar chumraíocht, ar chomhpháirteanna agus ar shuiteáil trealamh CFL ar gach soitheach, agus beidh an chumraíocht sin in ann taifid CFL a bhailiú i gcomhréir leis na híoschaighdeáin éigeantacha ábhartha uile agus leis na sonraíochtaí teicniúla ábhartha uile sa doiciméad seo. Leagtar amach ábhar riachtanach an Phlean um Fhaireachán Soithí in Iarscríbhinn VIII. Féadfaidh na Ballstáit formáid eile de PFS a roghnú fad a bheidh na híoscheanglais ann a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn VIII, mír 4.
9. Coinneofar cóip den PFS atá formheasta ag an mBallstát ar bord gach soitheach i gcónaí nuair a imscarfar trealamh CFL chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an tsoithigh.
10. Déanfar aon mhodhnú ar an PFS, lena n-áirítear modhnú i ndáil le trealamh CFL, a thuairisciú d'údarás brataí an tsoithigh lena fhormheas.
11. Déantar na caighdeáin maidir le stóráil agus coinneáil taifead CFL, aisghabháil sonraí agus athbhreithniú ar shonraí agus a dtuairisciú a mhionsonrú in Iarscríbhinn IX.
12. Áiríteoidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil PFS iontu an méid seo a leanas:
 - (a) i gcás mífheidhmeanna sa trealamh CFL, tuairisceofar na mífheidhmeanna don údarás brataí ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, don soláthraí a luaithe is féidir;
 - (b) soláthrófar rochtain fhisiceach ar bord ar chomhpháirteanna an trealamh CFL má iarrann an t-údarás brataí nó aon phearsanra údaráithe amhlaidh;
 - (c) i gcomhréir leis an PFS agus leis na hamhairc cheamara lenar féidir na sonraí íosta a bhailiú a shainaithnítear sa Rialachán seo mar a shonraítear in Iarscríbhinn VI, go mbeidh radharc gan bhac ag na ceamaraí, agus go nglanfar na lionsaí nó na clúdaigh lionsaí, de réir mar is gá;
 - (d) gur féidir, le láimhseáil na gabhála agus na foghabhála, a mhéid is indéanta, léargas leordhóthanach a thabhairt do cheamaraí faireacháin leictreonaigh ar bhailiú na réimsí sonraí ábhartha a shonraítear in Iarscríbhinn VI (e.g. sainaithint speiceas, comhdhéanamh gabhála, etc.);
 - (e) go ndéanfar taifid faireacháin leictreonaigh a tharchur nó a aisghabháil i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach in Iarscríbhinn IX;
 - (f) mura n-údaraíonn agus mura dtreoraíonn pearsanra údaráithe an Bhallstáit brataí nó an Bhallstáit é, nach ndéanfar crioscaíl leis an trealamh CFL (e.g., an córas a dhícheangal, radharc na gceamaraí a atheagrú nó bac a chur air, na ceamaraí nó na braiteoirí a dhícheangal, an trealamh CFL a mhúchadh de láimh, an córas a bhriseadh d'aon ghnó).
13. Na Ballstáit a chinneann CFL a chur chun feidhme chun sonraí iascaigh a bhailiú lena gcur faoi bhráid IATTC, áiríteoidh siad, sula gcuirfidh siad sonraí CFL faoi bhráid IATTC, go gcomhlíonfaidh soithí a bhfuil a mbratacha ar foluain acu na gnéithe éigeantacha seo a leanas d'íoschaighdeáin agus d'íoscheanglais CFL:
 - (a) cláir faireacháin leictreonaigh na mBallstát a fhorbairt, a dhearadh agus a chur chun feidhme ar bhealach a áiríteoidh go mbeidh siad trédhearcach agus go

- mbeidh na sonraí a eascraíonn astu infhíoraithe i gcomhréir le hIarscríbhinn IX;
- (b) cuideachtaí arna n-údarú ag CPC nó ag institiúidí CPC nó údarais CPC a bheith ar na cinn a dhéanfaidh an anailís ar na taifid CFL sa tsintéis sonraí faireacháin leictreonaigh, agus an oiliúint, an t-eolas, na scileanna agus na cumais is gá acu chun anailís éifeachtach ar thaifid faireacháin leictreonaigh agus giniúint sonraí CFL a áirithiú; áirítear leis sin sainaithint speiceas atá cruinn go leor;
 - (c) gurb é an soláthraí seirbhíse CFL nó trealamh CFL féin a sholáthróidh an tuarascáil maidir le stádas sláinte an trealamh CFL atá ar bord gach soithigh faoina dhlínse;
 - (d) go mbunófar rialacha agus nósanna imeachta i gcás ina gclisfidh ar threalamh CFL agus go leanfar iad.
14. Cuirfidh na Ballstáit tuairisc ar chlár CFL ar fáil don Choimisiún ina sonrófar, ar a laghad, an fhaisnéis seo a leanas:
- (a) na PFSanna a úsáidtear sa chlár;
 - (b) freagrachtaí na n-údarás iascaireachta agus úinéir/chriú an tsoithigh maidir le threalamh a shuiteáil agus a chothabháil, lena n-áirítear gnáthghlanadh ceamaraí, agus freagairtí ar chliseadh meicniúil nó teicniúil an CFL;
 - (c) prótacail maidir le sonraí a stóráil, a aisghabháil agus a aistriú i gcomhréir le hIarscríbhinn IX;
 - (d) prótacail maidir le tuairisciú inmheánach agus obair leantach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir leis na caighdeáin sin a bhraitear, lena n-áirítear rialacha agus nósanna imeachta i gcás ina gcliseann ar threalamh CFL.
15. Cuirfidh an Coimisiún tuairisc ar an gclár CFL faoi bhráid Stiúrthóir IATTC sula dtosóidh an clár faireacháin leictreonaigh ar shonraí a chur faoi bhráid IATTC. Déanfaidh na Ballstáit aon athrú ar a gclár intíre CFL a thuairisciú don Choimisiún a chuirfidh Stiúrthóir IATTC ar an eolas aon uair a tharlóidh athruithe den sórt sin.
16. Na Ballstáit a chinneann CFL a chur chun feidhme chun sonraí iascaigh a bhailiú lena gcur faoi bhráid IATTC, déanfaidh siad sonraí CFL le haghaidh gach bliana a bhailítear ar bhealach atá comhsheasmhach leis na híosaighdeáin a leagtar amach sa ghníomh seo a thuairisciú do Rúnaíocht IATTC, agus is fearr go mbeidís comhsheasmhach le sprioc-amanna tuairiscithe sonraí na rún is infheidhme nó faoi dheireadh na bliana dár gcionn trí úsáid a bhaint as na formáidí agus na treoirlínte a thuairiscítear i gceanglais rúndachta Iarscríbhinní VI, VII agus IX.
17. Na Ballstáit a chinneann CFL a chur chun feidhme chun sonraí iascaigh a bhailiú lena gcur faoi bhráid IATTC, cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Márta an bhliain dár gcionn achoimre ar leibhéal an chabhlaigh ar na PFSanna ina dtabharfar tuairisc ar chur chun feidhme a gclár faireacháin leictreonaigh sa bhliain roimhe sin, lena n-áirítear, ar a laghad, an líon soithí a chuireann faireachán leictreonach chun feidhme de réir trealamh agus cineál iascaigh; raon na gcumraíochtaí CFL a chuirtear chun feidhme laistigh den chabhlaigh; tuairisc ghinearálta ar cheanglais CFL a chuireann na Ballstáit ar scipéirí/scríunna soithigh; céatadán na leibhéal cumhdaigh a baineadh amach de réir an chineáil iascaigh agus trealamh; na mionsonraí maidir leis an gcaoi a ndearnadh na leibhéil chumhdaigh

sin a ríomh; agus, i gcás inarb iomchuí, faisnéis maidir le faireachán ar chomhlíonadh.’

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

‘Airteagal 10

Síodsiorcanna

1. Beidh toirmeasc ar aon pháirt de chonablaigh nó conablaigh iomlán síorcanna bána (*Carcharhinus falciformis*) a ghabhann soithí peas-saighne i limistéar an Choinbhinsiúin a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil, a dhíol, nó a thairiscint lena ndíol.
2. Scaoilfidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais síodsiorcanna beo saor nuair is féidir.
3. Má dhéantar na síodsiorcanna a ghabháil go neamhintinneach agus a reo mar chuid d’oibríocht soithigh peas-saighne, agus má tá na húdaráis rialtais i láthair ag an bpointe tabhairt i dtír, déanfar an síodsiorc iomlán a thabhairt suas dóibh. Mura bhfuil na húdaráis rialtais ar fáil, ní dhéanfar an síodsiorc iomlán a dhíol ná a mhalartú ach is féidir é a bhronnadh lena chaitheamh ag an duine sa bhaile. Síodsiorcanna a thugtar suas ar an mbealach sin, tuairisceofar iad chuig Rúnaíocht IATTC.
4. Maidir le soithí spiléireachta a ghabhann síorcanna go teagmhasach, cuirfidh siad teorainn le foghabháil síodsiorcanna le haghaidh méid nach mó ná 20 % den ghabháil iomlán in aghaidh an turais iascaireachta de réir meáchain. Maidir leis na hiascaigh ilspeiceas ina n-úsáidtear spiléir dhromchla (ina n-iascann formhór na nduán ag doimhneacht atá níos éadoimhne ná 100 méadar agus ina ndírítear ar speicis seachas colgáin), teorannóidh siad an ghabháil síodsiorcanna ar lú a bhfad iomlán ná 100 cm go 20 % den líon iomlán síodsiorcanna a ghabhfar le linn an turais.
5. I gcás na n-iascach ilspeiceas sin ina n-úsáidtear spiléir dhromchla ar mó ná 20 % de shíodsiorcanna de réir meáchain ar an meán in aon bhliain amháin a bhfoghabháil síodsiorcanna ar lú a bhfad iomlán ná 100 cm, cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar úsáid teoraithe cruach le linn tréimhse 3 mhí as a chéile gach bliain. Déanfar meánchion na síodsiorcanna sa ghabháil a ríomh ó shonraí na bliana féilire roimhe sin. Soithí nua a théann isteach san iascach ilspeiceas agus soithí nach bhfuil aon sonraí ar fáil ina leith ón tréimhse díreach roimhe sin, beidh siad faoi réir fhorálacha na míre seo freisin.
6. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar lú a bhfad iomlán ná 12 mhéadar agus a úsáideann trealamh iascaireachta a oibrítear de láimh (i.e. gan crainn tochrais mheicniúla nó hiodrálacha) agus nach seachadann chuig máthair-árthach tráth ar bith le linn an turais iascaireachta, eisiatar ó chur i bhfeidhm an Airteagail seo iad.
7. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, roimh an 15 Meán Fómhair gach bliain, i dtaobh na tréimhse aonair ina gcuirtear srian ar úsáid teoraithe cruach dá dtagraítear i mír 5 a dhéanfar a urramú le haghaidh na bliana féilire. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaíocht IATTC dá réir sin.
8. Ceanglóidh na Ballstáit go ndéanfar sonraí gabhála le haghaidh síodsiorcanna a bhailiú agus a chur isteach, i gcomhréir le ceanglais tuairiscithe sonraí IATTC. Déanfaidh na Ballstáit taifead freisin, trí chlár breathnóirí agus modhanna eile, ar líon agus stádas (marbh/beo) na síodsiorcanna arna ngabháil agus arna scaoileadh

saor ag soithí peas-saighne de gach aicme toillte, agus tuairisceoidh siad é do IATTC.

9. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais aon iascaireacht i láthair bhreithe na síodsiorcanna arna sainaithint ag IATTC.’

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

‘Airteagal 12

Scaoileadh sábháilte siorcanna

10. Scaoilfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais go pras siorcanna (bídis beo nó marbh) a ghabhtar agus nach gcoinnítear gan ghortú, a mhéid is féidir, a luaithe a fheicfear ar an líne iad, i bhfostú san eangach nó sa bhraileir ar an deic, agus aird chuí á tabhairt ar shábháilteacht aon duine. Ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí peas-saighne an nós imeachta seo a leanas a chur i bhfeidhm chun sábháilteacht na ndaoine a bhfuil baint acu leis an oibríocht sin a chosaint:
- (a) déanfar siorcanna a fhuascailt agus scaoilfear saor san aigéan iad a luaithe is féidir tar éis iad a fheiceáil i bhfostú san eangach den chéad uair;
 - (b) cuirfear siorcanna atá feistithe sa bhraileir ar an deic ar ais san uisce a luaithe is féidir, trí úsáid a bhaint as rampa ón deic atá ceangailte d’oscailt ar thaobh an tsoithigh, nó trí haistí éalaithe. Mura mbíonn rampaí nó haistí éalaithe ar fáil, isleofar na siorcanna le crochán nó le heangach lasta, agus crann tógála nó trealamh comhchosúil á úsáid, nó mar a léirítear in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Rún C-24-05¹⁷;
 - (c) beidh toirmeasc ar gheafanna, duáin nó uirlisí comhchosúla a úsáid chun siorcanna a láimhseáil;
 - (d) beidh toirmeasc ar shiorcanna a ardú trí bhreith ar an gceann, ar an eireaball, ar na scoilteanna geolbhaigh nó ar na spioracail, nó trí shreang ceangail a úsáid in aghaidh an choirp nó a chuirtear isteach tríd an gcorp. Beidh toirmeasc ar phoill a phuínseáil trí choirp siorcanna (e.g., chun cábla a cur tríd chun an siorc a ardú);
 - (e) beidh toirmeasc ar mhíolsiorcanna (*Rhincodon typus*) a thógáil ar bord an tsoithigh agus ar a dtarraingt as peas-saighne, e.g., trí úsáid a bhaint as rópaí tarraingthe.
11. Ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí spiléireachta an nós imeachta seo a leanas a chur i bhfeidhm chun sábháilteacht na ndaoine a bhfuil baint acu leis na hoibríochtaí sin a choimirciú:
- (a) déanfar na siorcanna a fhuascailt agus scaoilfear amach san aigéan iad a luaithe is féidir tar éis iad a fheiceáil i bhfostú san eangach den chéad uair;
 - (b) cuirfear siorcanna atá feistithe sa bhraileir ar an deic ar ais san uisce a luaithe is féidir, trí úsáid a bhaint as rampa ón deic atá ceangailte d’oscailt ar thaobh an tsoithigh, nó trí haistí éalaithe. Mura mbíonn rampaí nó haistí éalaithe ar fáil, isleofar na siorcanna le crochán nó le heangach lasta, agus crann tógála nó

¹⁷ https://www.iattc.org/GetAttachment/7101d6dd-24e2-428b-afe1-aab5f05726ae/C-24-05_Sharks%E2%80%93amends-and-replaces-Res.-C-23-07.pdf

trealamh comhchosúil á úsáid, nó mar a léirítear in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Rún C-24-05;

- (c) beidh toirmeasc ar gheafanna, duáin nó uirlisí comhchosúla a úsáid chun siorcanna a láimhseáil;
 - (d) beidh toirmeasc ar shiorcanna a ardú trí bhreith ar an gceann, ar an eireaball, ar na scoilteanna geolbhaigh nó ar na spioracail, nó trí shreang ceangail a úsáid in aghaidh an choirp nó a chuirtear isteach tríd an gcorp. Beidh toirmeasc ar phoill a phuinseáil trí choirp siorcanna (e.g., chun cábla a cur tríd chun an siorc a ardú);
 - (e) beidh toirmeasc ar mhíolsiorcanna (*Rhincodon typus*) a thógáil ar bord an tsoithigh agus ar a dtarraingt as peas-saighean, e.g., trí úsáid a bhaint as rópaí tarraingthe;
 - (f) fágfar siorcanna san uisce i gcás inar féidir;
 - (g) úsáidfear gearrthóirí dorú chun an fodhorú a ghearradh chomh gar agus is féidir don duán, agus ionas go bhfanfaidh níos lú ná 1 mhéadar ar an ainmhí, a mhéid is féidir.
12. De bhreis ar an méid a léirítear faoi Airteagal 12(1), cuirfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais na cleachtais láimhseála agus scaoilte sábháilte is fearr i bhfeidhm maidir le siorcanna i gcomhréir le treoirlínte Iarscríbhinn 3 agus 3.1 a ghabhann le Rún C-24-05.'

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

‘Airteagal 14

Bailiú sonraí maidir le speicis siorcanna

1. Baileoidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais sonraí le haghaidh síodsiorcanna agus siorcanna ceann casúir agus cuirfidh siad iad faoi bhráid na mBallstát, a sheolfaidh na sonraí sin chuig an gCoimisiún agus a chuirfidh iad faoina bhráid faoin 31 Márta gach bliain. Cuirfidh an Coimisiún na sonraí sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht IATTC.
2. Déanfaidh gach Ballstát sonraí maidir le gabhálacha, iarracht de réir an chineáil trealaimh lena dtugtar siorcanna i dtír agus trádáil siorcanna a thuairisciú, de réir speicis i gcás inar féidir, i gcomhréir le nósanna imeachta tuairiscithe IATTC, lena n-áirítear na sonraí stairiúla atá ar fáil, don Choimisiún faoin 31 Márta gach bliain. Cuirfidh an Coimisiún na sonraí sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht IATTC.
3. Déanfaidh breathnóirí ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais taifead ar líon agus ar stádas (beo nó marbh) na síodsiorcanna agus na siorcanna ceann casúir a ghabhtar agus a scaoiltear.
4. Soláthróidh na Ballstáit freisin, trí chláir breathnóirí, cláir faireacháin leictreonacha nó modhanna eile, sainaitheint speiceas, líon agus stádas (marbh/beo) na siorcanna uile a ghabhtar, i gcomhréir leis na ceanglais faireacháin is infheidhme, lena n-áirítear na siorcanna sin a ghabhtar de thaisme agus/nó a scaoileann soithí peas-saighne de gach aicme toillte agus soithí spiléireachta.'

(9) In Airteagal 20, mír 1, cuirtear isteach pointe (q):

‘(q) údarú bailí le hiascaireacht/trasloingsiú a dhéanamh i limistéar an Choinbhinsiúin.’

(10) In Airteagal 25, cuirtear isteach an pointe (6) seo a leanas:

‘(6) cuirfidh na Ballstáit na sonraí arna mbailiú ar FADanna i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 75 lá roimh gach cruinniú rialta den Choiste Comhairleach Eolaíoch. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht IATTC tráth nach déanaí ná 60 lá roimh chruinniú an Choiste Chomhairligh Eolaíoch.’

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26:

‘Airteagal 26

Próiseas comhlíonta agus neamhchomhlíonta líomhnaithe arna tuairisciú ag IATTC

1. Líonfaidh na Ballstáit an ceistneoir caighdeánach maidir le comhlíonadh IATTC dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rún C-22-02¹⁸ tráth nach déanaí ná 75 lá roimh chruinniú bliantúil an Choiste um Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme na mBeart arna ghlacadh ag Coimisiún IATTC (‘an Coiste um Chomhlíonadh’). Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Stiúrthóir IATTC tráth nach déanaí ná 60 lá roimh chruinniú an Choiste um Chomhlíonadh.
2. Má fhaigheann an Coimisiún aon fhaisnéis ó Stiúrthóir IATTC ina léireofar amhras nár chomhlíon Ballstát nó soithí iascaireachta de chuid an Aontais an Coinbhinsiún nó Rúin, tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig an mBallstát lena mbaineann gan mhoill.
3. Seolfaidh an Ballstát imscrúdú i ndáil leis na líomhaintí i dtaca le neamhchomhlíonadh agus déanfaidh sé fionnachtana an imscrúdaithe sin, agus aon bheart eile atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar nithe is ábhar imní ó thaobh neamhchomhlíonta de, a chur in iúl don Choimisiún ar a laghad 75 lá roimh chruinniú bliantúil an Choiste um Chomhlíonadh.
4. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Stiúrthóir IATTC ar a laghad 60 lá roimh chruinniú an Choiste um Chomhlíonadh.’

(12) Cuirtear isteach Airteagal 27a mar a leanas:

‘Airteagal 27a

Treoirlínte

Déanfaidh an Coimisiún aon treoirlíne arna forbairt ag IATTC a sholáthar do na Ballstáit a bhfuil deiseanna iascaireachta acu sa limistéar a chumhdaítear faoin gCoinbhinsiún maidir leis na cleachtais láimhseála agus scaoilte shábháilte is fearr le haghaidh siorcanna.

Áiritheoidh na Ballstáit lena mbaineann go gcuirfear na treoirlínte sin ar fáil do mháistrí a soithí atá gníomhach sna hiascaigh lena mbaineann. Déanfaidh na máistrí sin na bearta uile is gá/féideartha chun na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm.’

(13) In Airteagal 28, mír 1, cuirtear isteach pointe (p):

‘(p) an tagairt do dhoiciméid threoracha a sholáthraítear in Airteagal 12(1)(b) agus 12(2)(b) agus Airteagal 12(3) agus tagairt do ghníomhartha idirnáisiúnta a leagtar amach in Airteagal 26(1)’

¹⁸ https://www.iattc.org/GetAttachment/82979774-0873-498a-8416-67ca268e023a/C-22-02_Compliance.pdf

- (14) I dteideal na hIarscríbhíne a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/56 ‘Tábla 1: Bearta maolaithe’, cuirtear ‘Iarscríbhinn II’ in ionad an téarma ‘Iarscríbhinn’.
- (15) Cuirtear Iarscríbhinní II, III, IV, V, VI, VII, VIII agus IX le Rialachán (AE) 2021/56 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 5

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2022/2056

Leasaítear Rialachán (AE) 2022/2056 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

‘Bearta ginearálta chun siorcanna a chosaint

1. Na soithí spiléireachta de chuid an Aontais a dhíríonn ar thuinníní agus ar mhairlíní idir 20°T agus 20°D, ní úsáidfí siad tarrac sreinge mar fhodhoruithe ná línte titimeáin agus beidh toirmeasc ar úsáid a bhaint as doruithe siorca nó fodhoruithe a ritheann díreach amach ó na snámháin spiléireachta nó ó na doruithe doimhne, ar a dtugtar doruithe siorca mar a léirítear in Iarscríbhinn VI. Soithí a iompraíonn tarrac sreinge mar fhodhoruithe nó teoraithe, stuálfaidh siad iad.
2. Áiríteoidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais go ndéanfar na siorcanna sin a ghabhtar agus nach bhfuil le coinneáil a tharraingt taobh leis an soitheach sula ngearrfar saor iad chun sainaithint speiceas a éascú, sna cásanna sin ina bhfuil breathnóir nó ceamara faireacháin leictreonach i láthair agus sábháilteacht an chriú agus an bhreathnóra á cur san áireamh.
3. Siorcanna a ghabhann soithí spiléireachta de chuid an Aontais agus nach gcoinnítear, scaoilfear saor iad a luaithe is féidir, agus sábháilteacht an chriú agus an bhreathnóra á cur san áireamh, ar an mbealach seo a leanas:
 - (a) an siorc a fhágáil san uisce, i gcás inar féidir; agus
 - (b) gearrthóir líne a úsáid chun an líne thitimeáin a ghearradh chomh gar agus is féidir don duán.’

- (2) In Airteagal 15, cuirtear isteach mír 5 nua:

‘5. Eiseamail de shiorcanna bána aigéanacha a ghabhtar go neamhintinneach agus a reoitear mar chuid d’oibríocht soithí peas-saighne, tabharfaidh an soitheach iascaireachta suas iad do na húdaráis rialtais fhreagracha nó aischuirfear iad ag pointe a dtugtha i dtír nó a dtrasloingsithe. Maidir le siorcanna bána aigéanacha a thugtar suas ar an mbealach sin, ní fhéadfaidh na húdaráis rialtais fhreagracha iad a dhíol ná a mhalartú ach féadfar iad a bhronnadh lena gcaitheamh ag an duine sa bhaile.’

- (3) In Airteagal 17, cuirtear isteach mír 6 nua:

‘6. Eiseamail de shíodsiorcanna a ghabhtar go neamhintinneach agus a reoitear mar chuid d’oibríocht soithí peas-saighne, tabharfaidh an soitheach iascaireachta suas iad do na húdaráis rialtais fhreagracha nó aischuirfear iad ag pointe a dtugtha i dtír nó a dtrasloingsithe. Maidir le síodsiorcanna a thugtar suas ar an mbealach sin, ní fhéadfaidh na húdaráis rialtais fhreagracha iad a dhíol ná a mhalartú ach féadfar iad a bhronnadh lena gcaitheamh ag an duine sa bhaile.’

- (4) In Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) soithí iascaireachta a bhfuil bratach ar foluain acu a bhaineann le páirtithe neamhchonarthacha agus atá á n-oibriú ag páirtithe conarthacha faoi chairtghostú, léas nó socruithe comhchosúla, a chomhlíonann na CMManna.’

Airteagal 6

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2022/2343

Leasaítear leis seo Rialachán (AE) 2022/2343 mar a leanas:

- (1) In Airteagal 3, cuirtear isteach an pointe (18) seo a leanas:

‘(18) Ciallaíonn ‘Córas Faireacháin Leictreonaigh’ nó ‘CFL’ córas comhtháite cruaearraí agus bogearraí a thacaíonn le haimsiú fis-sleachta de ghníomhaíocht iascaireachta, sonraí suímh agus/nó braiteora, lenar féidir anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar thaifid faireacháin leictreonaigh.’

- (2) In Airteagal 4, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

‘1a. Ní dhéanfaidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais tuinníní trópaiceacha a aischur tar éis an phointe san oibríocht iascaireachta nuair a bheidh an eangach fáiscithe go hiomlán agus níos mó ná leath na heangaí aisghafa. Má bhíonn tionchar ag mífheidhmeanna trealaimh ar phróiseas fáiscithe agus aisghabhála na heangaí ar bhealach nach féidir an riail seo a chomhlíonadh, ní mór don chriú iarrachtaí a dhéanamh na tuinníní agus na speicis nach spriocspeicis iad a scaoileadh a luaithe is féidir.

1b. Déanfaidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais, a mhéid is indéanta, na gabhálacha uile tuinníní eile, ronnach dea-dhathach, dorád, iasc truicir, mairlíni, wahoo agus baracúdach a choinneáil ar bord agus a thabhairt i dtír, seachas éisc atá mí-oiriúnach mar bhia don duine.’

- (3) Cuirtear isteach an tAirteagal 5a seo a leanas:

‘Airteagal 5a

Iamh deonach iascaireachta

‘1. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh toirmeasc a chur ar a soithí brataí iascaireacht a dhéanamh ar thuinníní mórshúileacha, tuinníní buí agus tuinníní aigéanacha i limistéar inniúlachta IOTC ar feadh tréimhse 31 lá as a chéile ar a laghad. Féadfar soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán agus a bhíonn ag iascaireacht laistigh de LEE Ballstáit a eisiamh.

2. Na Ballstáit a chinnfidh an tréimhse iata iascaireachta a chur chun feidhme, cuirfidh siad an tréimhse a toghadh don iamh iascaireachta in iúl don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 15 Nollaig gach bliain. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht IATTC tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig.’

- (4) Cuirtear isteach an tAirteagal 8a seo a leanas:

‘Airteagal 8a

Bainistiú FADanna le sruth

1. Ní cheadaítear ach do shoithí peas-saighne agus do shoithí soláthair gaolmhara DFADanna agus baoithe gléasta a úsáid.
2. Ní úsáidfí soithí peas-saighne ná soithí soláthair gaolmhara DFADanna ach le baoi gléasta a bheidh gníomhachtaithe agus cláraithe sa Clár DFADanna go dtí go mbeidh

an clár DFADanna curtha chun feidhme ag IOTC. Tá toirmeasc ar aon bhaoi eile, mar shampla baoithe raidió, a úsáid.

3. Ní ghníomhachtóidh soithí peas-saighne ná soithí soláthair gaolmhara baoithe gléasta ach amháin nuair a bheidh siad i láthair go fisiceach ar bord, ná ní dhéanfaidh siad baoithe gléasta a athghníomhachtú ach amháin tar éis a mBallstáit bhrataí iad a thabhairt ar ais chuig an gcalafort agus a údarú.
4. Glacfaidh soithí peas-saighne agus soithí soláthair gaolmhara gach réamhchúram réasúnach chun caillteanas de thaisme DFADanna agus baoithe gléasta a chosc agus beidh toirmeasc orthu DFADanna nó baoithe gléasta gaolmhara a dhiúscairt d'aon ghnó, ach amháin i gcásanna *force majeure*.
5. Sula dtuairisceofar caillteanas DFAD, déanfaidh soithí peas-saighne agus soithí soláthair gaolmhara iarracht DFAD den sórt sin a aimsiú agus a aisghabháil a luaithe is féidir.
6. Nuair a aisghabhfaidh siad baoi gléasta atá ceangailte de DFAD, ní fhágfaidh soithí peas-saighne ná soithí soláthair gaolmhara DFAD san fharraige gan baoi gléasta gníomhach.
7. Déanfaidh na Ballstáit plean bainistíochta náisiúnta a tharraingt suas maidir le DFADanna arna n-úsáid ag a gcuid soithí peas-saighne. Leanfaidh an plean bainistíochta na treoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn 2.
8. Cuirfidh na Ballstáit an plean bainistíochta dá dtagraítear i mír 7 faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 75 lá roimh chruinniú bliantúil 2025 de chuid IOTC, agus cuirfidh siad leasuithe bliantúla isteach ansin nuair is gá.'

(5) Cuirtear isteach an tAirteagal 8b seo a leanas:

‘Airteagal 8b

Dearadh agus tógáil FADanna le sruth

1. Ní úsáidfídh soithí peas-saighne ná soithí soláthair gaolmhara ach DFADanna a gcomhlíonann a ndearadh agus a dtógáil na sonraíochtaí seo a leanas mar a leagtar amach iad mar shampla in Iarscríbhinn 3a:
 - (a) beidh toirmeasc ar úsáid ábhar mogaill le haghaidh aon chuid de DFAD;
 - (b) ní úsáidfear ach ábhar agus dearaí neamhfhostúcháin; agus
 - (c) beidh an struchtúr fodhromchla teoranta d'fhad 50 méadar.
2. Déanfaidh soithí peas-saighneoireachta agus soithí soláthair gaolmhara an méid seo a leanas:
 - (a) ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh ní úsáidfídh siad aon DFAD i gcatagóir V a thuilleadh ná ní úsáidfídh siad ach DFADanna i gcatagóirí in-bhithmhíllteachta I, II III agus IV mar a shainítear in Iarscríbhinn III;
 - (b) ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh ní úsáidfídh siad ach DFADanna i gcatagóirí I agus II mar a shainítear in Iarscríbhinn III; agus
 - (c) ón 1 Eanáir 2029 ar aghaidh ní úsáidfídh siad ach DFADanna i gcatagóir I agus II mar a shainítear in Iarscríbhinn III.
3. Déanfar baoithe gléasta atá ceangailte de DFAD atá in úsáid a mharcáil go buan agus go soiléir le marcáil uathúil na huimhreach tagartha (aitheantas arna sholáthar ag monaróir an bhaoi ghléasta) agus le huimhir aitheantais uathúil IOTC an tsoithigh.

4. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh beidh DFADanna marcáilte go buan le haitheantóir uathúil IOTC an DFAD arna sholáthar ag rúnaíocht IOTC. Beidh an mharcáil ar leithligh ó mharcáil an bhaoi ghléasta.
5. Soithí peas-saighne agus soithí soláthair gaolmhara a thagann ar DFADanna nach gcomhlíonann na ceanglais deartha agus tógála, déanfaidh siad DFADanna den sórt sin a aisghabháil láithreach ón uisce, a mhéid is indéanta. Déanfaidh soithí peas-saighne agus soithí soláthair gaolmhara na cásanna sin a thuairisciú dá mBallstáit bhrataí. Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis don Choimisiún agus tuairisceoidh an Coimisiún í do rúnaíocht IOTC ina dhiaidh sin.
6. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis isteach maidir le stádas cur chun feidhme FADanna in-bhithmhíllte i gcomhréir le hAirteagal 51(5).’
- (6) Cuirtear isteach an tAirteagal 8c seo a leanas:

‘Airteagal 8c

Oibleagáidí tuairiscithe maidir le FADanna le sruth

1. Coimeádfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais taifead ar aon ghníomhaíocht iascaireachta i gcomhar le ní snámhach (DFAD nó lomán) agus/nó baoi gléasta, ó chur in úsáid go dtí deireadh na húsáide, agus úsáid á baint as na míreanna sonraí sonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 agus as an teimpléad arna sholáthar ag rúnaíocht IOTC¹⁹. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 51(2).
2. Gach bliain, déanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais an líon baoithe gléasta a sannadh dóibh a chur faoi bhráid a mBallstáit brataí faoi dheireadh gach bliana féilire, lena n-áirítear baoithe gléasta a cailleadh, nó a tréigeadh agus/nó a diúscaíodh in aghaidh an limistéir greille 1° faoi 1° agus de réir sraith míosa agus an chineáil DFAD. Déanfar an fhaisnéis a shráthú de réir cabhlaigh, bliana, míosa agus greille 1° faoi 1°, agus sloinnfear í mar mheánlíon laethúil na mbaoithe gléasta gníomhacha i ngach sraith. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 51(2).
3. Go dtí go dtabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit faoi theacht i bhfeidhm chlár DFADanna IOTC, áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a soithí faoi bhratach an dáta, an t-am agus na comhordanáidí geografacha (céimeanna deachúla) a úsáideadh gach baoi gléasta a bhaineann lena uimhir thagartha uathúil baoi gléasta a thaifeadadh sa logleabhar iomchuí.
4. A luaithe a thabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit faoi theacht i bhfeidhm chlár DFADanna IOTC, cuirfidh úinéirí baoithe an fhaisnéis seo a leanas isteach maidir le húsáid baoithe gléasta
 - (a) uimhir thagartha uathúil an bhaoi ghléasta lenar féidir a úinéirí baoi a shainaithint;
 - (b) ainm úinéirí an bhaoi;
 - (c) uimhir uathúil Chlár Soithí IOTC de chuid an tsoithigh peas-saighne a sannadh don bhaoi gléasta;
 - (d) Ballstát an tsoithigh peas-saighne dár sannadh an baoi gléasta;

¹⁹ https://data.iotc.org/reference/latest/guidelines/#DFOB-related_activities

- (e) monaróir an bhaoi ghléasta;
 - (f) ainm samhla an bhaoi ghléasta;
 - (g) aitheantóir uathúil IOTC an DFAD, arna sholáthar ag rúnaíocht IOTC;
 - (h) catagóir in-bhithmhíllteachta an DFAD, nó an lomáin i gcás arb infheidhme, lenar úsáideadh an baoi;
 - (i) an dáta agus an t-am a úsáidtear é;
 - (j) an suíomh ina n-úsáidtear é.
5. Áireoidh úinéirí baoithe baoithe a úsáideadh roimh theacht i bhfeidhm an Chláir DFADanna agus a bheidh fós gníomhach an 1 Eanáir 2026 nuair a thiocfaidh an Clár DFADanna i bhfeidhm.
 6. Tabharfaidh úinéir an bhaoi fógra, tríd an gClár DFADanna agus laistigh de 24 uair an chloig tar éis a ghníomhachtaithe, do Rúnaíocht IOTC agus dá Bhallstát brataí nuair a ghníomhachtófar baoi gléasta, in éineacht le haitheantóir uathúil IOTC an DFAD arna sholáthar ag rúnaíocht IOTC.
 7. Fíoróidh na Ballstáit an fhaisnéis a sholáthróidh úinéir an bhaoi sa chlár DFADanna agus déanfaidh siad í a bhailíochtú uair sa bhliain ar a laghad.
 8. Tabharfaidh úinéir an bhaoi fógra, tríd an gClár DFADanna agus laistigh de 72 uair an chloig ón díghníomhachtú, do Rúnaíocht IOTC nuair a dhéanfar baoi gléasta a dhíghníomhachtú, lena n-áirítear a chur in iúl cibé acu a aisghabhadh nó nár aisghabhadh an DFAD agus an baoi gléasta. Má dhéantar baoi gníomhach atá ceangailte de DFAD a dhíghníomhachtú gan é a aisghabháil, áireoidh úinéir an bhaoi san fhógra tríd an gClár DFADanna dáta, am, suíomh deireanach an bhaoi agus na cúiseanna lena dhíghníomhachtú. Déanfaidh úinéir an bhaoi taifead sa Chlár DFADanna nuair a dhéanfar baoi gléasta a dhíchoimisiúnú (i.e. fuarthas an baoi ar ais agus ní féidir é a ath-úsáid nó a athghníomhachtú).
 9. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis laethúil maidir leis na FADanna gníomhacha uile chuig an gCoimisiún ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:
 - (a) an suíomh geografach (céimeanna, nóiméid agus soicindí);
 - (b) an dáta;
 - (c) an t-am;
 - (d) uimhir thagartha uathúil an bhaoi ghléasta;
 - (e) ainm agus clárúimhir IOTC na soithí a shanntar don bhaoi gléasta.
- Tiomsófar an fhaisnéis gach mí agus cuirfear isteach í tráth nach luaithe ná 30 lá ach tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis thiomsú míosúil na faisnéise lena mbaineann. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht IOTC.
10. Féadfaidh na Ballstáit iarraidh chuí-réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar rochtain ar an bhfaisnéis a liostaítear i mír 4(c), (d) agus (j) a bhaineann le DFADanna arna n-úsáid ag CPC eile.
 11. I gcás ina n-iarraídh CPC eile rochtain ar an bhfaisnéis a liostaítear i mír 4(c), (d) agus (j) a bhaineann le DFADanna arna n-úsáid ag Ballstát, cuirfidh an Coimisiún an iarraidh sin ar aghaidh chuig an mBallstát lena mbaineann tar éis dó réasúnú na hiarrata a iarraidh ar an CPC iarrthach. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann a thoiliú

in iúl don Choimisiún laistigh de 20 lá maidir leis an bhfaisnéis i mír 4(j) a chur ar fáil nó maidir lena dhiúltú réasúnaithe.’

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

‘Airteagal 9

FADanna ar ancaire

1. Déanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais taifead ar ghníomhaíochtaí iascaireachta i gcomhar le AFADanna ag baint úsáid as na míreanna sonraí ar leith a leagtar amach in Iarscríbhinn 3. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 51(2).
2. Déanfaidh na Ballstáit plean bainistíochta náisiúnta a tharraingt suas maidir le AFADanna arna n-úsáid ag a gcuid soithí peas-saighne. Leanfaidh an plean bainistíochta na treoirínte a leagtar amach in Iarscríbhinn 2.
3. Áiritheoidh na Ballstáit nach n-úsáidfídh a soithí ach AFADanna atá marcáilte go buan agus go soiléir le huimhir Aitheantais Náisiúnta Uathúil lena sainaitheann na Ballstáit nó na soithí ar leo na AFADanna (pé ceann is infheidhme).
4. Tabharfaidh na Ballstáit faoi chigireachtaí ar muir chun a áirithiú go ndéanfar na AFADanna arna n-úsáid a mharcáil agus a thógáil i gcomhréir le hAirteagal 9a.
5. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún i gcás ina n-úsáidtear AFAD nua in uisceí an Aontais, laistigh de 15 lá óna úsáid, leis an bhfaisnéis seo a leanas:
 - (a) an dáta a cuireadh in úsáid é
 - (b) an suíomh SNI
 - (c) an Uimhir Aitheantais Náisiúnta Uathúil, dá dtagraítear i mír 4.

Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht IATTC gan mhoill agus tráth nach déanaí ná 21 lá i ndiaidh a úsáide.

6. Tráth nach déanaí ná 75 lá roimh chruinniú bliantúil IOTC, cuirfidh na Ballstáit isteach tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean bainistíochta chun AFADanna a úsáid, agus, más gá, athbhreithniú ar an bplean bainistíochta a cuireadh isteach ar dtús. Áireofar sa tuarascáil ar dhul chun cinn clár AFADanna arna n-úsáid, arna gcailliúint, arna dtréigean agus arna ndiúscairt agus líon agus toradh na gcigireachtaí dá dtagraítear i mír 3.
7. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht IOTC tráth nach déanaí ná 60 lá roimh chruinniú bliantúil IOTC.’

(8) Cuirtear isteach an tAirteagal 9a seo a leanas:

‘Airteagal 9a

Dearadh agus tógáil FADanna ar ancaire

1. Ní úsáidfídh na Ballstáit agus soithí iascaireachta de chuid an Aontais ach dearáí agus ábhair neamhfhostúcháin chun comhbhailitheoirí fodhromchla na AFADanna a thógáil. Tógfar comhbhailitheoirí fodhromchla atá ceangailte den téad tíre le hábhair in-bhithdhíghrádaithe.
2. Moltar do na Ballstáit agus do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais AFADanna a thógáil le hábhair lena n-áiritheofar fad saoil méadaithe.

3. Áiritheoidh na Ballstáit agus soithí iascaireachta de chuid an Aontais go gcuirfear cineál agus próifíl ghrinneall na farraige san áireamh agus láithreán á roghnú acu chun AFADanna arna n-úsáid a úsáid nó a ionadú. I gcás inar féidir, ba cheart láithreáin ina bhfuil fánaí géara a sheachaint chun an riosca caillteanais a íoslaghdú.
 4. Áiritheoidh na Ballstáit agus soithí iascaireachta de chuid an Aontais go mbeidh snámhacht uachtarach na AFADanna oiriúnach d'úsáid amach ón gcósta i srutha arda trí úsáid a bhaint as dearáí atá cuíchóirithe chun an tarraing agus an fhrithsheasmhacht in aghaidh sruthanna agus tonnta a laghdú.'
- (9) In Airteagal 13, cuirtear isteach mír 3 mar a leanas:
- '3. Soithí iompair de chuid an Aontais atá údaraithe le trasloingsithe de speicis IOTC a ghlacadh, déanfaidh siad éisc a thrasloingsítear le soitheach iascaireachta a dheighilt agus a stuáil agus déanfaidh siad plean stuála a fhorbairt chun suíomhanna na gcainníochtaí sa bholg a thaispeáint de réir soithigh agus mórspeicis agus, más féidir, de réir speicis eile. Cuirfidh máistir an tsoithigh iompair an plean stuála faoi bhráid na gcigirí, má iarrtar sin.'
- (10) Leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:
- (a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (b):
- '(b) idirghníomhuithe le céiticigh a thuairisciú do Bhallstát brataí an tsoithigh, leis an bhfaisnéis seo a leanas:
- an speiceas (más eol);
 - an líon speiceas aonair;
 - tuairisc ghairid ar an idirghníomhú, lena n-áirítear mionsonraí maidir le conas agus cén fáth ar tharla an t-idirghníomhú, más féidir;
 - an áit a ndearnadh an ciorclú;
 - na bearta a rinneadh chun a áirithiú go scaoilfear saor go sábháilte iad; agus
 - measúnú ar stádas saoil an ainmhí agus é á scaoileadh saor, agus chomh maith leis sin, ar scaoileadh ar ais isteach san fharraige é agus é beo ach go bhfuair sé bás ina dhiaidh sin.'
- (b) cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:
- '4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar an eolas faoi na teicnící cuí maolaithe, sainaitheanta, láimhseála agus scaoilte agus go n-úsáidfídh siad iad agus go gcoinneoidh siad ar bord an trealamh uile is gá chun céiticigh a scaoileadh saor go sábháilte.'
- (11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 22, mír 1:
- '1. Úsáidfídh soithí iascaireachta de chuid an Aontais bearta maolaithe chun leibhéil na foghabhála éanlaithe mara a laghdú ar fud gach limistéir iascaireachta, gach séasúir agus gach iascaigh. Sa limistéar laistear de dhomhanleithead 25 chéim ó dheas, úsáidfídh na soithí spiléireachta uile dhá cheann ar a laghad de na trí bheart maolaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn 4 arna leasú leis an Rialachán seo nó, de rogha air sin, ní úsáidfídh siad ach gairis cosanta duán, agus comhlíonfaidh siad na híoschaighdeáin maidir leis na bearta sin. Comhlíonfaidh dearadh agus úsáid línte scanraithe éan na sonraíochtaí breise a leagtar amach in Iarscríbhinn 5.'

(12) In Airteagal 30, cuirtear míreanna 4, 5 agus 6 isteach mar a leanas:

‘4. Ar choinníoll go gcomhlíontar íoschaighdeáin éigeantacha na Scéime Réigiúnaí Breathnóirí maidir le sonraí a thuairisciú²⁰, féadfaidh na Ballstáit an cumhdach íosta breathnóirí daonna dá bhforáiltear i mír 1 a chomhlánú nó a ionadú trí bhithin córas faireacháin leictreonaigh (CFL). Déanfar CFL a chomhlánú le sampláil calafoirt agus/nó le modhanna bailithe sonraí eile arna bhformheas ag IOTC nuair is gá.

5. Na Ballstáit a roghnaíonn CFL a chur chun feidhme chun an cumhdach íosta a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán, áiríteoidh siad go gcomhlíonfaidh a gclár náisiúnta faireacháin leictreonaigh, a gcóras faireacháin leictreonaigh agus a gcaighdeáin sonraí na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo chun críoch Chlár um Fhaireachán Leictreonach Réigiúnach (CFLR) IOTC. Áirítear leis sin na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 11 mar a bhunaítear leis an Rialachán seo.

6. Na Ballstáit a roghnaíonn CFL a chur chun feidhme chun an cumhdach íosta a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh go páirteach nó go hiomlán, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

- (a) a áirithiú go ndéanfar Plean um Fhaireachán Soithí mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 11 a fhorbairt le haghaidh gach soithigh atá feistithe le trealamh faireacháin leictreonaigh agus a sheachadadh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit.
- (b) a áirithiú go ndéanfar trealamh faireacháin leictreonaigh a shuiteáil sna soithí sin a leanann Plean um Fhaireachán Soithí chun na sonraí is gá a bhailiú agus chun na cuspóirí cumhdaigh arna gcomhaontú ag an gCoimisiún a chomhlíonadh.
- (c) a áirithiú go mbeidh cur chun feidhme CFL comhsheasmhach le CFLR IOTC agus lena íoschaighdeáin.
- (d) comhoibriú chun a áirithiú go bhfuil Clár Náisiúnta Faireacháin Leictreonaigh comhoiriúnach agus comhchuibhithe i gcás inar gá.
- (e) ról agus freagrachtaí na n-údarás rialtais iascaigh agus úinéirí soithí agus criú a dhoiciméadú maidir le, *inter alia*, trealamh a shuiteáil agus a chothabháil, gnáthghlanadh ceamaraí, gairis stórála a sheoladh, rochtain ar thaifid faireacháin leictreonaigh agus sonraí faireacháin leictreonaigh, freagairtí ar chliseadh meicniúil nó teicniúil CFL.
- (f) sonraí teagmhála Chomhordaitheoirí a gClár Faireacháin Leictreonaigh a chur ar fáil do Rúnaíocht IOTC.’

(13) In Airteagal 31, cuirtear isteach na míreanna 1a agus 1b seo a leanas:

‘1a. Agus a ndualgas á dhéanamh acu, úsáidfídh breathnóirí Réimsí Sonraí Íoschaighdeánacha Scéim Réigiúnach Breathnóirí IOTC, foirmeacha bailithe sonraí IOTC, cártaí aitheantais speiceas IOTC, Lámhleabhar Breathnóirí IOTC agus Foirmeacha Breathnóirí IOTC arna soláthar ag an gCoimisiún²¹.

²⁰ Réimsí Bailithe Sonraí Scéim Réigiúnach Breathnóirí IOTC:
<https://iotc.org/sites/default/files/documents/2023/05/IOTC-ROS-DataStandards.pdf>

²¹ <https://iotc.org/science/regional-observer-scheme-science>

1b. Sula n-imscarfar gach DFAD, baileoidh breathnóirí a úsáidtear ar shoithí peas-saighne faisnéis mhionsonraithe maidir leis an dearadh DFAD a úsáideadh agus maidir lena chomhréireacht leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 3bis.'

(14) In Airteagal 33, cuirtear isteach mír 4 mar a leanas:

‘4. Na Ballstáit a roghnaíonn CFL a chur chun feidhme, cuirfidh siad an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin:

- (a) faoin 15 Meitheamh gach bliain, plean um fhaireachán soithí lena gcumhdófar gach soitheach a úsáideann CFL agus ina dtabharfar breac-chuntas ar shocrú CFL ar gach soitheach, de réir na dtreoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn 11.
- (b) faoin 15 Meitheamh gach bliain, tábla bailithe sonraí faoin Scéim Réigiúnach Breathnóirí ina sonrófar na réimsí sonraí seo a leanas:
 - i. ainm an réimse sonraí agus tuairisc;
 - ii. leibhéal an cheanglais maidir le tuairisciú réimse sonraí (éigeantach le bailiú, éigeantach le tuairisciú má bhailítear é, neamhéigeantach);
 - iii. tuairisc ghairid ar an modh bailithe sonraí a úsáidtear chun sonraí a bhailiú le haghaidh gach réimse sonraí.
 - iv. ina dtuarascáil eolaíoch náisiúnta atá le cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 51(6), achoimre ar an bplean um fhaireachán soithí ina sonrófar an méid seo a leanas:
 - an líon soithí faoi bhratach de réir trealaimh agus cineál iascaigh lena gcuirtear CFL chun feidhme.
 - raon na gcumraíochtaí CFL a chuirtear chun feidhme laistigh den chabhlach (lena n-áirítear líon agus suíomh na gceamaraí le haghaidh gach cumraíochta);
 - tuairisc ghinearálta ar cheanglais CFL arna bhforchur ag an roinn riaracháin ar chriú na soithí.’

(15) In Airteagal 44, cuirtear isteach na míreanna 3 agus 4 seo a leanas:

‘3. Ba cheart do na Ballstáit chalafoirt tosaíocht a thabhairt do chigireacht i gcalafort ar na soithí seo a leanas:

- (a) soithí iompair nuair a chailltear a gcomharthaí AIS/VMS faoi chúinsí a mbeifí in amhras fúthu agus gan míniú agus/nó a léiríonn gluaiseachtaí a mbeifí in amhras fúthu;
- (b) soithí iompair nár iontráladh i dTaifead Soithí Iompair IOTC.

4. Ba cheart faireachán ar an oibríocht trasloingsithe ina hiomláine a bheith i gceist le cigireacht ar ghníomhaíochtaí trasloingsithe i gcalafort, lena n-áirítear athbhreithniú ar an réamhúdarú le trasloingsiú a dhéanamh i gcalafort arna eisiúint ag an CPC brataí chuig an soitheach iascaireachta.’

(16) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 51(2):

‘2. I dteannta leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, áireoidh na Ballstáit na sonraí maidir le hiarracht iascaireachta seo a leanas ó chabhlach na soithí peas-saighne atá ag baint úsáid as soithí soláthair agus FADanna agus ó shoithí iascaireachta a dhéanann iascaireacht le AFADanna:

- (17) In Airteagal 51(2), cuirtear isteach pointí (d) agus (e) mar a leanas:
- ‘(d) aon ghníomhaíocht iascaireachta i gcomhar le ní snámhach (DFAD nó lomán) agus/nó baoi gléasta, ó chur in úsáid go dtí deireadh na húsáide, agus úsáid á baint as na sonraí sonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn 3
- (e) aon ghníomhaíocht iascaireachta i gcomhar le AFADanna ag baint úsáid as na míreanna sonraí ar leith a leagtar amach in Iarscríbhinn 3.’
- (18) In Airteagal 51, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (5):
- ‘5. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis le haghaidh na bliana féilire roimhe sin faoi bhráid an Choimisiúin 75 lá roimh chruinniú bliantúil IOTC, ina mbeidh an fhaisnéis maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh chun a n-oibleagáidí tuairiscithe a chur chun feidhme i gcás gach iascaigh de chuid IOTC, lena n-áirítear speicis siorcanna a gabhadh i gcomhlachas le hiascaigh IOTC, go háirithe na bearta a rinneadh chun feabhas a chur ar a mbailiú sonraí le haghaidh gabhálacha díreacha agus gabhálacha de thaisme, agus cur chun feidhme DFADanna in-bhithmhillte dá bhforáiltear in Airteagal 8b. Tiomsóidh an Coimisiún an fhaisnéis i dtuarascáil chur chun feidhme de chuid an Aontais agus cuirfidh sé chuig Rúnaíocht IOTC í.’
- (19) In Airteagal 51(6), cuirtear isteach pointe (e) mar a leanas:
- ‘(e) tuarascáil maidir le CFL dá bhforáiltear in Airteagal 30(4).’
- (20) In Airteagal 54(1), cuirtear isteach pointe (k):
- ‘(k) athruithe ar an oibleagáid tuairiscithe agus fógraí maidir le FADanna le sruth in Airteagal 8c.’
- (21) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinní IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní 2 agus 3 a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2343.
- (22) Cuirtear Iarscríbhinní 3a agus 3b isteach i Rialachán (AE) 2022/2343 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (23) Leasaítear Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2343 i gcomhréir leis an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (24) Cuirtear Iarscríbhinn 11 le Rialachán (AE) 2022/2343 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 7

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/2053

- (1) In Airteagal 30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:
- ‘6. I gcás *force majeure* a chuireann cosc ar an gcomhoibríocht iascaireachta atá beartaithe a dhéanamh, ní bheidh feidhm ag na sprioc-amanna a leagtar amach i mír 5 a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis faoi na feirmeacha cinn scríbe. Sna cásanna sin, ceadaítear don Bhallstát lena mbaineann na cuótaí nár úsáideadh de chuid soithí a ghlacann páirt i gcomhoibríocht iascaireachta a aistriú chuig a shoithí nó soithí de chuid Ballstát eile atá rannpháirteach i gcomhoibríocht iascaireachta eile, ar choinníoll go bhfuil gá le haistriú den sórt sin de bharr *force majeure*. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún a luaithis is féidir faoi na haistrithe sin, maille le tuairisc ar na heachtraí is cúis le *force majeure*. Déanfar an fhaisnéis sin a tharchur chuig an gCoimisiún roimh thús na comhoibríochta iascaireachta lena mbaineann na

soithí a fhaigheann an cuóta nár úsáideadh. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT.’

(2) Leasaítear Airteagal 34 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3, 4 agus 5:

‘3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit ina dtugtar tuinníní gorma i dtír tréimhse níos giorra a shocrú don réamhfhógra dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh na soithí iascaireachta sin de chuid an Aontais atá 12 mhéadar nó níos mó ar fad san iomlán agus a áirítear ar an liosta soithí dá dtagraítear in Airteagal 26 agus a ghabhann níos lú ná 3 eiseamal de thuinníní gorma nó níos lú ná aon tona amháin, agus an cineál táirgí iascaigh agus an t-achar idir na meánna agus an calafort nó an t-ionad tabhairt i dtír á gcur san áireamh, agus ar choinníoll nach ndéanfaidh an tréimhse réamhfhógra níos giorra sin dochar do chumas an Bhallstáit sin cigireachtaí a dhéanamh.

4. Déanfaidh na Ballstáit a bhaineann úsáid as an maolú dá bhforáiltear i mír 3 an fhaisnéis sin a sholáthar ina bplean faireacháin, rialaithe agus cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 14, faisnéis lena n-áirítear sonraí na tréimhse réamhfhógra giorraithe féideartha agus na cúiseanna léi, agus an chuid eile de na coinníollacha maidir leis an réamhfhógra, sula gcuirfear chun feidhme é. Tabharfar fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon athrú ina dhiaidh sin, agus 20 lá ar a laghad sula dtiocfaidh na hathruithe i bhfeidhm. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a tarchur chuig Rúnaíocht ICCAT 14 lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe agus cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil ar shuíomh gréasáin poiblí de chuid an Choimisiúin. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis maidir le tréimhsí níos giorra le haghaidh réamhfhógra ar fáil ar shuíomhanna gréasáin poiblí freisin.

5. Coinneoidh údaráis Bhallstát an chalafoirt taifead ar na réamhfhógraí uile ar feadh tréimhse bliana ó dháta a théitear isteach i gcalafort.

5a. Déanfaidh údaráis rialaithe ábhartha an Bhallstáit calafoirt gach gabháil a thabharfar i dtír san Aontas a rialú agus déanfar cigireacht ar chéatadán díobh bunaithe ar chóras measúnaithe riosca a mbeidh cuótaí, méid an chabhlaigh agus iarracht iascaireachta ina gcuid de. Leagfar amach sa phlean bliantúil faireacháin, rialaithe agus cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 14 na sonraí go léir maidir leis an gcóras rialaithe a bheidh glactha ag gach Ballstát.’

(b) Cuirtear mír 7 nua isteach mar a leanas:

‘7. I gcás ina dtabharfar tuinníní gorma i dtír i gcalafort de chuid CPC nó i saoráidí tabhairt i dtír de chuid CPC cé is moite de chalafoirt nó saoráidí tabhairt i dtír an Bhallstáit dá dtugtar fógra, déanfaidh máistrí soithí gabhála de chuid an Aontais, gan beann ar fhad iomlán an tsoithigh, laistigh de 48 n-uair an chloig tar éis an tabhairt i dtír a chur i gcrích, dearbhú maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír a chur faoi bhráid an CPC ina dtabharfar tuinníní gorma i dtír agus beidh an fhaisnéis is gá ann de réir Airteagal 17, mír 2, pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán 1224/2009 agus na cainníochtaí agus an meáchan tuinníní gorma a tugadh i dtír ann.’

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 42, mír 3:

‘3. Rachaidh an ITD leis an aistriú chuig an bhfeirm chinn scríbe áit a bhfuil tuinníní gorma aonair le cur i gcaighean. Ar an gcéad aistriú, déanfaidh an t-oibreoir deontóra an ITD bunaidh a dhúbláil i gcás ina n-aistreofar aon ghabháil amháin ón bpeas-saighean nó ón ngaiste chuig níos mó ná caighean iompair amháin. I gcás aistriú

breise, déanfaidh máistir an tsoithigh tarraingthe deontóra an ITD a nuashonrú trí roinn 3 de (Aistrithe breise) a chomhlánú, agus soláthróidh an máistir sin an ITD nuashonraithe don soitheach tarraingthe glactha. Déanfaidh máistir an tsoithigh tarraingthe deontóra an ITD nuashonraithe a dhúbláil má chuirtear na héisc atá faoi réir aistriú breise i níos mó ná caighean iompair amháin. Coimeádfar cóip den ITD bunaidh/nuashonraithe ar bord na soithí gabhála deontóra nó na soithí tarraingthe deontóra, nó coinneoidh oibreoir an ghaiste deontóra nó na feirme deontóra é, agus beidh rochtain air tráth ar bith chun críoch rialaithe le linn an tséasúir iascaireachta.’

- (4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 43(1), pointe (a):

‘(a) i gcás an chéad aistrithe agus aon aistriú deonach nó rialaithe, chuig breathnóir réigiúnach ICCAT, chuig máistir an tsoithigh tarraingthe glactha agus, ag deireadh an turais iascaireachta, chuig údarás inniúil Bhallstát brataí nó Bhallstát gaiste an oibreora deontóra;’

- (5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 46a, mír 1:

‘1. Nuair a shroichfidh an soitheach tarraingthe garchomharsanacht na feirme, áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit feirme go gcoinneofar an soitheach tarraingthe agus an caighean fad 0,1 muirmhíle ar a laghad ó aon tsaoráid de chuid na feirme go dtí go mbeidh údarás inniúil an Bhallstáit feirme i láthair go fisiceach. Déanfar faireachán i gcónaí ar shuíomh agus ar ghníomhaíocht an tsoithigh tarraingthe sin.’

- (6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 46a, mír 6:

‘6. Cuirfear éisc i gcaighean roimh an 22 Lúnasa gach bliain, mura rud é go soláthróidh údarás inniúla an Bhallstáit atá freagrach as an bhfeirm cúiseanna bailí, lena n-áirítear *force majeure*, agus beidh na cúiseanna sin ag gabháil leis an tuarascáil cur i gcaighean nuair a chuirfear isteach í. Ní bheidh feidhm ag an spriocdháta thuas i gcás aistrithe idir feirmeacha.’

- (7) In Airteagal 49, cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

‘2a. I gcás dálaí moirtiúlachta leanúnacha i limistéar na feirme, féadfaidh údarás inniúil CPC na feirme a údarú go ndéanfar an cur i gcaighean rialaithe lasmuigh den fheirm, i limistéar cóngarach ina bhfuil infheictheacht leordhóthanach. Doiciméadóidh CPCanna tomhas na moirtiúlachta de réir modhanna caighdeánacha.’

- (8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 56b, mír 1:

‘1. Ní dhéanfar aistriú laistigh den fheirm mura mbeidh údarú tugtha ag údarás inniúil an Bhallstáit feirme. Déanfar gach aistriú a thaifeadadh le ceamaraí rialaithe chun líon na dtuinníní gorma aonair a aistríodh a dhearbhu. Chomhlíonfaidh an fistaifeadadh na híoschaighdeáin maidir le nósanna imeachta fistaifeadta a leagtar amach in Iarscríbhinn X. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit feirme faireachán ar na haistrithe sin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí na fis-sleachta a fhíorú, agus áiritheoidh sé go ndéanfar gach aistriú laistigh den fheirm a thaifeadadh i gcóras r-DGTG.’

- (9) In Airteagal 56b, cuirtear isteach mír 1a nua mar a leanas:

‘1a. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit feirme lamháil earráide 5 % a cheadú, ar a mhéad, idir líon na dtuinníní gorma aonair a fuarthas mar thoradh ar an measúnú ar thabhairt anonn agus líon na dtuinníní aonair a measadh a bheith i láthair sa chaighean. I gcás ina bhfuil an difríocht sa raon difríochta níos mó ná 5 %, ordóidh

údarás inniúil an Bhallstáit feirme go scaoilfear an líon comhfhreagrach de thuinníní gorma aonair. Déanfar an oibríocht scaoilte a sheoladh i gcomhréir le hIarscríbhinn XII. Ní cheadófar cúiteamh as difríochtaí idir caighin éagsúla ar an bhfeirm.’

- (10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 66, mír 1, pointe (b):
- ‘(b) na sprioc-amanna ar fúthu nach mór faisnéis a thuairisciú mar a leagtar síos in Airteagal 7(2)(a), Airteagal 9(1), Airteagal 16(1) agus (2), Airteagal 24(4), Airteagal 26(1), Airteagal 29(1), Airteagal 32(2) agus (3), Airteagal 35(5) agus (6), Airteagal 36, Airteagal 41(3), Airteagal 44(2), Airteagal 52(2), Airteagal 57(5), pointe (b), agus Airteagal 58(6);’
- (11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 66, mír 1, pointe (c):
- ‘(c) na tréimhsí ama le haghaidh tréimhsí iascaireachta dá bhforáiltear in Airteagal 17(1), (2), (3) agus (4);’
- (12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 66, mír 1, pointe (e):
- ‘(e) na céatadáin agus na paraiméadair thagartha a leagtar síos in Airteagal 13, Airteagal 15(3) agus (4), Airteagal 20(1), Airteagal 21(2), Airteagal 38(1), Airteagal 44(2), Airteagal 46(1)(a), Airteagal 50 agus Airteagal 51(8);’
- (13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 66, mír 1(f):
- ‘(f) an fhaisnéis atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin agus dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(a), Airteagal 11(1), Airteagal 16(1), Airteagal 24(1), Airteagal 25(3), Airteagal 29(1), Airteagal 30(5), Airteagal 32(1), Airteagal 34(2) agus Airteagal 40(1);’
- (14) In Airteagal 66, mír 1, cuirtear isteach an pointe (o) seo a leanas:
- ‘(o) an fhaisnéis sna tuarascálacha laethúla maidir le gabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 32(1), an fhaisnéis maidir le réamhfhógra faoi ghabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear in Airteagal 34(2), an fhaisnéis atá le háireamh i réamhfhógra aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 40(1).’

Airteagal 8

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán